Kerry Local Authorities

Údaráis Áitiúla Chiarraí

Annual Report 2013

Tuarascáil Bhliantúil 2013

CLÁR

Réamhrá An Mhéara
Ráiteas an Bhainisteoir Contae

AN STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

TUAIRISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ
Baill Chomhairle Contae Chiarraí
Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle
Tuairisc ar Chruinnithe Toghcheantar
Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach
Baill na mBord/na gCoistí
Comhdhálacha

TUAIRISCÍ FEIDHME NA STIÚRTHÓIRÍ
Stiúrthóir Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta
Stiúrthóir Bóithre, Iompair & Sábháilteachta
Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil
Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Éigeandála
Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana
Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

RÁITEAS AIRGEADAIS
Bainistiú Airgeadais
Éifeachtúlacht & Tíosacht

TUAIRISC Ó BHORD FIONTAR CHONTAE CHIARRAÍ
Bord Fiontar Chontae Chiarraí

TUAIRISCÍ Ó NA COMHAIRLÍ BAILE
Trá Lí
Cill Airne
Lios Tuathail

TÁSCAIRÍ NÁISIÚNTA SEIRBHÍSÍ
ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN CORPARÁIDEACH
CATHAOIRLIGH/MÉARAÍ CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

Réamhrá An Mhéara

Tá ríméad orm mar Mhéara Chiarraí an Tuarascáil Bhliantúil seo 2013 de chuid Comhairle Contae Chiarraí a chur i láthair.

Níl dabht ar domhan ach gur tharla athrú suntasach le bliain anuas maidir le struchtúr is le todhchaí an Rialtas Áitiúil in Éirinn. Tá dhá ghné faoi leith a raghaidh i bhfeidhm go mór ar an bfeidhmiú, ní hamháin i gCiarraí ach ar fud na tíre ar fad.

Toisc gur bunaíodh Uisce Éireann, a bheidh freagrach as bonneagar uisce agus fuíollusce ó thús na bliana 2014, beidh athrú ollmhór ar bhainistíocht agus ar sholáthar uisce i gContae Chiarraí agus in Éirinn.

Tá tabhacht faoi leith ag baint le gréasán iontaofa seirbhísí uisce sa chontae seo agus sinn ag brath go mór ar thalmhaíocht agus ar thurasóireacht; i dteannta na mball eile tofa idir áitiúil agus náisiúnta beidh mé ar mo dhícheall lena chinntiú go gcuirtear an infheistíocht chuí isteach i ngréasán uisce Chiarraí.

Is mian liom foireann an Roinn Seirbhísí Uisce laistigh is lasmuigh, idir chléireachais agus teicniúil, a mholadh go hard as a gcuid saothair. Beidh ról tábhachtach fós acu maidir le huisce glan ardchaighdeáin a sholáthar mar is iad Comhairle Contae Chiarraí a bheidh i mbun an ghréasáin uisce ar son Uisce Éireann ar bhonn gníomhaireachta.

Athrú mór eile is ea athchóiriú an struchtúr Rialtas Áitiúil a chuimsíonn díobhadh na gComhairlí Baile.

Le blianta fada tá clú agus cáil ar na Comhairlí Baile as a bheith ag freastal go héifeachtach rathúil ar cheantair uirbeacha an chontae. Anso i gCiarraí níor stad foireann ná baill tofa Comhairlí Baile Thrá Lí, Lios Tuathail ná Cill Airne de bheith ag saothrú go díograiseach ar son na gceantar úd. Is fuirist torthaí an tsaothair úd a fheiscint go soiléir thart timpeall orainn i gcónaí.

Beidh dúshlán mór roimh Chomhairle Contae Chiarraí a leithéid de ghaisce a leanúint ach fós táim cinnte go n-éireoidh linn an beart a dhéanamh.

Le bliain anuas is fíor a rá go raibh cúrsaí eacnamaíochta mar a bheadh scáil á caitheamh ar ár gcuid iarrachtaí maidir le Ciarraí a fheabhsú ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

É sin ráite áfach, tharla forbairtí móra i rith na bliana. Ba é an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta, Jimmy Deenihan TD a d'oscail go hoifigiúil Seachród Thrá Lí mí Lúnasa ar chostas €98m. Raghaidh sé sin go mór chun leas lár an bhaile agus beidh tionchar dearfach dá réir ar Thra Lí do lucht gnó is do mhuintir na háite araon.

Cuireadh tús le scéim tábhachtach do Chorca Dhuibhne is do thurasóireacht an chontae mí Iúil nuair a d'oscail an tAire Iompair, Turasóireachta & Spóirt, Leo Varadkar TD an Scéim Fheabhsúcháin N86 Abhainn an Scáil go Gort Bréagóg. Is trua go bhfuil deacrachtaí maidir leis an scéim a chríochnú ó thaobh cúrsaí pleanála de ach go súil againn go mbeifear in ann an cás a réiteach agus dul ar aghaidh leis an scéim.

Mar fhear Chorca Dhuibhne, bhaineas an-shásamh as a bheith i láthair mar Mhéara nuair a osclaíodh an scéim úd. Ar an dul céanna bhíos bródúil as slabhra an Mhéara a bheith orm nuair a d'oscail an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tUas. Phil Hogan TD Céim 2 Laistigh ar Sheachród Daingean Uí Chúis. Táim ag súil go mór leis an dul chun cinn seo a éascóidh sruth na tráchta thart ar an mbaile mór, go háirithe le linn biaiste na gcuairteoirí i rith an tsamhraidh.

Feabhsaíodh go mór an soláthar uisce in áiteanna éagsúla nuair a d'oscail an tAire Ó hÓgáin na fearais Chóireála Uisce agus Fuíolluisce An Coireán. Ba mhór an pléisiúr dom Soláthar uasghrádaithe Uisce agus Fuíolluisce An Mhuiríoch – Baile Breac, a mbím fein ag tarraingt as sa bhaile, a oscailt mí na Nollag. Mar a luadh anso thuas, ní mór duinn go léir brú ar aghaidh lena chinntiú go leantar dá leithéid d'infheistíochta.

Cuid lárnach den gheilleagar againn is ea an turasóireacht agus da réir sin bíonn Comhairle Contae Chiarraí ag saothrú le pobail aitiúla i dtreo freastal mar is cóir ar chuairteoirí a thagann ó chian is ó chóngar.

Mar Chomhairle níor chás dúinn a bheith ag saothrú go dian le pobail aitiúla i dtreo feabhas ar a gcúrsaí fein is ar an gcontae. Chuige sin dhein gach éinne an-iarracht ar fad chun go mbeadh rath thar na bearta ar An Tóstal. Gabhaim buíochas le cách a bhí bainteach le breis is 200 ócáid ar fud Chiarraí le linn 2013, rud a tharraing na mílte cuairteoirí chugainn.

Sin í an saghas iarracht a sháróidh na dúshláin a bhíonn romhainn, sinn ag obair as láimh a chéile go muiníneach sa todhchaí.

Is í an aidhm chéanna atá is a bheidh romhainn go léir, idir fhoireann agus bainistíocht Chomhairle Contae Chiarraí, is é sin Ciarraí a fheabhsú. Gabhaim buíochas leo go léir as a saothar agus as a bheith ag cabhrú liom féin agus leis na baill tofa ar fad. Toisc go ndíobhfar na Comhairlí Baile, beidh seisear ball sa bhreis againn tar éis toghcháin áitiúla 2014, ach fós mar Chomhairle, beimid ar ár ndícheall ag freastal ar mhuintir Chiarraí is ar an gcontae i ngach aon slí.

An Comh Séamus Cosaí Mac Gearailt
Méara Chiarraí

Ráiteas an Bhainisteoir Chontae

Mar Bhainisteoir Chontae Chiarraí, cuirim i láthair Tuarascáil Bhliantúil Údarás Áitiúla Chiarraí don bhliain 2013.

Leanadh den tionchar a bhíonn ag an gcúlú eacnamaíochta ar chumas Chomhairle Contae Chiarraí seirbhísí a sholáthar. Bíonn srian ar bhuiséid agus laghdú ar mhaoiniú ón rialtas lárnach, dá bhrí sin caitheann bainistíocht Chomhairle Contae Chiarraí cinntí a thógaint a bhíonn deacair go leor, ach an bhéim i gcónaí ar sheirbhísí lárnacha a sholáthar.

Dealraítear nach dtiocfaidh aon athrú go ceann bliana, níltear cinnte faoi athruithe ar an samhail mhaoinithe agus ní fios cén leibhéal maoinithe a bheidh ag dul do Chomhairle Contae Chiarraí ón gCiste Rialtas Lárnach.

Seo maoiniú do sheirbhísí atá ríthábhachtach anso i gCiarraí, mar shampla Seirbhísí Éigeandála, bóithre, faichí agus clóis súgartha, glantachán sráide agus trá, maoir bhruscair, leabharlanna, soilsiú poiblí agus mórán eile. Ní mór dúinn go léir a bheith ag saothrú le chéile agus caithfimid brú ar aghaidh lena chinntiú go leantar den infheistíocht atá riachtanach dúinn.

Mar sin féin, áfach, is fíor gur baineadh leas as infheistíocht i dtionscnaimh áirithe bonneagair i rith na bliana 2013. Luaigh an Méara cheana féin seachród Thrá Lí agus an Scéim Fheabhsúcháin N86 Abhainn an Scáil go Gort Bréagóg. Táimse freisin ag súil gur féidir an scéim N86 idir An Com agus Daingean Uí Chúis a bhrú ar aghaidh, rud a bheadh mar bhuntáiste an-mhór i gceantar Chorca Dhuibhne.

Tá súil agam leis go ndéanfar dul chun cinn maidir le seachród a fhorbairt do Bhaile Lios Tuathail, tionscnamh a raghadh chun leas Chiarraí Thuaidh ar fad.

Mar Chomhairle Contae, caithfimid a bheith i gcónaí ag faire ar dheiseanna forbartha laistigh den chontae, ní mór a thuiscint nach féidir a bheith ag brath i gcónaí ar ar chomhlachtaí is ar eagraíochtaí náisiúnta chun an contae seo againne a chur chun cinn ag leibhéal domhanda.

Ar an dul céanna, bhraithinn i gcónaí go ligeadh turas na Féile Pádraig ar Mheiriceá dúinn buntáiste a bhaint as an gceiliúradh, bhíodh seans againn bualadh le lucht gnó agaus turasóireachta, an contae a chur chun cinn maidir le cuairteoirí agus lucht gnó a mhealladh chugainn. Leanaimid den ghné úd i gcomhar le hInstitiúid Theicneolaíochta Thrá Lí agus caidreamh bunaithe cheana féin le páirtithe éagsúla in earnála tábhachtacha

Le bliain anuas forbraíodh caidreamh le cúige *Zhejiang* na Síne, tháinig oifigigh shinsearacha go Ciarraí agus síníodh meamram tuisceana. Féadfar réimsí a fhorbairt mar thalmhaíocht agus oideachas agus chítear dom go raghaidh sé seo chun leas Chiarraí go luath agus amach anseo.

Táimid i bpáirt chomh maith le pobail áitiúla is leis na comhlachtaí náisiúnta turasóireachta chun an contae a chur cinn ar bhonn leathan turasóireachta.

Sampla dá leithéid de chomhoibriú is ea forbairt Tigh Solais An Seithe ar Oileán Dairbhre mar ionad turasóireachta. Táthar ag obair ar an dtionscnamh úd a chur chun cinn ar fud an chontae.

Gan dabht ní mór dom trácht ar na hathruithe a tháinig ar an struchtúr rialtais áitiúla. Luaigh an Méara bunú Uisce Éireann agus díobhadh na gComhairlí Baile. Le fada an lá tá Comhairle Contae Chiarraí ag freastal go héifeachtach ar an gcontae mar údarás uisce agus beimid fós i mbun an ghréasáin uisce ar son Uisce Éireann ar bhonn gníomhaireachta. Gabhaim buíochas ó chroí agus molaim go mór foirne agus baill tofa Comhairlí Baile Thrá Lí, Lios Tuathail agus Cill Airne as a bheith ag saothrú go díograiseach le blianta fada.

Toisc gur oibrigh mé ag leibhéal Comhairle Baile agus mar Bhainisteoir ar Bhaile Chill Airne, tuigim go rímhaith a mbíonn i gceist le freastal ar mhuintir na mbailte úd agus tuigim tiomantas foirne agus ball tofa laistigh dá bpobail fhéin. Cuma cen struchtúr a bhíonn againn, cuirfimid na bailte seo chun cinn is iad fíorthábhachtach do gheilleagar Chiarraí.

De dheasca díobhadh na gComhairlí Baile ní mór struchtúr Chomhairle Contae Chiarraí a athrú. D'éirigh go breá go dtí seo leis an struchtur a bhí againn, ach toisc go mbaintear feidhmeanna áirithe ní mór na struchtúir a scrúdú go géar. Tá sé mar aidhm againn struchtúr a chruthú a bheidh go hiomlán oiriúnach do na dúshláin a bheidh romhainn agus a ligfidh dúinn feastal ar an bpobal mar is cóir.

Gan dabht beifear gnóthach dá réir i rith 2014 agus toghcháin aitiúla againn leis i lár na bliana. Gabhaim buíochas leis na baill tofa go léir, molaim an saothar acu le cúig bliana anuas agus guím gach rath orthu sna toghcháin. Níl sé fuirist a bheith i do bhall tofa na laethanta seo agus caithfear anois bhur gcuid oibre ar fad ar son pobal an chontae a aithint anso.

Mar fhocal scoir, d'fhógair mé cheana féin go mbead ag éirí as a bheith mar Bhainisteoir Chontae Chiarraí ar ball beag. Dheineas dianmhacnamh sular thógas an cinneadh úd, ach táim cinnte go bhfuil scileanna agus taithí ag an bPríomh-Oifigeach a thiocfaidh mar chomharba, ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann go léir chun an Chomhairle seo is an Contae a bhrú ar aghaidh. Bhain mé ardtaitneamh as mo chuid oibre i gComhairle Contae Chiarraí agus onóir ab ea é a bheith in ann freastal oraibh mar Bhainisteoir Contae. Tá súil agam gur dheineas leas éigin le linn na haimsire úd agus táim thar a bheith buíoch do chách as an dea-mhéin is as an gcineáltas.

Tom Curran
Bainisteoir Chontae Chiarraí

AN STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2013

Baill Chomhairle Contae Chiarraí
Tá 27 Comhairleoir ar son cúig thoghcheantar – Daingean Uí Chúis, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí.

An Méara: An Comh. Séamus Cosaí Mac Gearailt
An Leas-Mhéara: An Comh. Jim Finucane

Toghcheantar Áitiúil Trá Lí:-

Comh Toiréasa Ferris, Cnocáin, Bearrúin, Ard Fearta (Sinn Féin)
Comh Jim Finucane, 6 Sráid Éadbhaird, Trá Lí (Fine Gael)
Comh Norma Foley, St. Joseph's Guest House, 2 Rae Staughton, Trá Lí (Fianna Fáil)
Comh Pat McCarthy, Maglass, Baile Mhic Uileagóid, Trá Lí (Fine Gael)
Comh Anne McEllistrim, Áthán, Baile Mhic Uileagóid, Trá Lí (Fianna Fáil)
Comh Terry O'Brien, Tonevane, Trá Lí (Lucht Oibre)
Comh Gillian Wharton-Slattery, Rose Cottage, An Baile Ard, Trá Lí (Lucht Oibre)

Toghcheantar Áitiúil Cill Airne:-

Comh Brendan Cronin, Rathcommane, Baile Uí Aichir, Cill Airne
Comh John Joe Culloty, Cnoc na Sceiche, Cill Airne (Fianna Fáil)
Comh Michael Gleeson, Claisín, Cill Airne (Cónaidhm Neamhspleách Ciarraí Theas)
Comh Danny Healy-Rae, Príomh-Shráid, Cill Gharbháin
Comh Breeda Moynihan Cronin, 10 Garrán Mhucrois, Cill Airne (Lucht Oibre)
(Comhthoghadh An Comh Sean Counihan 20 Bealtaine 2013, in ionad An Chomh Breeda Moynihan Cronin a d'éirigh as Comhairle Contae Chiarraí)
Comh Bobby O'Connell, 15 Príomh-Shráid, Oileán Chiarraí (Fine Gael)
Comh John Sheahan, An Cúil Garbh, Bóthar Thrá Lí, Cill Airne (Fine Gael)

Toghcheantar Áitiúil Lios Tuathail:-

Comh Robert Beasley, 'Púicín', Bóthar an Dúna, Baile an Bhuinneánaigh (Sinn Féin)
Comh John Brassil, Siopa Poitigéara, Baile Uí Thaidhg (Fianna Fáil)
Comh Tim Buckley, An Cnocán, Lios Tuathail (Fine Gael)
Comh Pat Leahy, Clounbrane, Maigh Mheáin (Lucht Oibre)
Cllr Liam Purtill, Sráid an Ché, Béal Átha Longfort (Fine Gael)

Toghcheantar Áitiúil Cill Orglan:-

Comh Michael Cahill, Ros Beithe, Gleann Beithe
Comh Patrick Connor-Scarteen, 5 Príomh-Shráid, An Neidín (Fine Gael)
Comh PJ Donovan, Sráid Ard, Cathair Saidhbhín (Fine Gael)
Comh Johnny Healy-Rae, Príomh-Shráid, Cill Gharbháin
Comh Paul O'Donoghue, Clochán Mac Cuinn, Cathair Saidhbhín (Fianna Fáil)

Toghcheantar Áitiúil Daingean Uí Chúis:-

Comh Séamus Cosaí Fitzgerald, Droichead Bán, Na Gleannta, Daingean Uí Chúis (Fine Gael)
Comh Matt Griffin, Sleepy Hollows, Ard Cánachta, An Chill, Caisleán na Mainge (Fine Gael)
Comh Michael O'Shea, Príomh-Shráid, Baile an Mhuilinn (Fianna Fáil)

Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle

Bíonn Cruinniú na Comhairle ar an dtríú Luan in aghaidh na míosa ach amháin an dara Luan mí Meán Fómhair, ná ní thionóltar aon chruinniú mí Lúnasa.

Is i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí a thagann siad le chéile.

Le linn 2013 tháinig an Chomhairle iomlán le chéile 18 uaire.

Tá sé de dhualgas tábhachtach ar an gComhairle polasaí a dhréachtadh chun soláthar éifeachtach seirbhísí a chinntiú do phobal Chiarraí. Tógadh na cinntí móra seo a leanas le linn 2013:

- Bunaíodh Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Cathair Saidhbhín, An Coireán agus An tSnaidhm 2013 - 2019 (Cruinniú mí Eanáir)
- Glacadh leis an gClár Oibreacha Bóthair 2013 (Cruinniú Speisialta mí Márta)
- Bunaíodh Fo-dhlíthe Trá Comhairle Contae Chiarraí 2013 (Cruinniú mí Bealtaine)
- Glacadh leis an Scéim Deontas Ardoideachais 2013 (Cruinniú an Mheithimh)
- Bunaíodh Plean um Bhainistiú Bruscair Chomhairle Contae Chiarraí 2013-2016 (Cruinniú mí Iúil)
- Bunaíodh Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Lios Tuathail/Baile an Bhuinneánaigh 2013-2019 (Cruinniú mí Iúil)
- Bunaíodh Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Mol Trá Lí/Cill Airne 2013-2019 (Cruinniú Meán Fómhair)
- Glacadh le Scéim Gaeilge d'Údaráis Áitiúla Chiarraí (2014-2017) (Cruinniú Mí na Nollag)

Fáiltithe Cathartha/An Mhéara/Ceantar 2013

Fáiltithe Cathartha 2013

- Siobhan Fleming Uas., a bhí ar Fhoireann Rugbaí Ban na hÉireann a bhuaigh an Corn 6 Náisiún RBS

Fáiltithe An Mhéara 2013

- Foireann Peil Sóisear Chiarraí a bhuaigh Craobh Peil Sóisear na hÉireann 2012

- Foireann Iománaíochta Mionúr Chiarraí a bhuaigh Craobh Iománaíochta Mionúr B na hÉireann 2012

- Tim Corkery – mar aitheantas dá shaothar leanúnach ar son othar a mbíonn ailse orthu

- Club Mótar Thrá Lí & Club Mótar Chill Airne agus an Ceantar – mar aitheantas dá bhfuil déanta acu is iad ag fáiltiú roimis ócáidí slógadh Náisiúnta/Idirnáisiúnta

- Fleá fulachta do Rósanna Thrá Lí 2013, dá muintir is do na hionaid

Fáiltithe Toghcheantar 2013

- Foireann Club Galf Cill Orglan a bhuaigh Sciath 2013 na Mumhan Jimmy Bruen

- Foireann Club Galf Baile an Bhuinneánaigh a bhuaigh Corn Sóisear na hÉireann 2013

Tuairisc ar Chruinnithe Toghcheantar 2013

Toghcheantar	Cathaoirleach	Bainisteoir Ceantair	Líon Cruinnithe
Daingean Uí Chúis	Comh. Seamus Cosaí Fitzgerald	An tUas. Seán Ó Floinn	4
Cill Airne	Comh. Michael Gleeson	An tUas. John Breen	5
Cill Orglan	Comh. Paul O'Donoghue	An tUas. John Flynn	4
Ciarraí Theas & Thiar	Comh. PJ Donovan	An tUas John Flynn	1
Lios Tuathail	Comh. Robert Beasley	An tUas. Charlie O'Sullivan	5
Trá Lí	Comh. Pat McCarthy	An tUas. Michael McMahon	5

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

Grúpa Polasaí Corparáideach

Coiste de chuid na Comhairle is ea an Grúpa Polasaí Corparáideach ar a bhfuil an Méara agus Cathaoirligh na gcúig gCoistí Polasaí Straitéiseach. Fóram is ea an Coiste chun moltaí polasaí a phlé sula gcuirtear iad os comhair na Comhairle iomlán agus chuige sin bíonn an Coiste ag déanamh comhordú ar obair na CPS. Is í an Chomhairle iomlán a thógann na cinntí ar deireadh faoin bpolasaí a chuirtear faoina bráid sa chóras seo.

Bhí 11 gcinn de chruinnithe ag an GPC i 2013.

CPS Iompair

Tuairisc ón gComh Patrick Connor Scarteen (Cathaoirleach)

Le linn 2013 phléigh an coiste na gnéithe seo a leanas:-

- Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 – Beartais Lárnacha
- Coimriú ar Shoilsiú Poiblí is ar Chaitheamh
- Coimriú ar Straitéis Iompair Thrá Lí
- Uasdátú ar Shlite Siúlóide/Raonta Rothar sa Chontae
- Ceisteanna a bhain le Fo-dhlíthe don Neidín um Thrádáil Ócáideach
- Coimriú Aerfort Chiarraí ar Pholasaí Comhtháite Eitleoireachta na hÉireann
- Coimriú Kerry Flyer Ltd. ar an seirbhís inrochtana iompair pobail

Ballraíocht 2013

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh. Patrick Connor-Scarteen (Cathaoirleach)	**Pobal/Deonach**	Carmel Walsh
Comh. Johnny Healy-Rae	**Ceardchumainn**	John Boner
Comh. Pat Leahy	**Talmhaíocht/Feirmeoireacht**	Pat Flahive
Comh. Anne McEllistrim	**Gnó/Lucht Tráchtála**	Michael O'Carroll
Comh. Tim Buckley	**Comhshaoil/Caomhnú**	Oonagh Comerford
Comh. Jimmy Moloney (Comhairle Baile Lios Tuathail)		

CPS Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Tuairisc ón gComhairleoir Brendan Cronin (Cathaoirleach)

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Polasaí Sraitéiseach Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce i 2013. Le linn cruinnithe pléadh na hábhair seo a leanas:

- Cinnteacht soláthar usce ó Loch Coiteáin sa bhfadtéarma
- Bearta chun Lochanna a chosaint ó ghnéithe mar an Diúilicín Riabhach
- Ceist dlíthiúil maidir le Dramhaíl Fheirme mar Ghais Phrátaí, Driseoga agus Fiailí a Dhó í gClós Tí
- Ról an Stáisiún Aistrithe sa todhchaí
- Gá le fo-dhlíthe chun srian a chur le pórtha áirithe madraí in áiteanna poiblí is chun fógraí um shabháilteacht phoiblí a chur in airde
- Fo-dhlíthe Trá – Athbhreithniú Molta
- Coimriú ar Chlár Monatóireachta EPA um Uisce Inólta
- Coimriú ar Thrasnú Chiarraí, Iniúchadh Fuinnimh do Chontae Chiarraí
- Coimriú ar Neamhspleáchas Bia
- Díospóireacht ar fhorbairt polasaí/straitéis Inmharthanachta do Chiarraí
- Coimriú ar Uisce Éireann
- Méadrú Uisce Tí
- An Ghlúineach Bhiorach – Baol Comhshaoil
- Bádóireacht ar lochanna Chill Airne maidir le haighneacht a sheoladh chuig An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiuil faoina leithéid a bhainistiú
- Meitheal Smaointe a dhírigh ar cheisteanna comhshaoil/inmharthanachta agus ar thionscnaimh mar fhéidearthachtaí sa chontae
- Coimriú ar Chaitheamh Fuinnimh is ar chostas fuinnimh i gCiarraí sa todhchaí
- Uasdátú ón Mheitheal Smaointe le IT Trá Lí faoi thionscnaimh chuí
- Ceisteanna maidir le Dabhaigh Mhúnlaigh, Scéimeanna Séarachais agus le Grúpscéimeanna
- Uasdátú ar an bhforbairt Sraith Giolcach ag Moing na Meannán
- An Plean Nua Réigúnach um Bhainistiú Dramhaíola a Ullmhú

Ballraíocht 2013

Comhairleoirí	***Ar son Earnála***	***Ionadaithe***
Comh. Brendan Cronin (Cathaoirleach)	**Pobal/Deonach**	Seamus Roche
Comh. Michael Gleeson	**Comhshaoil/Caomhnú**	Susan Vickers
Comh. Paul O'Donoghue	**Forbairt/Foirgníocht**	Sean Clifford
Comh. Jim Finucane	**Talmhaíocht/Feirmeoireacht**	Conor Creedon
Comh. Matt Griffin		
Comh. Denis Stack (Comh Baile Lios Tuathail)		

CPS Pleanáil & Forbairt Gheilleagair

Tuairisc ón gComhairleoir Pat McCarthy (Cathaoirleach)

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste le linn 2013 agus pléadh na ceisteanna seo a leanas:-

- Athbhreithniú ar an bPlean reatha Forbartha Chontae Chiarraí 2009-2015 ***(cuireadh tús leis seo 27 Márta 2013)*** agus ullmhú Dréachtphlean nua Forbartha Chontae Chiarraí 2015-2021

- Ciorclán PL 7/13 maidir le hOrduithe ón Aire a eisíodh faoi Alt 31 den Acht (Leasú) um Phleanáil & Forbairt 2010

- Ciorclán maidir le Treoir Polasaí (Forfheidhmiú Pleanála) um Phleanáil & Forbairt 2013

- Aonad Eastat Tithíochta – ceisteanna éagsúla lena chinntiú go gcríochnófar mar is cóir na heastáit sa chontae nar críochnaíodh fós

Ballraíocht 2013

Comhairleoirí	***Ar son Earnála***	***Ionadaithe***
Comh. Pat McCarthy (Chair)	**Comhshaoil/Caomhnú**	Catherine McMullin
Comh. John Brassil	**Ceardchumainn**	Patrick Hanafin
Comh. Séamus Fitzgerald	**Talmhaíocht/Feirmeoireach**	James McCarthy
Comh. Michael O'Shea	**Gnó/Lucht Tráchtála**	Bláithín McElligott
Comh. John Sheahan		
Comh. Terry O'Brien		
Comh. Cathal Walshe (Comhairle Baile Chill Airne)		

CPS Pobal, Cultúr & Turasóireacht

Tuairisc ón gComhairleoir Michael Cahill (Cathaoirleach)

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Pobal, Cultúr & Turasóireacht i 2013 agus pléadh na ceisteanna seo a leanas:-

- Léiriúchán ag Féile Scannán Chiarraí – léirmheas ar shaothar na féile is plean 2013 um aird ar Chiarraí mar láthair ghlactha scannán
- Dréachtstraitéis Chomhairle Contae Chiarraí um Chaidreamh Pobail
- Uasdátú ar athbhreithniú is comhairliúchán poiblí do Phlean Forbartha Chontae Chiarraí
- Coimriú ar "Daoine chun Tosaigh" – feabhas ar ról na Comhairle
- Leabharlann Chiarraí – Dréachtstraitéis Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí 2013 – 201, Plean Forbartha Leabharlann Chiarraí, Aguisín don tréimhse 2013 - 2014
- Tuarascáil Bhliantúil 2012 ón Oifig Náisiúnta Cosc ar Fhéinmharú – sonraí Chontae Chiarraí
- Bheartaigh an CPS smaoineamh ar phróiseas pleanála/comhordaithe d'ócáidí 2016 i gCiarraí ar uair Cothrom Céad Bliain Éirí Amach na Cásca
- Léiriú Oíche Chultúrtha 2013 i gCiarraí agus Raon Ceol Sliabh Luachra
- Aighneacht CPS chuig Oidhreacht Chorca Dhuibhne um Phlean Teanga & Pobal do Chorca Dhuibhne
- Straitéis Imeascadh Chiarraí 2010 – 2012; Athbhreithniú uirthi agus síneadh chomh fada le 2013 - 2014
- Plean Ealaíon Chiarraí – síneadh chomh fada le 2013-2014
- Uasdátú ón Seirbhís Leabharlainne, Bord Forbartha Contae, Roinn Pobal & Fiontar, Oifig Ealaíon agus Oifig na Gaeilge ag gach cruinniú

Ballraíocht 2013

Baill CPS Pobal, Cultúr agus Turasóireacht		
Comhairleoirí	***Ar son Earnála***	***Ionadaithe***
Comh. Johnny Healy-Rae (Cathaoirleach)	Ceardchumainn	An tUas. Andrew McCarthy
Comh. Robert Beasley	Pobal/Deonach	Maura Fitzgerald Uas.
Comh. Bobby O'Connell	Pobal/Deonach	An tUas. Matt Mooney
Comh. Liam Purtill	Gnó/Lucht Tráchtála (Turasóireacht)	Mary Rose Stafford Uas.
Comh. Michael Cahill		
Comh. Mairead Fernane	Comhairle Baile Thrá Lí	

CPS Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta

Tuairisc ón gComhairleoir Sean Counihan (Cathaoirleach)

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta i 2013 agus pléadh na ceisteanna seo a leanas:-

- An Tionscadal Tithíocht Shóisialta ar Léas & An Scéim um Chóiríocht ar Cíos
- Measúnuithe Tithíocht Shóisialta (Coimriú) 2013
- Dáileadh Caipitiúil don Scéim Deontas um Thithíocht a chur in Oiriúint do Lucht Scothaosta agus Míchumais
- Clár Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta 2013
- Scéimeanna Deontas um Thithíocht a chur in Oiriúint do Lucht Scothaosta agus Míchumais
- Plean Gníomh Réigiúnach um Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean 2014-2016
- Feasacht Cosaint Leanaí – Ceisteanna maidir le Seirbhísí Tithíochta
- Clár Molta um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018
- Prótacal um Thacaíochtaí Tithíochta do Lucht Míchumais
- Clár Feidhmiú Fuinnimh 2013
- Moltaí chun fáil réidh le tithe aonair i léig faoin dtuath

Ballraíocht 2013

Comhairleoirí	***Ar son Earnála***	***Ionadaithe***
Comh. Sean Counihan (Cath) *Comhthoghadh An Comh Sean Counihan 20 Bealtaine 2013, in ionad An Comh Breeda Moynihan Cronin a d'éirigh as Comhairle Contae Chiarraí*	**Pobal/Deonach**	John O'Sullivan,
Comh. PJ Donovan	**Pobal/Deonach**	Mary Grandfield,
Comh. John Joe Culloty	**Pobal/Deonach**	Eileen Mayse
Comh. Norma Foley	**Forbairt/Foirgníocht**	Sean Clifford
Comh. Gillian Wharton-Slattery		
Comh. Toiréasa Ferris		
Comh. Seán O'Grady (Comhairle Baile Chill Airne)		
Comh. Pat Hussey (Comhairle Baile Chill Airne)		

Baill na mBord/na gCoistí 2013

Coiste Iniúctha	Cathaoirligh na CPS
Comh. Liam Purtill Comh. Terry O'Brien	**Pobal, Cultúr & Turasóireacht** Comh. Johnny Healy Rae **Pleanáil & Forbairt Gheilleagair** Comh. Pat McCarthy **Bóithre & Iompar** Comh. Patrick Connor-Scarteen **Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta** Comh. Sean Counihan *(Comhthoghadh An Comh Sean Counihan 20 Bealtaine 2013, in ionad An Comh Breeda Moynihan Cronin a d'éirigh as Comhairle Contae Chiarraí)* **Comhshaoil & Seirbhísí Uisce** Comh. Michael Gleeson
Coiste Uisce Tuaithe Chontae Chiarraí	**Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil**
Comh. Michael O'Shea Comh. John Sheahan Comh. Matt Griffin Comh. Gillian Wharton-Slattery Comh. Sean Counihan *(Comhthoghadh An Comh Sean Counihan 20 Bealtaine 2013, in ionad An Comh Breeda Moynihan Cronin a d'éirigh as Comhairle Contae Chiarraí)* Comh. Patrick Connor-Scarteen	Comh. John Joe Culloty Comh. Jim Finucane Comh. Sean Counihan *(Comhthoghadh An Comh Sean Counihan 20 Bealtaine 2013, in ionad An Comh Breeda Moynihan Cronin a d'éirigh as Comhairle Contae Chiarraí)* Comh. Tim Buckley

Cumann Comhairlí Baile agus Cathrach	**IRD Dúiche Ealla**
Comh. Michael O'Shea Comh. P.J. Donovan Comh. John Sheahan	Comh. John Sheahan Comh. Sean Counihan *(Comhthoghadh An Comh Sean Counihan 20 Bealtaine 2013, in ionad An Comh Breeda Moynihan Cronin a d'éirigh as Comhairle Contae Chiarraí)*
Bord Fiontar Chontae Chiarraí Teo.	**Seirbhís Oideachais Chiarraí**
Comh. Anne McEllistrim Comh. Jim Finucane Comh. Gillian Wharton-Slattery Comh. Terry O'Brien	Comh. John Brassil Comh. Anne McEllistrim Comh. Norma Foley Comh. Tim Buckley Comh. Seamus Fitzgerald Comh. Jim Finucane Comh. P.J. Donovan Comh. Terry O'Brien Comh. Sean Counihan *(Comhthoghadh An Comh Sean Counihan 20 Bealtaine 2013, in ionad An Comh Breeda Moynihan Cronin a d'éirigh as Comhairle Contae Chiarraí)*
Coiste Teagmhála Pháirc Náisiúnta Chill Airne	**Cumann Comhaltaí Údarás Áitiúla**
Comh. John Sheahan	Comh. Pat Leahy
	Comhar Forbairt Chiarraí Thuaidh agus Thiar
	Comh. John Joe Culloty Comh. Tim Buckley Comh. Gillian Wharton-Slattery

Fóram Réigiúnach Sláinte – Theas	Údarás Réigiúnach Thiar-Theas
Comh. John Joe Culloty Comh. Matt Griffin Comh. Bobby O'Connell Comh. Brendan Cronin Comh. Gillian Wharton Slattery	Comh. John Brassil Comh. Michael O'Shea Comh. Liam Purtill Comh. Bobby O'Connell Comh. Seamus Fitzgerald Comh. Pat Leahy Comh. Gillian Wharton-Slattery
Tionól Réigiúnach Thiar-Theas	**Comhar Forbartha Chiarraí Theas Teo.**
Comh. Liam Purtill Comh. Bobby O'Connell	Comh. Michael O'Shea Comh. Johnny Healy-Rae Comh. Michael Cahill
Meitheal Drugaí Réigiún an Deiscirt	**Cumann Oisrí Chuan Trá Lí Teo.**
Comh. Pat Leahy	Comh. Terry O'Brien
Aerfort Chiarraí plc	**Spórt agus Fóillíocht Réigiún Trá Lí Teo.**
Comh. Terry O'Brien	Comh. Terry O'Brien
Bord Rialaithe OÉ Corcaigh	**Bord Turasóireacht Chiarraí Fáilte Éireann**
Comh. Jim Finucane	Comh. Seamus Fitzgerald
Bord Nua Údarás na Gaeltachta	**Comhar Spórt & Fóillíocht Chiarraí**
Comh. Seamus Fitzgerald	Comh. Matt Griffin

Comhchoiste Póilíneachta Chontae Chiarraí		
Comhairleoirí Contae		
Toghcheantar Daingean Uí Chúis	1.	Comh. Matt Griffin
	2.	Comh. Seamus Cosaí Fitzgerald
Toghcheantar Chill Orglan	3.	Comh. Michael Cahill
	4.	Comh. Patrick Connor-Scarteen
	5.	Comh. P.J. Donovan
Toghcheantar Chill Airne	6.	Comh. Bobby O'Connell
	7.	Comh. Michael Gleeson
	8.	Comh. John Joe Culloty
Toghcheantar Lios Tuathail	9.	Comh. Pat Leahy
	10.	Comh. Robert Beasley
	11.	Comh. Tim Buckley
Toghcheantar Thrá Lí	12.	Comh. Norma Foley
	13.	Comh. Jim Finucane
	14.	Comh. Terry O'Brien
Baill an Oireachtais	1.	An Teachta Tom Fleming
	2.	An Teachta Brendan Griffin
	3.	An Teachta Arthur J. Spring
	4.	An Seanadóir Mark Daly
	5.	An Seanadóir Marie Moloney
Baill Phobal agus Deonach	1.	An tUas. John O'Sullivan
	2.	An tUas. Sean Quinlan
	3.	An tUas. Bill Morrell
Baill An Gharda Síochána	1.	An Ceannfort Pat O'Sullivan
	2.	Sáirsint James Foley
Baill Fheidhmiúcháin Chomhairle Contae Chiarraí	1.	An Bainisteoir Contae, An tUas. Tom Curran
	2.	Stiúrthóir Tithíochta, Pobal & Fiontar, An tUas. John Breen

Comhdhálacha ag a raibh Baill Tofa i 2013

Comhdháil/Ócáid	Ionad	Líon i Láthair
Comhdháil Comhaltaí Tofa	Óstán Carlton, Br Átha Cliath, Gaillimh	8
Oifig an Stiurthóir Forfheidhmiú Corparáideach (ODCE)	Seomraí na Comhairle, Comhairle Contae Chiarraí	7
Seimineár Earraigh AMAI 2013	Óstán Brandon House, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman	3
24ú Scoil Gheimhridh Cholmcille	Ionad Oidhreachta Cholmcille, Gartan, Co. Dhún na nGall	9
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	Óstán Cahir House, Co. Thiobrad Árann	2
18ú Comhdháil Bhliantúil Réigiún an Mheán-Iarthair	Óstán Horse and Jockey, Co. Thiobrad Árann	4
61ú Dinnéar Bliantúil Cumann na gCiarraíoch	Óstán Clyde Court, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath	3
ACCC	Óstán Tower, Port Láirge	9
Todhchaí Nua don Rialtas Áitiúil in Éirinn	Óstán Westin, Baile Átha Cliath	1
Comhdháil Forbairt Phroifisiúnta do Chomhairleoirí	Óstán The Four Seasons, Cairlinn, Co. Lú	6
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	Óstán Woodfield House, Br na hInse, Luimneach	6
Comhdháil LAMA	Óstán Ashdown Park, Guaire, Co. Loch Garman	6
Cantillon 2013	Institiúid Theicneolaíochta, Trá Lí	1
11ú Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta	Óstán Lord Bagenal, Leithghlinn an Droichid, Co. Ceatharlach	5
Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach	Áras Rialtais Áitiúil, 35-39 Oileán Uiséir, Baile Átha Cliath	1
Comhdháil Chathair na Mart	Óstán Westport Country Lodge, , Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	5
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	2
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	Óstán an Earagail, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	Óstán Connacht, Br Átha Cliath, Gaillimh	3
Seimineár Con Houlihan 2013	Óstán River Island, Oileán Chiarraí,	14

Comóradh Dhónall Uí Chonaill 2013	Músaem & Reilig Glas Naíon, Baile Átha Cliath	1
Comhlachtaí Poiblí na hÉireann Ollchruinniú Bliantúil	An tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath 1	1
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	Óstán Manor West, Trá Lí	1
Comhdháil Comhairleoirí	Óstán Maldron, Portlaoise, Co. Laois	6
Kadenza Consultancies - Seimineár Oiliúna	Óstán Cahir House, Co. Thiobrad Árann	3
Coimisiún um Fhorbairt Gheilleagair i gCeantair Thuaithe	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad, Co Chill Dara	1
Comhdháil Bhliantúil Tionól Réigiúnacha 2013	An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann	3
Innealtóirí Comhairlitheach Byrne Looby	Coláiste Ríoga Máinlia, 6 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath	1
Comhdhálacha Ceilteacha	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co Chorcaí	1
Iris Eolas-Seirbhísí Gnó BMF	Chartered Accountants House, Baile Átha Cliath	2
Máistreacht Bainistíocht Phoiblí - Oiliúint do Chomhairleoirí	Óstán Talbot, Loch Garman	2
Comhdhálacha Ceilteacha	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co Chorcaí	1
Scoil Samhraidh MacGill	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	6
Esperanza - Seimineár Oiliúna	Óstán Connacht, Br Átha Cliath, Gaillimh	4
AMAI	Inchydoney Lodge & Spa, Cloch na Coillte, Co Chorcaí	3
Kadenza	Óstán Silver Tassie, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	3
Cumann Oidhreachta Ráth Tuaidh	Óstán Golf, Baile an Bhuinneánaigh	1
Seimineáir TGR	Óstán Chaisleán Bhun Raite, Co. an Chláir	1
Esperanza	Óstán Connacht, Br Átha Cliath, Gaillimh	2
LAMA	Óstán Falls, Inis Díomáin, Co. an Chláir	9
Ról Ollscoileanna sa bhForbairt Réigiúnach	Institiúid Theicneolaíochta Phort Láirge	1
An tAcht Toghchán-Pleanáil agus Forbairt Rialtais Áitiúil 2013	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	1

Comhdháil 2013 I dTreo Acmhainní Fuinneamh Geoiteirmeach a Úsáid in Éirinn	Óstán Newpark, Cill Chainnigh	1
Cumann Lucht Tráchtála Éireann	Óstán Burlington, Baile Átha Cliath	1
Tionchar Buiséad 2014 ar Gheilleagar na hÉireann	Óstán Park, Cluain Meala, Co. Thiobrad Árann	4
2013 SEAI Gradaim Fuinnimh Inmharthana	Óstán Shelbourne, Baile Átha Cliath	1
Réiteach Fiacha – Reachtaíocht Nua um Dhócmhainneacht Phearsanta	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co Chorcaí	1
Athógáil ár bPobail Tuaithe – Ardán d'Fhís Aisghabhála Imeascadh agus Teacht Aniar	Óstán Ballygarry House, Trá Lí	1
Acht Rialtais Áitiúil 2013	Óstán Millrace, Bun Clóidí, Co. Loch Garman	1
Comhdháil Comhairleoirí - Cathrach agus Contae	Óstán Louis Fitzgerald, Br Nás, Baile Átha Cliath	1
Lánléargas Nua-aimseartha ar Inimirce go hÉirinn	Óstán Chaisleán Bhun Raite, Co. an Chláir	1

Comhdhálacha/Seimineáir thar sáile ag a raibh Baill Tofa i 2013

Comhdháil/Ócáid	Ionad	Líon i Láthair
Méara Thrá Lí Tim Buckley ag Roghnú Rós Londan	Londain	1
Cuairt na Féile Pádraig an Leas-Mhéara An Comh. PJ Donovan go Nottingham agus Derby	Nottingham agus Derby	1
Cuairt na Féile Pádraig an Mhéara Terry O'Brien	Nua Eabhrach	1

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €69,772.73 i 2013 ar son láithreachtaí ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag Comhdháil, Seimineár nó ag aon chruinniú nó ócáid eile. Mar seo a leanas na sonraí:

Liúntais Taistil agus Cothaithe anso in Éirinn	Liúntais Taistil agus Cothaithe Thar Sáile
€ 68,408	€ 1,364

Ar an iomlán íocadh €20,321i 2013 le lucht eagraithe ar son freastal ceadaithe na mball tofa ag comhdhálacha, seimineáir agus ag cruinnithe eile.

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen

Foireann Sinsearach:

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Liam Quinlan
Ailtire Sinsearach Feidhmiúcháin: Deirdre Sullivan

"Tá an Stiúrthóireacht Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta freagrach as tacaíochtaí tithíocht shóisialta a sholáthar sa Chontae. Toisc laghdú a bheith ar mhaoiniú caipitiúil ón státchiste, le bliain freagraítear go mórmhór don ghá le tithíocht shóisialta trín scéim um thithíocht shóisialta ar léas, cuirtear leis an líon daoine a bhíonn i dteideal an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus athúsáidtear stoc a bhíonn folamh chomh luath agus is féidir."

Dhírigh Comhairle Contae Chiarraí freisin ar theasdíonadh a aischóiriú is ar bhearta eile feidhmiú fuinnimh trí mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil. Beidh na tithe níos teolaí don na tionóntaithe ina dhiaidh sin agus níos éifeachtúla ó thaobh feidhmiú fuinnimh de. Tharla obair shuntasach sa dara ráithe 2013 chun an Achoimre 2013 ar Mheasúnaithe Tithíocht Shóisialta atá anois riachtanach faoi rialacháin náisiúnta a ullmhú. Ullmhaíodh leis an Dréachtphlean um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018 sa tríú ráithe de réir riachtanas an Acht (Cóiríocht don Lucht Siúil) Tithíochta 1998 agus tharla comhairliúchán poiblí laistigh den tréimhse ama a leagadh síos.

Tá stoc mór go leor tithíochta beagnach 2,350 aonad againn faoi láthair, laghdú beag ó anuraidh de bharr díolachán faoin Scéim Ceannach ag Tionónta 1995. Tháinig deireadh go dlíthiúil leis an Sceim úd faoi rialacháin náisiúnta ag an RCPRÁ. Ní ghlacfar lena thuilleadh iarratas tar éis 31 Nollaig 2012 agus is é 30 Meitheamh 2014 an dáta deiridh do chríoch díolachán atá ar bun cheana féin.

Freagraítear anois go minic don ghá le tithíocht shóisialta trí shocruithe éagsúla léasa idir Comhairle Contae Chiarraí agus tiarnaí príobháideacha talún. Seo an rogha anois go príomha do theaghlaigh nach mbíonn ábalta tithíocht a sholáthar as a stuaim féin. Faoi dheireadh 2013 cuireadh cóiríocht ar fáil do 814 cliant sa chontae trí Chóiríocht ar Cíos is leas sóisialta.

Bímid de shíor ag tacú le Daoine gan Dídean trín Ionad Eolas Tithíochta, deintear caighdeáin a chur i bhfeidhm i gcóiríocht phríobháideach ar cíos chomh maith le rialacháin is le reachtaíocht a bhaineann le polasaí tithíochta is le tacaíochtaí shóisialta.
Soláthraíonn an Roinn Tithíochta tacaíochtaí pobail agus forbartha maraon le seirbhísí bainistíochta a chabhraíonn le cách lonnú go sásúil i measc an phobail. Le bliain anuas tharla an-chaidreamh le lucht iasachtaí údarás áitiúla lena mbaineann an Próiseas Fuascailt Riaráistí Morgáistí.

Cé go raibh laghdú i 2013 ar an ndáileadh faoi Scéim Deontas do Dhaoine Scothaosta agus do Lucht Míchumais chun Tigh a Chur in Oiriúint, díríodh orthu de réir gá ar bhonn tosaíochta. I 2013, dáileadh ar an iomlán €1.698m a lig dúinn breis is 300 deontas a bronnadh trí na scéimeanna éagsúla.

Clár Caipitiúil

Dháil an RCPRÁ €400,000 faoi gClár Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta chun ceithre Thigh Aonair faoin dTuath a chríochnú. Fuarthas thart ar €0.59m don uasghrádú feidhmiú fuinnimh i stoc údarás áitiúla an chontae agus thart ar €0.18m do shínithe agus obair oiriúnaithe. I lár na bliana sheol an RCPRÁ glaoch ar Mholtaí maidir le líon teoranta fála agus d'éirigh linn thart ar mhaoiniú thart ar €0.94m chun sé áitreabh a cheannach faoi ghealltanais Chuid V.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Bhí rath ar oibriú na scéime i 2013 agus díríodh orthu siúd a bhíonn ina teideal agus iad ag fáil forlíonadh cíosa ar bhonn fadtéarmach.

• Tháinig 180 tionónta isteach faoin RAS i 2013
• Ar an iomlán bhí 777 teaghlach faoin scéim RAS deireadh na bliana 2013

Plean um Fheidhmiú Fuinnimh 2013 – Feidhmiú Fuinnimh a Fheabhsú i stoc Tithíochta Údarás Áitiúla

Lean an RCPRÁ de chlár feidhmiú funnimh a mhaoiniú agus fuarthas thart ar €0.59m idir na ceithre údarás áitiúil i 2013 d'oibríocha cáilithe a lig dúinn 600 tigh ar seaneastáit a uasghrádú. Go dtí seo ní fhéadfaí ach baint le haitreabh a bhíodh á ndeisiú sula ligfí arís iad ach anois is féidir le tionóntaithe atá istigh cheana leas a baint as an scéim do theasdíonadh a aischóiriú is do bhearta eile feidhmiú fuinnimh.

.

An Scéim Deontas chun Tithe a chur in Oiriúint do Dhaoine Scothaosta & do Lucht Míchumais

- Dháil an RCPRÁ € 1.698m i 2013
- Dháil an Roinn Tithíochta deontais ar an iomlán € 1.744m ar 275 iarratasóir
- Rinne an Roinn Tithíochta íocaíochtaí ar an iomlán € 1.778m le 300 iarratasóir
- Fuarthas 411 iarrtas ar dheontas i 2013

Cé go bhfaightear 80% d'íocaíochtaí deontais ar ais ón Rialtas Lárnach, mar sin féin bíonn dúshlán roimh Chomhairle Contae Chiarraí ó thaobh foirne agus costas eile de.
Is fíor áfach, go bhfeabhsaítear an caighdeán beatha dóibh siúd lena mbaineann an scéim idir dhaoine scothaosta agus lucht míchumais, ina theannta san cruthaítear deiseanna fostaíochta do lucht ceirde na háite a chuireann an obair i gcrích.

Díolacháin Cheannaigh Tionónta

- Díoladh 35 tigh i 2013
- Deimhníodh an t-ioncam €1.39m le caitheamh ar fheabhsúcháin stoc tithíochta
- Táthar ag fanacht le breis sonraí faoi scéimeanna eile ceannaigh ón RCPRÁ

Gá le Tithíocht Shóisialta agus Soláthar

• Fuarthas 306 iarratas nua ar thithíocht shóisialta i 2013
• Meastar 1,292 iarratasóir anois a bheith cáilithe faoin Achoimre 2013 ar Mheasúnaithe Tithíocht Shóisialta.
• Tharla 84 tionóntacht nua Comhairle i 2013
• Dáileadh 37 áitreabh eile fós i 2013 ar iarratasóirí cáilithe faoin dtionscadal tithíocht shóisialta ar léas.
• Tá ag éirí go maith linn maidir leis an Straitéis um Iompar Frithshóisialta a chur i bhfeidhm

Tithíocht Dheonach

Cheannaigh an Cumann Tithíocht Dheonach, Clúid, 15 aonad cóiríochta i Sráidbhaile Coill Darach, Cill Airne. Fuarthas cúnamh deontais €2.2m ón an RCPRÁ faoin Scéim um Chúnamh Caipitiúil do Thithíocht Dheonach atá ag Comhairle Contae Chiarraí. Faoi 31 Nollaig, 2013, ba iad tionóntaithe ainmnithe ag an gComhairle a bhí i 14 de na haonaid úd.

Roimis deireadh na bliana fuair Novas Initiatives deontas €60,000 ó mhaoiniú CAS chun áitreabh a cheannach is a athchóiriú i mbaile Thrá Lí chun freastal go fadtéarmach ar dhuine gan dídean a gheobhadh tacaíocht chun leanúint den dtionóntacht.

Suímh Thréigthe/Struchtúir Bhaolacha

Le linn 2013, bhíothas ag díriú go leanúnach ar bhailte móra agus ar shráidbhailte ar na príomhbhóithre turasóireachta agus freisin i gcuid de mhórbhailte an chontae, ar an mórgcóir bhí úinéirí sásta na hoibreacha cuí a dhéanamh nuair a iarradh orthu. Ar an gcuma san seachnaíodh fógraí reachtúla nó iontráil ar an gClár Suíomh Tréigthe.
I 2013, baineadh 10 shuíomh den Chlár Suíomh Tréigthe agus cuireadh dhá cheann bhreise leis.

Anso thíos tá sonraí na mbeartas reachtúla a úsáideadh i 2012 faoin Reachtaíocht um Shuímh Thréigthe.

Gnímh 2013	**Iomlán**
Fógraí Alt 8 eisithe	19
Fógraí Alt 11 eisithe	3
Éilimh ar Thobhaigh	25
Suímh Thréigthe bainte den chlár	20
Suímh Thréigthe bainte den chlár tar éis Alt 8	10
Líon suíomh ar an gclár ag deireadh 2013	67

Fonóta

Fógra Alt 8 – cuirtear in iúl don úinéir go mbeidh an áitreabh ar an gclár muna ndeintear rud éigin faoin mbail tréigthe.

Fógra 11 – cuirtear in iúl don úinéir go mbeidh an áitreabh ar an gclár muna ndeintear rud éigin faoin mbail tréigthe laistigh de thréimhse áirithe.

Tobhaigh – gearrtar tobhaigh ar úinéirí suíomh tréigthe i “gceantair uirbeacha” nach gcomhlíonann na riachtanais de réir fógra Alt 11.

TUAIRISC ÓN STIÚRTHÓIR BÓITHRE, IOMPAIR AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Stiúrthóir Seirbhísí: Charlie O'Sullivan

Foireann Sinsearach:-

Innealtóir Sinsearach – Oibriú an Ghréasán Iompair: Ger MacNamara
Innealtóir Sinsearach – Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta Chiarraí: Paul Curry

"Tá sé d'aidhm againn gréasán bóithre chun leas an phobail idir áitiúil agus cuairteoirí a sholáthar, ar bhonn nua-aimseartha, sábháilte agus inmharthana agus a raghaidh chun leas an chontae ar an iomlán idir chuimsiú sóisialta agus cáilíocht na beatha"

I 2013 infheistíodh beagnach €54.75m idir phleanáil, dearadh, forbairt agus cothabháil don ghréasán bóithre 4,881cm atá againn, tháinig €42.7m den mhéid sin ón gcúnamh deontas stáit. San áireamh tá suim €13.86m ar Sheachród Trá Lí.

Dúshlán mór a bhí romhainn sa Chlár Oibreacha Bóithre le linn 2013, ach tharla trí oscailt oifigiúil mar a leanas:-

Chríochnaigh BAM Civil Ltd. Fad 13.5 Cm de Sheachród Trá Lí a d'oscail an tUas. Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus na Gaeltachta 16 Lúnasa 2013.

Ba é an tUas. Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a d'oscail an chuid athailínithe ar an N86 Scéim Abhainn an Scáil go Gort Bréagóg 5 Iúil 2013.

Críochnaíodh Céim 2 Bóthar Faoisimh Daingean Uí Chúis trí shaothar díreach agus d'oscail An tUas. Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil 4 Mean Fómhair 2013.

Ba mhór ar fad an trua le linn 2013 gur bheartaigh An Bord Pleanála gan chead a thabhairt don EIS agus an CPO a chur ar ceal maidir leis an Scéim N86 Daingean Uí Chúis go hAbhainn an Scáil agus Gort Bréagóg go dtí An Com. Lorg Comhairle Contae Chiarraí athbhreithniú dlíthiúil faoin gcinneadh.

Críochnaíodh breis is 8Cm Uachtar Bóthar Náisiúnta Tánaisteacha ar an Mór-Chuaird agus 198Cm dromchla agus neartú ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i rith na bliana.

Cuireadh síos dhá thrasnán coisithe i rith na bliana agus rinneadh oibreacha sábháilteachta ar seacht láthair eile. Leagadh cosán nua trí Chora Uí Ifearnáin i mBaile an Mhuilinn.

Fuarthas maoiniú breise €1.96m ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don Chlár Feabhsúchán Aischóirithe a lig dúinn 14Cm bóithre réigiúnacha a thógaint.

Slite Siúlóide agus Raonta Rothar
Ceapadh Oifigigh um Shlite Siúlóide agus Raonta Rothar, rud a lig do na scéimeanna seo a leanas dul chun cinn:-

- Trá Lí-An Fhianait
- Gleann Beithe-Cathair Saidhbhín
- Cathair Saidhbhín-An Rinn Aird
- Lios Tuathail-Teorainn Chontae Luimní

Dá bharr san go léir lorgaíodh maoiniú chun na moltaí úd a fhorbairt. Tuigeann an Chomhairle gur feidir an t-uafás dul chun cinn a dhéanamh i mórán áiteanna ar fud an Chontae más féidir na slite siulóide agus raonta rothar céanna a fhorbairt.

Taisteal Cliste
Dhein Comhairle Baile Thrá Lí agus Comhairle Contae Chiarraí comhaighneacht chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt is sinn ag lorg maoiniú chun mórán feabhsúchán a dhéanamh ar an mbonneagar bóithre i bpríomhbhaile mór an Chontae, san áireamh bhí ceansú tráchta agus bearta uasdátú is athbheochan chun an baile a chur in oiriúint d'aidhmeanna taisteal Cliste.

Turas na Farraige Móire
Cuireadh tús le clár um chomharthaíocht ar bhóithre idir náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir leis an stráice de Thuras na Farraige Móire ata laistigh den Chontae. Seoladh aighneacht chuig Failte Éireann ag lorg maoiniú chun uasghradú a dhéanamh ar 23 Láthair éagsúla Nochtaithe.

GAISCÍ TABHACHTACHA I 2013

Príomhbhóithre Náisiunta & Bóithre Tánaisteachta

- Críochnaíodh Sheachród Trá Lí
- Críochnaíodh an N86 Abhainn an Scáil agus Gort Bréagóg
- Tharla próiseas pleanála Cuid 8 um Chora Cill Doire ar an N70
- Feabhsúchan pábhála ag Cathair Dónall, Chora Uí Ifearnáin, Na Millíní, Cill Bhanbháin agus An tAdharc
- Oibreacha Sábháilteachta ag Gabhal Liebherr Cranes agus an Galfchúrsa
- Trasnán coisithe ar an N70 ag Baile an Mhuilinn agus an N69 ag Lios Tuathail

Feabhsúchán faoin nDáileadh Deontas um Fheabhsúcháin Áirithe

- Ceannaíodh tailte ar an R556 Bóthar na Déile
- Leathnaíodh an R561 Caislean na Mainge go hAbhainn an Scáil
- Leanadh den dtógaint ar Bhóthar Faoisimh An Neidín

Bóithre Neamh-Náisiúnta

- Caitheadh €26.7m ar bhóithre neamh-náisiúnta a chothabháil, a fheabhsú agus a riaradh
- Oibreacha sábháilteachta déanta ag seacht n-ionad éagsúla
- Feabhsaíodh 222Cm bóithre réigiúnacha agus áitiúla faoin gClár Athchóirithe Feabhsúchán agus Athchóirithe Cothabhála
- Caitheadh €1m ar shoilsiú poiblí ar fud an chontae.

Forfheidhmiú agus Sábhailteacht ar na Bóithre

- Scrúdaigh an tOifigeach um Fhorfheidhmiú ar na Bóithre 430 gearán m.sh. feithiclí faoi ualach ró-mhór, draenáil, oscailt bhóithre, díobháil do bhóithre, comharthaí ina mbac
- Iniúchadh 257 oibríocha idir údarás áitiúla agus conraitheoirí ó thaobh sábháilteachta de
- Deineadh 980 tástáil ábhartha
- Seoladh an Comórtas d'Fhéilire um Shábháilteacht ar na Bóithre a tharla i mbunscoileanna an chontae

Céanna agus Cuanta

- Láimhseáladh 17 cinn de chraenacha soithigh Liebherr trí Chuan An Fhianait
- Rinneadh oibreacha chun an cé mór a neartú agus oibreacha cosanta ar na tacaíochtaí muiríne san Fhianait
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin i mBaile an Ridire, Bréanainn agus Dooks
- Suiteáladh pontúin fheistithe san Caladh do thurasóirí ag dul go dtí An Sceilg

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring

Foireann Sinsearach:

Innealtóír Sinsearach: Tom Sheehy
Innealtóir Feidhmeannach Sinsearach: Mick Boyce

Tá an Roinn Comhshaoil i gComhairle Contae Chiarraí freagrach as an gcomhshaol a chosaint sa Chontae trí na Rialacháin, Treoracha agus an Reachtaíocht a bhaineann le Bainistiú Dramhaíola agus le Truailliú a chur i bhfeidhm.

Ina theannta san, soláthraíonn an Roinn an bonneagar chun dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil, a athchúrsáil agus a chur de láimh. Tá an Roinn seo freagrach freisin as seirbhísí tréidliachta agus bainistiú fuinnimh.

Eagrú Dramhaíola

Athchúrsáil Dramhaíola
Tá áiseanna athchúrsála ag Comhairle Contae Chiarraí ag Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh agus ceithre chinn de Stáisiúin Aistrithe Bruscair atá suite i gCill Airne, Baile an Mhuilinn, An Neidín, Cathair Saidhhín agus tá ionad mór fóntas pobail le déanaí ag Ionad Athchúrsála and Dramhaíola Chorca Dhuibhne i Lios Póil chomh maith le han-chuid ionad beir chuige don ghloine, cruach agus do channaí alúmanaim ar fud an chontae. I 2013:

- Glacadh le 5,394.14 tonna ábhar athchúrsála ag na hionaid ud
- Bhí 93 Ionad Beir Chuige sa chontae. Ba iad foireann Comhairle Contae Chiarraí a bhi ina bhfeighil agus freisin bhí 31 Grúpa Pobail páirteach sa scéim ‘Is linn an tIonad Beir Chuige’

Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh

I 2013:

- Rugadh 55,276 tonna dramhaíola chuig Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh
- Sin méadú 23.4% ar iomlán 2012
- Chuaigh 49,811 tonna go díreach isteach sa Líonadh Talún
- Tháinig 5,465 tonna ón gcúig Stáisiún Aistrithe/Ionad Fóntas Poiblí lena bhreith chun Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh is a chur de láimh.

Tháinig laghdú ar an dtonnáiste toisc go mbíonn margadh maith le fáil ó bhróicéirí dramhaíola a easpórtálann dramhaíl ar son aisghabháil fuinnimh.

Oibreacha Caipitiúla: Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh

Céim 9 Forbairt ar Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh
Tosaíodh mí na Nollag 2013 ar chealla 19 agus 18 a chlúdach go hiomlán.

An Bogach Tógtha Comhtháite (ICW)
Tosaíodh mí Aibreáin 2013 ar an dtionscnamh píolótach don Bhogach Tógtha Comhtháite. Rinne Comhairle Contae Chiarraí monatóireacht ar an dul chun cinn i rith na bliana.

Rialachán Comhshaoil

Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú:

Faoi na hAchtanna um Bhainistiú Bruscair agus na hIonstraim chuí Reachtúla, tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as mórán gníomhaíochtaí dramhaíola sa chontae. D'fhreagair an fhoireann um fhorfheidhmiú dramhaíola breis is 181 tuairisc ón bpobal agus ó áisínteachtaí stáit mar gheall ar ghnímh mar dhumpáil mhídhleathach agus caitheamh bruscair le linn 2013.
Ina theannta san, tá an fhoireann freagrach as réimse leathan áiseanna dramhaíola sa chontae maidir le rialachán agus le monatóireacht. Ar an iomlán bhí ceadúnas ag 38 díobh siúd a bhíonn ag oibriú i gContae Chiarraí agus bhí teastas ag naoi gcinn faoi dheireadh na bliana (2013).

Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Gleo:

Bíonn mórán gníomhaíochtaí ar bun ag an gComhairle, mar shampla-

- Monatóireacht ar cháilíocht uisce an chontae de réir riachtanas an Treoir Chreat Uisce de chuid an AE
- Freagairt do thuairiscí a fhaightear ón bpobal agus ó áisínteachtaí stáit faoi thruailliú uisce
- Réimse leathan reachtaíochta maidir le cáilíocht uisce a fhorfheidhmiú agus a chur i gcrích; san áireamh tá feidhmiú codanna de dhá Phlean Um Bhainistiú Abhantrach, Ceantar an Iardheiscirt agus na Sionainne (glacadh leo siúd faoi Threoir Chreat Uisce an AE)
- Déileáil le truailliú ola agus an cumas freagartha ina leithéid de chás a chothabháil
- An tAcht um Thruailliú Aeir a fhorfheidhmiú agus a chur i gcrích

I 2013 leanadh den bhfeidhmiú go foirmiúil maidir leis na Pleananna úd um Cheantar Abhantrach, tharla cigireacht sa chontae a dhírigh go príomha ar fhoinsi fíoruisce agus ar abhantrach ainmnithe d'éisc shliogán a chaomhnú .

D'fhreagair an fhoireann chigireachta/scrúdaithe do breis is 139 tuairisc ón bpobal agus ó aisínteachtaí stáit faoi thruailliú uisce sa chontae.

Saghas Gearán	Líon Gearán
Na hAchtanna um Thruailliú Bruscair	422
Na Rialacháin um Thruailliú Gleo	17
Na hAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola/Cosaint Comhshaoil	181
Na hAchtanna um Thruailliú Uisce	139
Truailliú Aeir	44
Líon iomlán gearán a fuarthas	803

Chomh maith le freagairt do ghearáin ón bpobal dhein an roinn thart ar 650 cigireacht beartaithe, mar sin tharla iomlán 1453 cigireacht comhshaoil le linn 2013.

Plean Náisiúnta Cigireachta um Fhearais Cóireála Fuíolluisce Tí

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as cigireachtaí a dhéanamh ar Fhearais Cóireála Fuíolluisce Tí sa chontae faoi Phlean Náisiúnta Cigireachta an EPA. Foilsíodh an plean i 2013 agus leagtar síos na modhanna chun an reachtaíocht chuí, an tAcht (Leasú) Seirbhísí Uisce 2012, a chur i gcrích. Is í aidhm an chórais chigireachta ná cáilíocht uisce dromchla agus uisce ar bharr talún a chosaint ó aon bhaol a leanfadh córais ná beadh ag obair mar ba chóir. Thosaigh Comhairle Contae Chiarraí ar na cigireachtaí mí na Nollag 2013.

Feasacht Comhshaoil

Scoileanna Glasa

Is í aidhm an chlár Scoileanna Glasa ná gnímh a spreagadh don scoil ar fad a fhorbróidh feasacht comhshaoil ní hamháin laistigh den scoil fhéin ach i measc an phobail freisin. Bíonn cuig módúil i gceist agus an bhéim ar bhruscar go luath sa chéad cheann díobh.

Tá beagnach 89% de bhunscoileanna agus 88% de mheánscoileanna i gCiarraí cláraithe don Tionscnamh Brat Glas. Spreagtar scoileanna le bheith páirteach sa Ghlantachán Earraigh Náisiúnta mar chuid den Chlár Scoileanna Glasa, féadfaidh siad a bheith páirteach ar feadh an lae trí ghlantachán ceantar áirithe a chur i gcrích. I láthair na huaire tá an Brat Glas don bhfeabhas comhshaoil ar foluain os cionn 96 bunscoil agus naoi meánscoil i gCiarraí.

Na Meáin Shóisialta agus Áitiúla

Cuireann an tOifigeach Feasacht Comhshaoil go mór le heolas ar ábhair bhruscair agus ar bhainistiú dramhaíola trí cholún seachtainiúil sa nuachtán *The Kerryman.* Fógraíonn sé feachtais éagsúla i rith na bliana mar fheasacht Salachar Madraí, an Glantachán Náisiúnta Náisiúnta agus an Feachtas Náisiúnta Guma. Labhraíonn sé faoina leithéid go rialta ar *Radio Kerry* agus ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.
I 2013 baineadh leas as meáin shóisialta mar *Facebook* agus *Twitter* chun eolas a scaipeadh faoi cheisteanna comhshaoil.

Coisctheacht agus Rialú Bruscair

Scéim Bóthar a Uchtú

Bunaíodh an scéim seo i 2010 chun pobail áitiúla a bhreith isteach lena bheith gníomhach i nglantachán a mbóithre féin go rialta. Le linn 2013 bhí 12 grúpa pobail páirteach inti; Lios Tuathail, Tairbeart, Cill Mhaoile, An Cromán, Baile Uí Thaidhg, Oileán Chiarraí, Gleann Fleisce, Gníomh go Leith, An Ráth Mhór, Oileán Dairbhre, An Chill agus Cill Airne. Dá bharr san coimeádtar stádas saor ó bhruscar ar fhad 90Cm bóithre sa chontae.

Dáileann Comhairle Contae Chiarraí deontas €500 ar gach grúpa faoin Scéim Deontas um Thionscadail i gcoinne Bruscair. Cuireann an Chomhairle ábhar tacaíochta ar fáil agus féadfaidh na grúpaí fáil réidh leis an mbruscar bailithe ag Stáisiún Aistrithe. Íocadh €6,000 mar iomlán deontas le naoi ngrúpa i rith na bliana.

Rialú Bruscair

Bhain na tionscadail rialaithe bruscair le linn 2013 le cláir fheasachta a chur chun cinn mar an Glantachán Náisiúnta Earraigh, Feachtas um Shalachar Madraí 7rl. Díríodh ar na meáin áitiúla, scoileanna,Coistí Bailte Slachtmhara agus grúpaí pobail. Cuireadh ceamaraí faire ag na hIonaid Beir Chuige is in áiteanna iargúlta aitheanta eile chun monatóireacht a dhéanamh ar dhumpáil a tharlaíonn go mídhleathach.

Tránna

Tránna Brat Gorm
D'éirigh go breá linn anso i 2013 agus 12 Brat Gorm fós againn ó anuraidh.
Ag seo a leanas na tránna ag a bhfuil stadas Brat Gorm:

- Baile an Sceilg
- An Fhianait
- Baile an Bhuinneánaigh Theas
- Inse
- Na Cealla
- Baile Uí Thaidhg
- An Machaire Beag
- Trá na Beannaí
- Ros Beithe
- Doire Fhionáin
- Ceann Trá
- An Trá Bán (Cathair Saidhbhín)

Leanadh den dtástáil ar cháilíocht uisce snámha le linn an tséasúir chuí agus léirítear dúinn go mbeidh Brat Gorm arís i 2014 ag Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh.

Gradam Cósta Glas
Bronntar an Gradam Cósta Glas ar thránna ar son glaine timpeallachta, ardcháilíocht uisce agus áilleacht na dúthaí. Don chéad uair riamh bronnadh an Gradam i gCiarraí nuair a bhain Beál Bán (Cuan Ard na Caithne), lámh le Baile an Fhirtéaraigh an Cósta Glas i 2010 agus coimeádadh an stádas arís i 2013.

An Oifig um Fhuinneamh

Oibríonn an Oifig um Fhuinneamh (EO) de chuid an Roinn Comhshaoil i gcomhar le ranna eile na Comhairle chun caomhnú fuinnimh, monatóireacht ar chaitheamh, margadh maith i gcás fearas (m.sh. caidéil, mótair leictreacha, soilsiú agus teas) agus Clár Fuinnimh Inathnuaite na Comhairle a chur chun cinn. Tá an EO freagrach freisin as tairiscint ar sholáthar leictreachais don chontae agus as sonraí bliantula um chaitheamh fuinnimh a thabhairt go dtí Údarás Fuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann.

Léargas ar Úsáid Fuinnimh i 2013
Ar an iomlán chaith Comhairle Contae Chiarraí €4,522,972 ar fhuinneamh i 2013. Ó ghreille a thagann 77% den chaiteacas céanna. Gintear leictreachas freisin ag an bhfearas hidrileictreach 230kW de chuid na Comhairle ag Loch Coiteáin is caitear an chumhacht úd sa stáisiún cóireála uisce ar an láthair. I 2013, gineadh 866,558kWh ar an gcuma san. Ar na foinsí eile fuinnimh inathnuaite a d'úsáid an Chomhairle i 2013 bhí fuinneamh grianda, millíní is slisíní adhmaid. Úsáidtear caidéal teasa agus teicneolaíocht CHP leis in áitribh na Comhairle chun an méid príomhfhuinnimh a chaitear a laghdú.

Gnímh Déanta i 2013

Bhí scata tionscadal um fheidhmiú fuinnimh ar siúl ag Comhairle Contae Chiarraí i 2013. Fuarthas cúnamh aiargid ón SEAI faoin scéim Feidhmiú Fuinnimh Pobal. Ar na tionscnaimh a críochnaíodh i 2013 bhí:

- Glónrú triarach seachas aonair ar fhearas cóireála uisce An Dromainn
- Feabhsaíodh éifeachtúlacht chaidéal i dtrí fearas cóireála agus caidéalaithe Seirbhísí Uisce
- Aischóiriú aerú spréite bolgán i dá fhearas cóireála fuíolluisce
- Uasghrádú soilsiú i bhfearas amháin cóireála fuíolluisce

I dteannta na bhfeabsúchán um fheidhmiú fuinnimh maidir le Seirbhísí Uisce, fuarthas maoiniú leis chun uasghrádú a dhéanamh ar fhoirgnimh Údarás Áitiúla. Chríochnaigh an Roinn Seirbhísí Corparáideacha oibreacha ar Leabharlanna Trá Lí, Cill Airne, An Neidín, Lios Tuathail agus freisin ar Oifig Ceantar An Neidín. Deineadh teasdíonadh díon is fallaí, doirsí is glónrú nua agus uasghrádú ar chórais téite.

Ar an iomlán, fuarthas €374,111 ón SEAI trín scéim Feidhmiú Fuinnimh Pobal 2013 do na hoibreacha atá luaite anso thuas.

Ar na tionscadail um fheidhmiú fuinnimh a chríochnaigh Oifig Feidhmiú Fuinnimh Comhairle Contae Chiarraí i 2013 bhí:

- Leictreachas a ghiniúint o ghás Líonadh talún: gineadh 1,655,555kWh leictreachais ó ghás líonadh talún ag Laithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh i 2013 agus fuair Comhairle Contae Chiarraí dleachta €47,116.44 dá bharr. Tharla tairiscint chun leictreachas a sholáthar do cheangail uaséilimh ar bhonn meánach agus íseal. Críochnaíodh tairiscintí iomaíoch leis do shuímh eile ar éileamh íseal trín gcomórtas beag a bhíonn ag an tSeirbhís Náisiúnta Fála do na hÚdaráis Áitiúla.
- Críochnaíodh tairiscintí mí na Nollag 2013 chun leictreachas neamh-méadraithe a sholáthar d'Údaráis Áitiúla don bhliain 2014.

An tSaotharlann

Is é ról na saotharlainne seo ná monatóireacht a dhéanamh ar chomhshaol Chontae Chiarraí agus ar na gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm air, de réir reachtaíocht Chomhshaoil agus Sláintíochta idir náisiúnta agus AE.

Clúdaíonn reachtaíocht chomhshaoil fíoruisce inólta, aibhneacha, lochanna, uiscí snámha, diúscairt fhuíolluisce is diúscairt tionsclaíoch cheadúnaithe. Is iad a oibríonn air ná talmhaíocht, tionscail agus bainistiú bruscair idir bhardais agus bruscar tí.

Tógann foireann na saotharlainne samplaí go forleathan ar fud na háite. Scrúdaíonn an fhoireann na samplaí go mion ar an láthair nó sa tsaotharlann lárnach i dTrá Lí maidir le paraiméadair áirithe idir bhitheolaíoch, fisiceach, ceimiceach agus micribitheolaíoch. Go deimhin tá an tsaotharlann úd freagarach as anailís a dhéanamh ar 95% de na pharaiméadair shainordaitheacha, rud a spárálann an-chuid costas.

As 26 pharaiméadar a ndeineann an EPA measúnú orthu trína scéim um éifeachtúlacht saotharlanna, tá saotharlann Chomhairle Contae Chiarraí ar naoi gcinn as an iomlán 104 áiseanna dá leithéid atá ar chlár an EPA le measúnú a dhéanamh ar na 26 cinn.

Is í príomhthosaíocht na Saotharlainne faoi láthair ná an riail go gcaithfidh gach aon saotharlann a sheolann sonraí chuig an EPA agus an AE creidiúint a bhaint amach faoin gcaighdeán ***ISO 17025*** faoin mbliain 2015. Tosnaíodh ar an bpróiseas cuí chun díriú ar an gcreidiúint úd i 2013.

An tSeirbhís Tréidliachta

Bíonn na seirbhísí tréidliachta ag Comhairle Contae Chiarraí freagrach as an gConradh Seirbhíse leis an Údarás um Shábháilteacht Bia a bhainistiú agus a riaradh, as rialú madraí agus capall, rialú galar ainmhithe agus rudaí eile gaolmhara dá réir.

Aithníodh na Seirbhísí Tréadliachta don tionscadal seirbhísí i bpáirt faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh 1. Tharla dul chun cinn i 2013 nuair a aithníodh trí mhóráisínteacht. Tar éis tairiscint suime a lorg roghnaíodh Comhairle Contae Chorcaí mar threoiráisínteacht i Reigiún an Deiscirt. Táthar ag súil le comhaontú leibhéal seirbhíse le Comhairle Contae Chorcaí sar i bhfad agus nach mbeidh aon chonradh seirbhíse níos mó ag Comhairle Contae Chiarraí leis an Údarás um Shábháilteacht Bia na hÉireann.

Cé go raibh cúrsaí deacair go leor ag na seamlais le bliain anuas, fós féin bhí an líon seo a leanas idir lámha acu:

	Caoirigh	**Stoc**
2012	26,800	5,762
2013	23,650	5,996

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil tábhacht ag baint le seamlais áitiúla ó thaobh cúrsaí sóisialta agus geilleagair de. Leanfaimid de thacú agus le rialú do na hoibritheoirí gnóthaí bia is iad ag iarraidh brú ar aghaidh in ainneoin deacrachtaí.

Rialú Madraí

Le fada an lá tá an tseirbhís maor madraí ar na cinn is fearr riartha sa chontae agus an dara háit bainte amach ag Ciarraí sa léig náisiúnta don líon ceadúnas madraí le deich mbliana anuas.

Faoin seirbhís rialú madraí bíonn leibhéal ard géilliúlachta i gcónaí maidir leis an Acht um Rialú Madraí 1986.

Is deas linn a rá gur laghdaíodh an líon madraí ar aimsíodh baile nua dóibh ó 389 go 344 agus an líon a ndeineadh eotanáis orthu ó 295 go 201. B'fhéidir go léiríonn na figiúirí úd go bhfuil ardú feasachta i measc an phobail agus tuiscint níos fearr ar chúrsaí cúram madraí.

Trí shuíomh na Comhairle tá beartas dearfach gníomhach ar bun againn i gcomhar le heagraíocht áitiúil um leas ainmhithe chun bailte a aimsiú do mhadraí ar strae nó iad siúd a dtugtar droim láimhe dóibh.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Éigeandála

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring

Foireann Sinsearach:
Innealtóir Sinsearach *(Oibriú): John Kennelly*
Príomhoifigeach Dóiteáin (Gníomhach):
Michael Hession

Oibriú na Seirbhísí Uisce

Tá sé de dhualgas ar dtús ar an Roinn Seirbhísí Uisce (Oibríochta):
(a) Fíoruisce slán sábháilte a sholáthar do chách
(b) Cóireáil Fuíolluisce a bhainistiú chun cur le cosaint chomhshaoil
(c) Leithris Phoiblí a sholáthar agus a chothú mar a bhfuil gá leo
(d) Dóthain spás adhlactha a sholáthar de réir riachtanas an chontae anois agus sa todhchaí."

Soláthar Uisce Poiblí
I 2013, chuir Comhairle Contae Chiarraí thart ar 29.45 milliún méadar ciúbach (29.45 billiún líotar) fíoruisce inólta ar fáil do 130,000 custaiméir trí 60,000 ceangal uisce. Tagann an t-uisce ó 59 scéim soláthar uisce poiblí atá ceangailte le breis is 90 foinsí uisce ar leith sa chontae.

Deineadh 108 ceangal nua le huisce agus 17 ceangal nua le fuíolluisce i 2013.

Tharla mórfheabhsúcháin in áiteanna ar fud an ghréasán soláthar uisce le linn 2013. Maoiníodh iad seo trí acmhainní Comhairle Contae Chiarraí agus trí dheontais freisin ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ).

Ar na hoibreacha úd i 2013 bhí

- Atógáil Fearas Uisce Isteach ar an nGaorthadh Ciarraí Láir de dheasca díobháil tuilte
- Córas nua SCADA d'Fhearas Cóireála Uisce Ladhair an Chrompáin
- Séideáin nua aeir um aisníochán scagairí imtharraingthe ag d'Fhearas Cóireála Uisce An Dromainn
- Thart ar 1Cm príomhphíopaí nua mar nasc idir An Caladh agus Oileán Dairbhre faoi Chaol An Caladh
- Neartú ar an gcóras loctha ag Loch an Adhairc a fhreastalaíonn ar Scéim Soláthar Uisce An Neidín
- Uasghrádú ar 12 Taischumar sa chontae chun laghdú suntasach ar uisce gan chuntas
- Suiteáladh méadair toirtiúla ar an Scéim Lárnach Réigiúnach Soláthar Uisce
- Baineadh agus cuireadh de láimh ar bhonn sábháilte na príomhphíopaí suimint aispeiste a bhí fós i stór Seirbhísí Uisce ar fud an chontae
- Painéal nua um Rialú Meascadh Aoil d'Fhearas Cóireála Uisce Loch Coiteáin
- Uasghrádú ar fhearas meascadh ceimiceach d'Fhearas Cóireála Uisce Bréinlí
- Thart ar 1.5Cm príomhphíopaí nua ar an nGráig Cloichear/Tíorabháin
- Uasghrádú ceartú factóir cumhachta ag Loch Coiteáin
- Thart ar 1.5Cm príomhphíopaí nua i gCeann Trá.
- Uasghrádú um mhonatóireacht is rialú srutha ag Owgarriff ar WSS Lárnach Réigiúnach
- Suiteáladh monatóirí agus aláraim clóirín ag Madam's Height Cill Airne is ag Cluain na Fionnaíle, Cill Flainn
- Suiteáladh umar níos mó um mheascadh clóirín ag Taischumar Seithe Fhraoigh
- Uasghrádú ar Oibreacha Fluairídithe ag Fearais Chóireála Uisce An Dromainn agus Ladhair an Chrompáin
- Príomhphíopaí nua ag An Siopa Dubh, Sosadh & Trian Iarthach i mBaile An Sceilg, Cordal, Baile na bhFionnúrach, Baile na nÁith, Cathair Deargáin & Cill a Ruith.
- Sínte leis an ngréasán príomhphíopaí ag Liatroim Láir, Churchill, Cill Chuimín, An Sráidbhaile agus Corr Dubh ar an gCom
- Uasghrádú ar an gcóras SCADA i dtreo clóiríniú tánaisteach ar Thaischumar Charthaí i WSS Cathair Saidhbhín
- Suiteáladh stáisiún caidéal treisithe sa Dromainn, An Fosadh
- Caidéil nua ag Cill Bheathach agus Ráth Odhráin i Maigh Mheáin
- Suiteáladh comhlaí laghdaithe brú ar phríomhphíopaí i Bushmount sna Foidhrí, Rathcommane i mBaile Uí Aichir Baile an Bhuinneánaigh is An Cabhlach Cathair Saidhbhín
- Taischumar nua inlíne 25 c.u. méadar in Áth an Charbaill, Lios Póil
- Druilleáil foinse nua tobar tástála ag an bhFearas Cóireála Uisce ar an bhFeothanaigh
- Sciathbhrait inraoin nua sa Sráidbhaile do WSS Caisleán Ghriaire is ag Cúm na hEorna do WSS.
- Gairneoireacht tírdhreach ag fearas cóireála Abhainn an Scáil

Liosta Gníomh Feabhsúcháin (R.A.L.)

I 2008, chuir an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil do Liosta Gníomh Feabhsúcháin maidir le Soláthar Fíoruisce Poiblí. Fuair Comhairle Contae Chiarraí €9.863 milliún mar mhaoiniú RAL i 2008 agus €5.716 milliún mar mhaoiniú breise i 2010.

Tharla uasghrádú suntasach ar na scéimeanna soláthar uisce poiblí ar fad sa chontae mar atá díghalrú, aláraim agus fearas monatóireachta.

I dtús na bliana 2013, ar an iomlán coimisiúnaíodh 20 Fearas nua Cóireála Uisce faoin gclár RAL. Arís críochnaíodh 12 Fearas Cóireála Uisce "RAL" le linn 2013 i mBaile Breac, Tír na gCliath, Gleann Fán, Baile an Lochaigh, An Cheapaigh Iarthair, An Clochán, Dún Chaoin, Baile an Fheirtéaraigh (An Cat Dubh), Baile an Fheirtéaraigh (Leataobh), Cill Mhaoilchéadair, Cé Bhréanainn agus Baile an Mhuilinn/Poll Gorm

Le linn 2013, bhain an EPA 8 scéim den liosta RAL i nGleann Doire, An Cheapaigh Iarthair, Cé Bhréanainn, An Fheothanach, An Mhin Aird (Uimh. 3), Bréinlí, Imleach Péiste agus Gleann Beithe.

Coimisiúnaíodh Fearas Cóireála Uisce An Coireán i 2013 mar chuid de chonradh Dearadh Tógáil Oibriú.

Fuíolluisce Poiblí

Ar an iomlán oibrítear 16 fearas cóireála fuíolluisce agus 32 áischeadchóireála poiblí ar fud an chontae.
Coimisiúnaíodh Fearas Cóireála Fuíolluisce An Coireán Meán Fómhair 2013 mar chuid de chonradh Dearadh Tógáil Oibriú.

Ar na huasghráduithe tábhachtacha a tharla ar an mbonneagar fuíolluisce i 2013 bhí:

- Suiteáladh Córas SCADA do WWTP Baile an Bhuinneánaigh
- Suiteáladh WWTP do Bhaile an Ridire
- Clúdaigh nua dúnpholl séarach i gCathair Saidhbhín
- Uasghrádú stáisiún caidéalaithe do Scéim Séarachais Leic Snámha
- Feabhsúcháin ollmhóra gréasáin ar na séaraigh i mBaile an Fheirtéaraigh agus Cé Bhréanainn.
- Caidéil nua séaraigh i Rinn Buí Baile an Bhuinneánaigh
- Meadar nua srutha do stáisiún caidéalaithe Bóthar Ghleann Beithe, Cill Orglan
- Suiteáladh dhá thiomáint nua luasinathraithe i stáisiún caidéalaithe Droichead Chill Orglan
- Suiteáladh tiománta nua luasinathraithe sna caidéalaithe fillte sludaigh Fearas Cóireála Fuíolluisce i bhFearas Cóireála Fuíolluisce Daingean Uí Chúis
- Uasghrádú ar chóras SCADA Scéim Séarachais Chathair Saidhbhín chun stáisiún caidéalaithe Reenrusheen a bhreith isteach ann
- Síneadh leis an séarach poiblí trí Sheachród nua Thrá Lí ag Crosaire na Ceártan
- Sciathbhrait inraoin nua do WWTP Thrá Lí

Uisce Tuaithe

Is í Comhairle Contae Chiarraí a riarann an Clár Uisce Tuaithe trí mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is í an Roinn Seirbhísí Uisce a chabhraíonn le Grúpscéimeanna ar bhonn riaracháin agus innealtóireachta. Ar an iomlán forbraíodh 507 Grúpscéimeanna Uisce i gCiarraí agus ghlac Comhairle Contae Chiarraí le 234 agus iad siúd anois á riaradh acu.

I 2013, ghlac Comhairle Contae Chiarraí le 38 grúpsceim mar mhuirear orthu féin.

> Anabla/Tooreemamult, Béal Átha an Teamhrach, Baile na hUla Uimh. 5, Baile an Tearmainn, Baile Uí Dhúthaigh – Clár, Ballyline, An Bán Ard Uimh. 2 - Clár, Lios an Phúca, Áth an Trochais, Na Buailtíní, Cárthaí, Cúil Chorcráin, Na Cúillí, Dún Catha Breise, An Dúinín (Oileán Chiarraí), Glaise na nUan – Clár, Gleann Láirthinn, An Gort Glas, Gortshannavalla, An Gabhlán Uimh.1, Inis, Cinn Ard, Knockburrane, Léim Uí Dhúda, Leath Thoir Uimh. 2, Leith, An Com Íochtar, Na Ladhráin, An Macha, Meánas, Gort na Scairbhe, Muingarvanig, An Ráth Beag, An Ráth Beag Uimh. 4, Renasup – Clár, Srón Thoir, Srón Uimh. 2, Tonreigh & An Tuar Mór Uimh .3 – Clár

Dá bhrí sin tá breis is 170Cm príomhphíopaí agus 1,745 ceangal tí/talún mar mhuirear ag Comhairle Contae Chiarraí. Táid idir fhad 0.22Cm agus 22Cm.

I 2013 tharla Uasghrádú sula nGlacfaí leo mar Mhuirear ar naoi Grúpscéim Uisce. I 2013 glacadh mar mhuirear le cúig cinn díobh.

<u>Gaiscí Tabhachtacha i 2013</u>

- Chaith Comhairle Contae Chiarraí €883,000 ar Ghrúpscéimeanna a chur chun cinn.
- De bharr Uasghrádú sula nGlacfaí mar Mhuirear leagadh breis is 4.6Cm píopaí nua do do Scéim Chlann Mhuiris.
- Fuarthas 26 iarratas ar Dheontais Tobair.
- Ar an iomlán fuair 62 Grúpscéim iocaíochtaí fóirdheontais.
- Níor maoiníodh aon Ghrúpscéim nua Soláthar Uisce ceangailte le soláthar poiblí i 2013.
- Caitheadh €371,000 fós ar oibreacha breise, go príomha um fheabhas cáilíocht uisce maidir le scéimeanna beaga uisce poiblí.

Caomhnú Uisce:

As an dTionscnamh Caomhnú Uisce a bunaíodh i 2005 is ea a d'eascair an tAonad um Chaomhnú Uisce a oibríonn anois mar Aonad lárnach Gnó laistigh den Roinn (Oibríocha) Seirbhísí Uisce.

Dírítear ar Chaomhnú Uisce sa bhainistíocht ghníomhach, leagtar an bhéim ar rialú sceitheadh agus ar diomailt uisce a laghdú, rud a laghdaíonn éileamh ar uisce agus a ghineann spáráil ó thaobh costas táirgeadh uisce de. Ina theannta san is cosaint é an Caomhnú Uisce ar an infheistíocht chaipitiúil a tharla sna Seirbhísí Uisce.

Ar an meán táirgeadh 99,980 méadar ciúbach in aghaidh an lae i gCiarraí le linn na bliana 2006, ní raibh i gceist i 2013 ach 82,617 méadar ciúbach in aghaidh an lae agus sin laghdú 17%. Is ionann san agus laghdú 6.3 milliún méadar ciúbach.

Lorgaítear sceitheadh anois mar chuid de ghnáthdhualgais laethúla na bhfoirne speisialta chuige sin. Ó lár na bliana 2006 aimsíodh/deisíodh thart ar 5,200 sceitheadh sa Chontae.

Clár Athchóirithe Príomhphíopaí:
Mar chuid de Chéim 3 den gClár um Chaomhnú Uisce, d'ullmhaigh an tAonad Caomhnú Uisce Clár Athchóirithe Príomhphíopaí agus seoladh naoi bpacáiste Oibreacha Athchóirithe Príomhphíopaí idir Iúil 2011 agus Iúil 2012 chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil faoin gClár Infheistíocht i Seirbhísi Uisce (WSIP) 2010 – 2013.

Sna haighneachtaí úd moladh 67 cinn de phríomhphíopaí nua ar chostas measta **€12,742,907.**

Go dtí seo cheadaigh an Roinn buiséad iomlán **€11,113,248** chun 61 cinn de na príomhphíopaí úd a sholáthar sa chontae.

Reiligí

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as na 141 reilig atá faoina gcúram nó ar leo féin iad a stiúradh agus a chothabháil. Is suímh seandálaíochta iad 92 reilig sa chontae agus cosnaítear iad siúd faoin Acht um Shéadchomharthaí, caithfear cead speisialta a lorg roimh ré chun obair a dhéanamh is déantar maoirseacht uirthi. Ní mór a bheith fíorcháiréiseach agus tuisceanach sna cúrsaí úd.

Agus maoiniú ag dul i léig le blianta beaga anuas, ta fíorthábhacht le saothar na ngrúpaí pobail a bhíonn ag cothabháil is ag coimeád slacht ar reiligí. Tugann an Chomhairle maoiniú do suas le 50 coiste pobail a bhíonn gnóthach ina leith agus táthar ag súil le cur leis an líon sin. Bunaítear an maoiniú ar Chláir oibre a sheoltar isteach lena gceadú ag an roinn Seirbhísí Uisce. Tá feabhas an-mhór ar reiligí áirithe an Chontae dá bharr san.
Táimid go mór faoi chomaoin ag lucht a dhéanta agus margadh maith ar fáil againn i gcónaí is sinn ag plé leis na grupaí céanna.

Gaiscí Tábhachtacha i 2013

- I 2013, trín Oifig Seandálaíochta Contae agus i gcomhar le LEADER, bhunaigh an Chomhairle Scéim um Chomharthaíocht Reiligí chun comharthaí a chur in airde ar reiligí stairiúla a ndeineadh suirbhé orthu le cúig bliana anuas. Cuirfidh an méid sin críoch leis an nasc idir na suirbhéanna reiligí agus an suíomh idirlín don Chlár Adhlactha Údarás Áitiúla.
- Dhein an Chomhairle uaghrádú suntasach ar roinnt reiligi mar chuid den gclár leanúnach feabhasúcháin. Soláthraíodh cosáin agus pliontaí leac thuama, feabhsaíodh slite isteach, geataí, fallaí, draenáil 7rl. Tharla oibreacha caipitiúla i Reilig Nua Chill Airne, Naomh Eoin Oilean Chiarraí, Mainistir Ó dTorna agus Aughavallin.
- Tá conraitheoir ag obair faoi láthair ar reilig nua don Chromán.
- Forbraíodh reilig nua atá ar fáil anois i mBéal Átha Longfort.
- Cuireadh síneadh le reilig Scairteach an Ghlinne.
- Críochnaíodh aistriú suíomh chuig an Chomhairle ón OPW do reilig nua (gar don seanreilig) agus é ar intinn an fhorbairt a thosnú an bhliain seo chugainn 2014.
- Tá deireadh leis na próisis phoiblí 'Cuid 8' maidir le sínte molta le reiligí na hInse agus Fionntrá. Tá sé i gceist an obair a thosnú i 2014, nuair a bheidh deireadh go dlíthiúil leis an aistriú tailte.
- I 2013 síníodh Comhaontuithe Sealadacha d'Fhála Tailte chun sínte a chur le reiligí Chill Chuimín agus An Tóchar.

Leithris Phoiblí

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as 29 Leithreas Poiblí ar fud an chontae - Daingean Uí Chúis, Baile an Bhuinneánaigh (2 ceann), Baile Uí Thaidhg, Baile An Sceilg, An Bheannach, Cathair Saidhbhín, An Cromán, Oileán Chiarraí, Caisleán Ghriaire, An Fhianait, Fionntrá, Bearna an Chuimín, Inse, Na Cealla, An Neidín, Cill Orglan, Baile an Ridire, Na Machairí (Trá Béal Geal), An Caladh, Ros Beithe, Cé An Scragáin (Na Machairí), An tSnaidhm, An Stéig, Tairbeart, An Coireán agus An Trá Bán.

Bíonn socruithe éagsúla oibríochta maidir leo seo. Don chuid is mó bíonn feighlí ar bhonn páirtaimsearatha ach is grúpaí pobail a thugann aire do sheacht gcinn mar atá Baile an Bhuinneánaigh (2 ceann), An Caladh, An tSnaidhm, An Coireán, Na Cealla agus Baile an Ridire. Tá an Chomhairle go mór faoi chomaoin ag lucht na ngrúpaí seo agus margadh maith ar fáil againn i gcónaí uathu. Ina theannta san bíonn sárobair ar ardchaighdeáin ar bun acu i gcónaí.

Tharla móroibreacha uasghrádaithe ar an áis i nDaingean Ui Chúis i 2013 agus in áiteanna eile tharla mionoibreacha mar thíleanna nua is péinteáil.

Tionscadail um Mhargadh Maith

I 2013, spáráladh an-chuid airgid sa roinn Seirbhísi Uisce (Oibríocha) trí chleachtais nua maidir le modhanna oibre agus le fáil earraí is seirbhísí. Spáráladh breis airgid arís trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail fheidhmiú fuinnimh, go háirithe sa Scéim Feidhmiú Fuinnimh sa Láthair Oibre, scéim a fhaigheann cuid den mhaoiniú ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Ar an gcaiteachas a spáráladh i 2013 trí chleachtais nua oibre agus fála bhí:

- Spáráladh thart ar €39,000 trí Chonradh Lárnach i gcás sludach séaraigh a iompar ó trí cinn de WWWTP .
- Spáráladh €26,000 i 2013 trí Chreat Conarthaí do cheirdeanna mar leictreoir, feisteoir agus teicneoir uirlisí.
- Ceannaíodh 6 feithicil scuaine trín seirbhís náisiúnta fála NPS agus spáráladh €20,900
- Spáráltar airgead mór i gcónaí trín gCóras LA um Thairiscintí Fearas ar Cíos agus i mbliana 2013 spáraladh thart ar €70,000.

Ar thionscadail fheidhmiú fuinnimh a tharla i 2013, iad siúd faoin Scéim Feidhmiú Fuinnimh Pobail an SEAI san áireamh, bhí an méid seo a leanas:

- aerthóirí nua ingearacha dromchla do WWTP Chill Airne agus Aerú Spréite Mínbholgán (FBDA)
- aischóiriú ar aerú Bhaile an Bhuinneánaigh trí chóras FBDA
- caidéil is mótair nua do WTP Chiarrai Láir trí aonaid ardfheidhmithe
- suiteáladh caidéil is mótair ardfheidhmithe i stáisiún caidéalaithe Coolcorcoran
- aonaid nua glónrú triarach d'fhuinneoga is doirse lasmuigh i WTP An Dromainn
- feabhas ar fheidhmiú soilsithe d'fhoirgneamh rialaithe WWTP Trá Lí
- trí chaidéal fuíolluisce nua is mótair ardfheidhmithe ar luas inathruithe i stáisiún caidéalaithe Bóthar Crowe

Bunaithe ar phróifíl caitheamh 2012 agus 2013, meastar gur spáráladh thart ar 360,000kWh nó €50,000 ar chúrsaí funnimh in aon bhliain amháin.

Mar chuid den chlár Táscairí Feidhmiú Funnimh Seirbhísí Uisce (EPI), d'éirigh le bearta feidhmiú fuinnimh ag áras caidéalaithe Chill Kilsarkan. Críochnaíodh oibreacha deisiúcháin a rug spáráil iomlán in aghaidh bliana 29,460kWh nó €4,125.

Chun margadh rí-mhaith a fháil ar chostas breosla d'fheithiclí Seirbhísí Uisce, fuarthas 11 Cártaí Breosla *Topaz* i 2013. Trí na Cártaí Breosla *Topaz* Breosla *Topaz* leis ligtear don mhonatóireacht feithiclí. D'éirigh le *Topaz* sa tairiscint chuig an Oifig Fála Poiblí maidir le seirbhísí cárta breosla a sholáthar i 2014. Dá bhrí sin féadfar na cártaí a fuarthas i 2013 a usáid an bhliain seo chugainn 2014.

Toisc Seirbhísí Uisce Comhairle Contae Chiarraí a bheith páirteach sa Scéim Eirgrid um Laghdú Beannéilimh Geimhridh Eanáir is Feabhra 2013 fuarthas íocaíochtaí €27,270 ar son an rannpháirteachais.

Caipiteal Seirbhísí Uisce

Go dtí deireadh na bliana 2013 bhíodh an Roinn Caipiteal Seirbhísí Uisce freagrach as bonneagar uisce agus fuíolluisce a sholáthar don chontae, san áireamh bhíodh scéimeanna nua a dhearadh agus a riaradh trín gcéim tógála. Go príomha thagadh maoiniú seachtrach don obair a dheineadh an Roinn Caipiteal Seirbhísí Uisce ó na foinsí seo:

- An Clár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- An Clár Uisce Tuaithe atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

De ghnáth chaitheadh Comhairle Contae Chiarraí síntiús nach beag óna cuid maoiniú féin a chur leis an méid a fhaightear, de ghnáth idir 10% agus 36% den chostas iomlán.

Ó 1 Eanáir 2014 ar aghaidh aistreofar cúram Seirbhísí Uisce ar bhonn náisiúnta chuig comhlacht nua dar teideal Uisce Éireann agus beidh conradh ag Oifig Tionscnamh Caipitiúil Seirbhísí Chiarraí faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhísí chun na seirbhísí céanna a sholáthar dóibh. As san amach is iad Uisce Éireann a dhéanfaidh measúnú ar riachtanais tionscnamh bunaithe ar aighneachtaí ón gComhairle is ar na riachtanais theicniúla agus rialaithe. Beidh maoiniu agus cur i bhfeidhm scéimeanna faoi chúram díreach Uisce Éireann.

Sa chomhthéacs úd tá cúinsí go hiomlán difriúil ann don Oifig Tionscnamh, cé gur deineadh Aighneachtaí Cas Gnó chuig Uisce Éireann mí Dheireadh Fómhair 2013 is iad Uisce Éireann a bheidh freagrach as glacadh le tosaíochtaí scéimeanna is le próisis nua agus freisin as iad a chur i gcrích.

I rith an dara leath den bhliain 2013 bhí an-chuid oibre le déanamh ag an roinn maidir leis an dtrasnú chuig timpeallacht nua oibrithe. Caitheadh cuntais ar fad na dtionscnamh a bhí ar siúl maraon le córais leis an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil a dhúnadh agus níor mhór glacadh le córais nua faoi Uisce Éireann agus iad a chur i bhfeidhm.

Bhí an roinn an-ghnóthach le linn 2013 agus 27 fearais chóireála uisce RAL á dtógaint maraon le hathchóiriú príomhphíopaí i roinnt ceantar sa chontae. Laistigh den chomhairle fhéin a tharla an dearadh is an bainistiú tionscnaimh ar fad. I 2013 leis críochnaíodh Fearas Cóireála Uisce & Fuíollusce An Choireán (€8.7), Taischumar An Scairt (€3.5m) agus Conradh Píopaí ar Aghaidh do Thairbeart (0.33m) .

Mí na Nollag 2013 ba é an tUas. Phil Hogan T.D., Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áirtiúil a d'oscail go hoifigiúil Córas Soláthar Uisce agus Fuiollusce An Choireán. An mhí chéanna d'oscail Meara Chiarraí, An Comh. Séamus Cosaí Mac Gearailt scéim Soláthar Uisce An Mhuiríoch – Baile Breac tar éis uasghrádú a bheith déanta faoin gClár Uisce Tuaithe (RAL).

Dul Chun Cinn an Aonad Capiteal Seirbhísí Uisce 2013

2013 Dul chun cinn	Tionscnaimh	Meastachán
Tógaint Chríochnaithe	RAL – Feabhas ar Uisce – An Cheapaigh Thiar, An Clochán, An Fheothanach, An Mhin Aird, Baile an tSagairt, Baile na bhFionnúrach, Baile an Fheirtéaraigh (2 foinse), An Com, Caisleán Ghriaire, Ceann Trá, Cill Mhaoilchéadair, Dún Chaoin, Gleann Doire, Lios Cearnaigh, MK Cnoc an Mhóta agus Tír na gCliath (Tairbeart).	€4.68m
	An Coireán WSS & SS – Conradh Dearadh Tógaint & Oibriú	€8.70m
	Scéim Lárnach Réigiúnach Soláthar Uisce – Taischumar An Scairt	€3.50m
Tógaint Tosnaithe agus Críochnaithe	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Moladh Uimh 1– Obair Dhíreach Contae – Athbhunú Bóthair Déanta	€1.84m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Príomhphíopaí Bhaile Thrá Lí	€0.06m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí - Ascail Mhic Easmuinn. Piopaí leagtha trí chonradh. SS Tairbeart – Conradh Piopaí ar Aghaidh	€0.78m €0.33m
Tógaint Tosnaithe agus fós ar siul		
	RAL – Feabhas ar Uisce – Daingean Uí Chúis, An Gleann, Baile an Fheirtéaraigh (2 foinse), Baile an Sceilg, Cathair Dónall, Loch Carthaí, An Siopa Dubh, Inis Poiblí, Málainn, An Mhin Aird puc agus An Caladh.	€4.40m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Moladh Uimh 7 – Obair Dhíreach Contae	€1.95m
	Béal Átha Longfort & Tairbeart Uasghrádú SS - WWTP – Conradh tógaint bronnta	€2.70m
Dearadh ag dul ar aghaidh	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí Bhaile Thrá Lí – tairiscint fógartha Nollaig 2013.	€2.64m
	Caomhnú Uisce – Athchóiriú Príomhphíopaí – Doire, Lios Tuathail Scrúdú Suíomh Tosnaithae Nollaig 2103	€1.16m
	Scéim Séarachais Ard Fearta – SI Deanta/ Fáil Tailte Críochnaithe/ Doiciméid Chonartha Críochnaithe	€3.05m
	Scéim Lárnach Réigiúnach Soláthar Uisce – Cóiriú - DBO Doiciméid Dearadh Athbhreithniú & Conradh ar siúl	€25.40m

Seirbhís Dóiteáin Chiarraí

Leanadh den uasghrádú ar Scuaine Seirbhís Dóiteáin Chiarraí le linn 2013.

Ceannaíodh ceithre Jíp *Ford Ranger* 4x4 le feidhmiú ar/as bóthar le linn drochaimsire agus ar thalamh garbh sléibhte, rud atá go hiontach má táthar ag plé le tinte aitinn. Coimisiúnaíodh iad i 2013. Dáileadh iad ar Stáisiúin Dóiteáin Thrá Lí, Lios Tuathail, Cill Orglan agus Cathair Saidhbhín.

Mí na Nollag fuair Stáisiún Dóiteáin Thrá Lí Inneall nua Dóiteáin *Scania* Rang B ó Sidheán Teo. Mhaoinigh an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) é sin ón nDáileadh Caipitiúil 2011, é faighte ar ár son trí Sheirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí trí fhiontar comhfhála le hÚdaráis Dóiteáin Chorcaí agus an Chláir.

An Clár um Shábháilteacht Dóiteáin

Leanadh den Chlár um Athrú sa tSeirbhís Dóiteáin a chur i gcrích i 2013.

Faoin gClár Pobail Aláram Deataigh 2013, le cabhair ón RCPRÁ dáileadh gnáthaláraim deataigh i gcomhar leis an Roinn Pobal agus Fiontar ar 1,000 i measc an phobail a bheadh leochaileach sna cúrsaí úd.
Dáileadh 150 aláram speisialta leis a bheadh oiriúnach dóibh siúd a bhful máchaill éigin éisteachta orthu, maoinithe ag an RCPRÁ.

Leantar freisin den chlár bunscoileanna agus pacáistí um Shábháilteacht Tine agus teagasc ar an ábhar céanna á gcur chun cinn ag an bhfoireann i measc scoláirí sa tríú rang i mbunscoileanna.

Gaiscí Tábhachtacha i 2013

Tháinig an Bhriogáid amach ar slógadh 1,250 huaire le linn 2012 agus sin méadú 58% ar 2012.

Ba iad Tinte Aitinn, Tinte Simné agus Timpistí Bóthair na hócaidí ba mhó a bhíodh i gceist nuair a ghlaotaí amach ar shlógadh na Briogáide.

Cé go raibh laghdú ón mbliain 2012 ar líon na dtinte aitinn, is fíor go bhfuil laghdú ar bun i gcónaí i gcomparáid le 2010 agus 2011.
Aithnítear gur thit an-chuid báistí i 2012 agus nárbh amhalidh a bhí le linn 2013, dá bhrí sin bhí an leibhéal ar nós an bhliain 2011. Is mór an chabhair í an feachtas feasachta a bhíonn ar bun againn sna cúrsaí úd. Éascaítear na cúrsaí ceanna trí chomhoibriú idiráisínteachta agus plé rialta le páirtithe leasmhara mar Teagasc, IFA, An Roinn Talmhaíochta, Coillte agus an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra.

Rialú Foirgníochta 2013

- Fuarthas 355 Fógra Tosach Feidhme/Fógra 7 Lá i 2013 a bhain le 371 foirgneamh
- Scrúdaigh na hoifigigh 199 nó thart ar 53.64% d'fhoirgnimh fhógraithe
- Bronnadh 111 Deimhniú um Shabháilteacht Dóiteáin
- Bronnadh 64 Deimhniú ar Áisiúlacht do Lucht Míchumais

Bíonn an Roinn Rialú Foirgníochta ag scaipeadh eolais agus ag cur le feasacht ar an Rialacháin Fhoirgníochta trí:

- A chinntiú go bhfuiltear go minic le feiscint ar láithreacha foirgníochta in áiteanna éagsúla ar fud an chontae
- Foirgnimh a scrúdú maidir le géilliúlacht do na Rialacháin Fhoirgníochta
- Comhairle a chur ar dhaoine maidir leis na Rialacháin Fhoirgníochta
- Rochtain a sheiceáil do lucht míchumais
- Na Teastais Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgnimh (BER) a lorg chun caomhnú i gcúrsaí fuinnimh agus breosla a chur chun cinn.

Cosaint Shibhialta

"An Chosaint Shibhialta a chur chun cinn, a fhorbairt is a choimeád mar eagraíocht phroifisiúnta shaorálach chun céadfhreagairt agus tacaíocht phobail a sholáthar i gcás éigeandála".

Oibríonn na saorálaigh i gCosaint Shibhialta faoi stiúir an údaráis chuí áitiúla. Tugtar oiliúint dóibh i mórán scileanna mar gharchabhair, tarrtháil, cothú éigeandála, cúram aslonnaithe, cumarsáid, cuardach ar uisce/thalamh agus monatóireacht raidíochta.

Tá 310 saorálach cláraithe ar an mbunachar sonraí i gContae Chiarraí.
Tá 23 teagascóir i gCosaint Shibhialta Chiarraí atá cáilithe chun na hábhair éagsúla a mhúineadh tríd an eagraíocht ar fad.

Buaicphointí na bliana 2013

- Bhí Cosaint Shibhialta Chiarraí páirteach i searmanas Ordnaithe Easpag Chiarraí i gCill Airne 21 Iúil, trí chlúdach Míochaine, freastal ar na Seirbhísí Éigeandála agus tacú leis na Gardaí maidir le Smachtu Tráchta.
- Dhein Cosaint Shibhialta Chiarraí comhordú ar an bPlean Míochaine do Rothaíocht Charthanachta An Mhór-Chuaird 2013 mar a raibh nach mór 9,000 rothaí páirteach.
- Bhronn Coiste Rothaíocht Charthanachta An Mhór-Chuaird ceithre rothar ar Seirbhís Taismeachta Cosaint Shibhialta chun Clúdach Míochaine a sholáthar d'imeachtaí Pobail.
- Sholáthraigh Cosaint Shibhialta Clúdach Míochaine le hotharcharr agus foireann ar feadh coicíse don Rothaíocht in aghaidh Féinmharaithe.
- Bhí baint ag Cosaint Shibhialta Chiarraí le Tóstal na Seirbhísí Éigeandála i dTrá Lí le tacaíocht ó Chomhairle Baile Thra Lí.

Gníomhaíochtaí i 2013.

- Garchabhair agus Otharchairr ag imeachtaí mora spóirt mar Rásaí Lios Tuathail, Maratón Daingean Uí Chúis, Slógthaí, Aonach an Phoic, Féile Chiarraí agus Rothaíocht Charthanachta An Mhór-Chuaird.
- Clúdaíodh 98 Ócáid éagsúla sa Chontae i 2013.
- Oileadh agus cáilíodh beirt Bhainisteoir Cuardaigh sa tSeirbhís Tarrthála.
- I gCill Airne oileadh ceathrar ón tSeirbhís Chúnta Dóiteáin i gCúrsa Iomlán coicíse do Chomhraiceoirí Tine.

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Stiúrthóir Seirbhísí: Michael McMahon

Foireann Sinsearach:

Innealtóir Sinsearach: Paul Stack

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Joan McCarthy

"Comhshaol geilleagrach agus fisiciúil anso i gContae Chiarraí a bhainistiú mar is cóir agus bearta chuige sin a spreagadh, a chur chin cinn agus a éascú".

Pleanáil ar Aghaidh

Tá sé de phríomhchúram ar an Aonad Pleanáil ar Aghaidh polasaithe/cuspóirí eacnamaíoch, sóisialta agus bonneagair a a chruthú chun cur le forbairt inmharthana is pleanáilte i gContae Chiarraí. Tá a leithéid de pholasaithe/cuspóirí laistigh den Phlean Forbartha Contae/Pleananna Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme.

Ar 27 Márta 2013 tosaíodh ar athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae 2009-2015. Ullmhaíodh Doiciméad Plé agus tharla seacht seisiun eolais ar fud an chontae. Ina dhiadh sin ullmhaíodh Dréachtphlean a cuireadh faoi bhráid na gComhairleoirí 22 Samhain 2013. Beidh an Dréachtphlean ar taispeáint go poiblí i 2014.

Le linn 2013 glacadh freisin leis na Pleananna Ceantar Feidhme Ceantar Áitiuil seo a leanas:-

- Plean Ceantar Áitiúil FA Cathair Saidhbhin An Coireán An tSnaidhm 2013-2019
- Plean Ceantar Áitiuil FA Lios Tuathail Baile an Bhuinneanaigh 2013-2019
- Plean Ceantar Áitiuil FA Mol Trá Lí/Cill Airne 2013-2019.

Aonad Eastát Tithíochta

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cigireacht ar eastáit tithíochta sa chontae ó bhunaíodh an Aonad Eastát Tithíochta i 2009. Dáileadh an-chuid acmhainní ar an Aonad chuige sin. Go dtí seo táthar tar éis 877 láithreacha a aithint mar a bhfuil forbairt nár críochnaíodh nó mar a bhfuil gá le hoibreacha a dhéanamh orthu. Tá an tAonad Eastát ag comhoibriú le forbróirí chun go gcríochnófar gach aon eastát ar chaighdeán sásúil.

Ní mór dúinn i gcónaí bannaí árachais/airgeadais a fháil ina leithéid de chás mar chosaint ar eagla nach gcomhlíonfaí na coinníollacha pleanála. D'fhéadfaí an banna a tharraingt anuas ansan chun go gcuirfeadh an tAonad Eastát an obair i gcrích. Le linn na tréimhse idir 2009 agus 2013 tarraingíodh anuas bannaí áirithe agus bhí an Chomhairle in ann roinnt eastát a chríochnú.

Déantar cigireacht ar eastáit nua roimh ré agus le linn na tógála. Go dtí seo aithníodh 25 cinn díobh agus tá an tAonad ag comhoibriú le forbróirí agus monatóireacht á dhéanamh ar gach aon chéim ar aghaidh. Leantar den obair scrúdaithe is measúnaithe a bhaineann le heastáit a ghlacadh mar mhuirear ar an gComhairle.

	Líon Iarratas Faighte	Líon eastát glactha mar Mhuirear
2009	45	6
2010	8	5
2011	12	8
2012	5	8
2013	8	15

Glacadh an heastáit seo a leanas mar mhuirear i 2013

- "Sunday's Well", Lios Luais, Trá Lí
- "Cois Ard", Dubhath
- "Cill Mhuire", Cill Mhuire, An Neidín
- "Quarryvale", Baile an Úlloird, Trá Lí
- "Hazel Grove", Ard Fearta, Trá Lí
- "Old Forge Iron Mills", Iron Mills, Cill Airne
- "Pairc An Glúinín', An Coimín Thoir, Ardfert
- 'Castlecove', Knocklyne, Cill Orglan
- 'Baile an Tooreen', Farrantoreen, Cill Orglan
- 'Gransha Lower', Caisleán na Mainge
- 'Church Close', Gortagullane, Mucros, Cill Airne
- 'Beech Grove'. Cahirdown, Lios Tuathail
- 'Shannow Banks', Abhlán Dubh, Mainistir Ó dTorna
- 'Cois Clydagh', Brosnach Thiar, Brosnach
- 'Radharc na hEaglaise', An Coimín Thuaidh, Ard Fearta

Rialú Pleanála

Toradh ar an gcúlú eacnamaíochta is ea an laghdú gniomhaíochta sa rialú pleanála agus 871 iarratas pleanála ar an imlán faighte i 2013. Is é an dála céanna é ag údaráis áitiúla eile de dheasca cúrsaí foirgníochta a bheith ag dul i léig mar atáid le blianta beaga anuas.

Toisc cúinsí nua de bharr Alt 28 den Acht (Leasú) um Phleanáil agus Forbairt, tháinig méadú ar an líon iarratas a fhaightear ar shíneadh ama a chur le cead pleanála. Pléadh le 190 iarratas dá leithéid i 2012.

Forfheidhmiú Pleanála

Níl aon laghdú ar an ualach oibre sa réimse úd. Táid ann i gcónaí a dheineann neamhaird de na rialacha pleanála agus dímheas acu ar a gcomharsana.

	Eanáir – Nollaig 2013	Nótaí
Líon cás gearán pleanála a scrúdaíodh	194	Na gearáin scríofa go léir a fuair an tÚdarás Áitiúil maraon le tuairiscí ó fhoireann Comhairle Contae Chiarraí
Líon cás gearán pleanála a díbheadh	123	Na gearáin go léir a scrúdaíodh sa chás nach raibh aon ghá le Litir Rabhaidh ná le Fógra Forfheidhmithe
Líon cás gearán pleanála a scrúdaíodh a réitiodh trí chomhráití	152	Líon cas a réitíodh nuair a tugadh Cead Coimeádta nó gur dhein an forbróir pé oibreacha a bhí riachtanach de réir na Rialacháin um Phleanáil & Forbairt
Líon próiseas forfheidhmithe a tógadh trí Litir Rabhaidh a eisiúint	174	Litreacha rabhaidh a eisíodh faoi réir ag Alt 152 de na hAchtanna Pleanáil & Forbairt 2000-2007
Líon cás gearán pleanála a tógadh trí Fhógraí Forfheidhmithe a eisiúint	125	Líon Fógraí Forfheidhmithe a eisíodh faoi réir ag Alt 154/155 de na hAchtanna Pleanáil & Forbairt 2000-2007
Lion Ionchuiseamh	5	Lion cás cúirte ar éistíodh den chéad uair leo sa chuirt – cuireadh comhaid eile ar aghaidh chuig an Dlíodóir Contae le linn na tréimhse céanna

Cairéil

San Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 tá athrú suntasach maidir le forbairt cairéal, go háirithe i gcás iarratas ar fhorbairt a choimeád agus faoin bhforfheidhmiú pleanála. Bhí Ailt 74 & 75 den Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 i bhfeidhm 15 Samhain 2011. Faoin Acht úd bhí ar Chomhairle Contae Chiarraí gach aon chairéal sa chontae a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh maidir lena stádas pleanála faoi 15 Lúnasa 2012. Aithníodh 179 suíomh cairéil.

I ndiaidh na suímh go léir a scrúdú sin eisíodh fógraí mar a leanas:

- Eisíodh 21 Fógra ag rá le húinéirí iarratas ar Chead Ionadaíochta a dhéanamh chuig An Bord Pleanála
- Eisíodh Fógraí Forfheidhmithe a d'ordaigh clabhsúr agus athbhunú 10 cairéal.
- Don chuid ba mhó ní raibh aon ghá lena thuilleadh a dhéanamh, d'fhéadfadh na cairéil úd gníomhú de réir a gcoinníollacha Alt 261 nó coinníollacha pleanála, pé acu a d'oirfeadh dóibh.

Mar seo atá cúrsaí faoi láthair:
Dhein ocht de na 21 cairéal aitheanta iarratas ar Chead Ionadaíochta chuig An Bord Pleanála. Caithfidh Comhairle Contae Chiarraí tuairisc a sholáthar maidir le gach ceann díobh.
Níor tháinig aon chinneadh ón mBord Pleanála faoi aon cheann de na hiarratais ar Chead Ionadaíochta faoi 1 Aibreán 2014.
Do chúig cairéal eile chuir An Bord Pleanála síneadh leis an dtréimhse ama chun iarratas ar Chead Ionadaíochta a sheoladh isteach.

Baineann gníomh Forfheidhmithe le roinnt eile suíomh cairéal ag éirí as (a) na fógraí forfheidhmithe a eisíodh tar éis an chead scrúdaithe
(b) Teip cuid de na húinéirí cairéil Cead Ionadaíochta a lorg

(c) Teip oibriú laistigh de na coinniollacha clárú 261/cead pleanála. Níl an dul chun cinn ar bhonn cothrom, cuireadh dhá chomhad chuig an roinn dlí ag lorg sa Chúirt Chuarda faoi S160 de na hAchtanna Pleanáil & Forbairt 2000-2013.

An Oifig Oidhreachta

An Ciste um Struchtúir i mBaol 2012

Tá sé mar aidhm ag an gCiste um Struchtúir i mBaol cabhrú le hoibreacha a chosnóidh struchtúir a bhíonn ar an Liosta Struchtúr Cosanta agus iad siúd a bhíonn laistigh de Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta, nuair a cheapann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta (REOG) gur léiríodh go cruinn go mbíonn géarghá lena leithéid d'oibreacha. Ní bhíonn san áireamhh ach struchtúir a bhíonn i mbaol dul i léig go suntasach. Toisc nach bhfuil ach maoiniú teoranta ar fáil (€475,000) ar an iomlán níl cead ag aon Údarás Aitiúil ach dhá thionscnamh a chur go dtí an REOG. D'éirigh leis an dá iarratas a sheol Comhairle Contae Chiarraí agus dáileadh €32,360 ar dhá thionscnamh i gCathair Saidhbhín agus Cathair Uí Mhóráin. Críochnaíodh an dá cheann in am.

Dearbhuithe Alt 57: (um Struchtúir Chosanta) Lorgaíodh agus críochnaíodh ceithre Dearbhú le linn 2013.

Cur leis dTaifead Struchtúr Cosanta (RPS): Moladh 72 struchtúr breise mar chuid de Phlean Forbartha Contae 2015-2021.

Ailtireacht Dhúchasach: I dteannta NEKD chuir Chomhairle Contae Chiarraí maoiniú ar fáil chun suirbhé ar ailtireacht dhúchasach a dhéanamh i gCiarraí Thuaidh agus Thoir is críochnaíodh é sin go deireanach i 2013. Nuair a bheidh breis maoinithe ar fáil, táthar ag súil le taispeántas a reachtáil chun na torthaí a léiriú agus tathar ag smaoineamh leis ar leagan giorraithe den suirbhé a fhoilsiú.

An Seandálaí Contae

Tá Roinn Seandálaíochta an Chontae freagrach as na réimsí seo a leanas:

Tionchar Seandálaíochta a Mheas/Monatóireacht/Trialacha Tochailte
Reiligí
Pleanáil & Polasaí
Seandálaíocht an chontae a thaifeadadh agus a chaomhnú

Gaiscí Tábhachtacha 2013

- Críochnaíodh trí Mheasúnú Tionchar Seandálaíochta
- Tharla monatóireacht seandálaíochta ar dhá thionscnamh
- Tharla Tástáil Seandálaíochta ar thrí thionscnam
- Deineadh moltaí maidir le 244 iarratas pleanála
- I gcomhar le SKDP deineadh léarscáileanna reiligí agus liostáladh sloinnte in aonaid léachtán a cuireadh i 29 reilig i gCiarraí Theas
- Aighneacht sonraithe chuig an bPlean Forbartha Contae
- Bhí an Tionscnamh Reiligí ar an ngearrliosta don Ghradam Feabhas sa Rialtas Áitiúil

- I gcomhar le Seirbhísí Uisce tharla dúnadh tuamaí agus gearradh/caoi a chur ar iomarca fáis ar fhothraigh eaglasta.

Tionscadail um Mhargadh Maith

Cuireadh tús le roinnt tionscadal um mhargadh maith i 2013 mar a leanas:

- Déantar an phriontáil ar fad a bhaineann le Pleananna laistigh den chomhairle agus cuirtear Pleananna Ceantar Áitiúla 7rl. ar Dhlúthdhioscaí lena ndáileadh ar na comhlachtaí ceaptha 7rl. ar son airgead a shábháil. Ar an gcuma san meastar go spárálfar airgead mór ar na cúrsaí úd go ceann i bhfad.
- Tá tacaíocht nach beag á sholáthar anois do ranna uilig na Comhairle ag an Aonad um Phleanáil ar Aghaidh maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a bhaineann le Pleananna agus le Tionscnaimh a gcaithfidh Scagadh AA (Measúnú Oiriúnach) nó tuairiscí Céim 2 nuair is cuí a bheith acu.
- Déantar gach aon Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus Measúnú Treoir Gnáthóg (HDA) a bhíonn riachtanach i gcás Pleananna, Straitéisí agus Athruithe 7rl. ag an bhfoireann féin laistigh den chomhairle.

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir, Oidhreachta & Taitneamhachta

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen

Foireann Sinsearach:
Leabharlannaí Contae: Tommy O'Connor
Comhordaitheoir don bhFóram Pobal & Deonach: Siobhan Griffin

Pobal & Fiontar

Oibríonn an Roinn Pobal agus Fiontar chun cuspóirí corparáideacha Comhairle Contae Chiarraí a bhaint amach sa bhforbairt iomlán idir gheilleagar is turasóireacht, cúrsaí pobail, cuimsiú sóisialta, na healaíona agus cultúr.

Ó bunaíodh na Boird Forbartha Contae thiar i 2000 tacaíonn an roinn trí chúrsaí riaracháin agus teicniúla le Bord Forbartha Contae Chiarraí agus saothraíonn le háisínteachtaí seachtracha, leis an earnáil Phobal agus Deonach agus le Ranna Rialtais chun a gcuid clár oibre a chur i gcrích.

D'fhógair an chár "*Daoine chun Tosaigh: Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach*" go gcuirfí deireadh leis na Boird Fhorbartha Contae is go mbunófaí Coistí Sóisialta-Eacnamaíoch (SEC) ar a dtabharfaí ar ball Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC). Mínítear sa dhoiciméad polasaí úd gurb é an rialtas áitiúil go príomha a stiúróidh seirbhísí poiblí ag leibhéal áitiúil – tabharfar treoir d'fhorbairt idir eacnamaíoch, sóisialta agus pobail, soláthrófar seirbhísí ar bhonn éifeachtach is tíosach agus deanfar ionadaíocht ar shaorálaigh is ar phobail áitiúla ar bhonn éifeachtúil agus freagrach.

Bunaíodh deich gcinn de SEC (LCDC ar ball) ar bhonn treorach/píolótach ar fud na tíre. Anso i gCiarraí, le linn 2013 tagann Feidhmiúchán an CDB le chéile go dtí go mbunófaí LCDC Chiarraí mar atá súil leis go luath i 2014. Tá réamhobair déanta sa roinn mar ullmhú do bhunú an LCDC (SEC mar a bhí) agus do ról méadaithe na n-údarás áitiúla um gheilleagar agus um phleanáil.

<u>Gaiscí Tábhachtacha 2013</u>

Leagadh béim i 2013 ar chur chuige comhtháite maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn éifeachtach laistigh de shrianta a bhaineann le staid gheilleagair atá an-dheacair ar fad.

<u>Gaiscí Tábhachtacha Pleanáil Eacnamaíoch agus Turasóireacht</u>

<u>Comhoibriú Eacnamaíoch</u>

- Dúnadh de réir a chéile feidhmeanna an Bhoird Fhorbartha Chontae roimis an struchtúir nua le teacht. Is fíor áfach, gur thoiligh an tAonad um Fhorbairt Gheilleagar Chiarraí, an fo-struchtúr eacnamaíoch a bhíodh ag KCDB, leanúint den obair ar ghnímh tábhachtacha tosaíochta.

- Tharla taighde margaidh ó 2012 i leith ar an suíomh www.countykerry.ie i gcomhar le hInstitiúid Theicneolaíochta Thrá Lí (ITT) chun aiseolas a sholáthar go príomha a neartódh an feachtas margaíochta digiteach againn féin.
- Lenadh arís i 2013 den dtaighde margaidh i gcomhar le ITT, an uair seo baineadh leis an earnáil talmhaíochta agus go speisialta leis an réimse céadtháirgthe. Bhí sé ar intinn factóirí a aithint a éascaíonn agus a chuireann bac le huibhe, uaineoil agus prátaí a tháirgeadh sa chontae.
- Beartais um Ghníomhaíocht Oibre – glacadh le duine mí na Samhna 2013 a bhí páirteach sa Chlár *Job Bridge* mar Anailísí Staitisticí chun cabhrú leis an oifigeach Pleanáil Eacnamaíoch agus Turasóireachta um na tionscnaimh seo a leanas – Próifil Talmhaíochta Chiarraí agus Próifíl Staitisticí Eacnamaíocha Chiarraí.
- Chríochnaigh Nuáil Chiarraí taighde margaidh i gcomhar le ITT um nuáil sna hearnála bia agus talmhaíochta a thomhas
- Dhein Nuáil Chiarraí (fo-ghrúpa d'Aonad Forbairt Fiontar Chiarraí KEDU) taighde ar fhéidearthacht clár píolótach comhairlitheach. Dírítear sa chlár nuála úd ar phointe amháin teagmhála a bheith ann do lucht gnó i bhfad na haimsire ón gcead smaoineamh go fás an ghnó agus go forbairt. Ar an gcuma san bheadh creatlach tacaíochta ann chun teacht ar chomhairle maidir le hábhair chuí mar a leanas

Turasóireacht

- Chuir Straitéis Turasóireachta an Chontae tús le fís turasóireachta a bhunú do Chiarraí agus an bhéim go príomha ar inmharthanacht eacnamaíoch sa phríomhthionscal seo. Tharla dianchomhráití i measc páirtithe leasmhara thar 15 earnáil difriúla agus eagraíodh 10 ceardlann aonair
- Tharla foghlaim i bpáirt trí léiriúcháin agus plé mar thoradh ar na comhráití Turasóireachta le páirtithe leasmhara
- Seoladh aighneacht ar son Chomhairle Contae Chiarraí maidir leis an athbhreithniú Polasaí Turasóireachta 2013/2014

Sóisialta & Pobail

- Chuir Comhairle Contae Chiarraí cúig grúpa ar aghaidh chuig an comórtas Uile-Éireann Mórtas Ceantair. Bhuaigh Oileán Dairbhre an duais mhór sa chatagóir 'Oileáin' agus bhi duais tánaisteach ag Cill Cuimín is ag Cathair Dónall faoi seach ina gcatagóirí. Moladh Cumann Cartlann Chill Orglan agus Tairbeart as ardchaighdeán a bheith acu. Tharla an searmanas i nDoire mí na Samhna 2013.
- D'éascaigh an Coiste SIM (Beartais Imeascadh Sóisialta) comhordú tacú CDB leis na Pleananna Bliantúla Forbartha Áitiúla & Pobail ag NEKD is ag SKDP araon agus ina dhiaidh sin leis an gceadúnú deiridh ag CDB.
- Tharla Gradaim Pobail Chiarraí don deichiú huaiar i 2013 agus bronnadh an duais mhór ar an dtionscnamh Recovery Haven Support a chabhraíonn leo siúd ar chuir ailse isteach orthu in aon slí
- Cuireadh Clár Oibre Fóram Pobail & Deonach Chiarraí i bhfeidhm. I 2013 bhí 865 grúpa cláraithe le Fóram Pobail & Deonach Chiarraí
- Athbhreithniú ar Straitéis Imeasctha (Inimircigh) Chiarraí 2010 – 2012
- Forbraíodh is cuireadh i gcrích Síneadh le Straitéis Imeasctha Chiarraí 2013 - 2014
- Bhí trí chruinniú ag Comhchoiste Póilíneachta Chiarraí i 2013 mar a dtug na Gardaí tuairisc iomlán ar staitisticí coiriúlachta sa chontae.

- Fóram is ea **Comhairle na nÓg** chun struchtúr a thabhairt do chinntí a thógann daoine óga agus leanaí maidir le forbairt seirbhísí áitiúla agus polasaithe; faighear tacaíocht ó na heagraíochtaí cuí idir reachtuil agus deonach sa chontae.
- Le linn 2013, bhi daoine óga ar an gCoiste Stiúrtha Comhairle agus ar Choiste Seirbhísí Leanaí Chiarraí.
- Bhí baill páirteach i gcomhairliúcháin náisiúnta mar shampla, "Forbairt Iompar Sláinte i Leanaí Scoile' agus .
- D'fhorbair siad 'Aip Comhairle na nÓg Chiarraí um Theacht Slán'.
- Fuarthas maoiniú ó O_2 *Think Big* chun scannán víris aon neomat amháin a dhéanamh chun *Be an Upstander not a Bystander'*– uirlis frithbhulaíochta – a chur chun cinn.
- Mí na Samhna dhein an Chomhairle léiriúchán ag SHAW – Seachtain Feasacht Sláinte Ghnéis i gColáiste Ríoga na Lianna.
- Dhein an grúpa léiriúchán leis ag seoladh Féilire *Picture My World* 2014 mar chuid d'ócáid Meabharshláinte Dearfach i Lios Tuathail mí na Nollag. Bhí 120 ball i láthair ag Ollchruinniú Bliantúil 2013 in ITT.
- Lean Fóram Pobail & Deonach Chiarraí den dtionscnamh **Ullmhuchán agus Teacht Aniar** a chur chun cinn i 2013. Bhain an tionscnamh Gradam Cumann Lucht Tráchtála Éireann don Deachleachtas sa Rialtas Áitiúil mí na Samhna.
- Bronnadh breis is 500 **Aláram Deataigh ar** chomhlachtaí áitiúla forbartha/pobail lena ndáileadh i 2013.

Margadh Maith a Fháil

Bíonn an Roinn Pobail & Fiontair ag iarraidh cur le héifeachtúlacht agus ag lorg margadh maith i ngach aon ghné de ghníomhaíochtaí.

- Tharla athbhreithniú leanúnach ar struchtúir agus ar phróisis na roinne chun feidhm éifeachtach a bhaint as acmhainní foirne.
- Bítear ag cur le héifeachtúlacht i gcónaí trí chomhghnímh a mhaoiniú/chur chun cinn is acmhainní airgeadais/daonna a roinnt le háisínteachtaí eile.
- Tionóltar cruinnithe/imeachtaí in ionaid ar chostas íseal.
- Eisítear comhfhreagras/doiciméid go leictreonach (ach amháin dóibh siúd nach bhfuil córas éifeachtach leathanbhanda acu).
- Iarracht ar riaradh cruinnithe/tionscnamh a dhéanamh i bpáirt le háisinteachtaí más féidiir.

Comhar Spóirt & Fóillíochta Chiarraí

Bunaíodh Comhar Spóirt agus Fóillíochta (KRSP) i 2001 mar fhreagra ar thionscadal Spórt Áitiúil de chuid Comhairle Spóirt na hÉireann agus fuarthas aitheantas oifigiúil i 2003. Is ó Chomhairle Spóirt na hÉireann go príomha a thagann an maoiniú ar bhonn bliantúil.

Tá sé mar aidhm bhunúsach ag KRSP cur le leibhéil rannpháirteachais sa spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla is a chinntiú go mbaintear an leas is fearr ar acmhainní áitiúla. Ar an gcuma san cuirtear le deiseanna a bhíonn ag daoine a bheith gníomhach ar bhonn fisiciúil trí cláir oiriúnacha dírithe ar aicmí airithe um spórt/gníomhaíochtaí fisiciúla a sholáthar.

Is fíor go mbíonn gá lena leithéid de ghníomhaíochtaí dearfacha anois níos mó ná riamh toisc dífhostaíocht, leibhéil ard raimhre agus féinmharaithe chomh maith le ceisteanna eile meabharshláinte a bheith chomh coitianta.

Tharla laghdú i 2013 ar an réimse clár a soláthraíodh toisc ganntanas acmhainní. Laghdaíodh an líon foirne is bhí laghdú dá réir ar an gclár oibre a cuireadh i gcrích sa Chomhar Spóirt. Cuireadh isteach ar ár gcumas cláir fhorbartha a sholáthar chun deiseanna a chur ar fáil do chách agus cláir thacaíochta a chur i gcrích do chlubanna is do shaorálaigh ar fud an chontae a bhíonn ag brath orainn.

Oibríonn KRSP go hiomlán laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí is dá bhrí sin téann srianta airgeadais agus foirne i gcion orainne leis. Laistigh de na cúinsí ceanna áfach, leanfaidh KRSP de bheith ag cur le leibhéil rannpháirteachais sa spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla is de chultúr beatha gníomhach a chur chun cinn.

An Oifig Ealaíon

I 2013 bhronn an Oifig Ealaíon Deontais ar fud an chontae faoin Acht Ealaíon chun:

- Suim an phobail a chothú sna healaíona
- Eolas agus meas ar na healaíona a chur chun cinn
- Caighdeán na n-ealaíon a fheabhsú

Bronnadh cúig scéim Ealaíontóirí sa Scoil agus ceithre sparántacht aonair.

Ar na cláir a bhí againn i 2013:

- Clár Gearthéarma Scríbhneoir, Déantóir Scannán agus Rinceoir Cónaithe. Bhí Máistir-Ranganna agus Ceardlanna ar litríocht, scannánaíocht agus rince do leanaí agus do dhaoine fásta i scoileanna agus i leabharlanna.
- Ealaíon don Óg i Meon: Ceardlanna agus Léiriúcháin a dhírigh ar dhaoine scothaosta ar fud an chontae mí Bealtaine. Bhí deis ag ealaíontóirí proifisiúnta oibriú leo siúd a chuir suim sa healaíona.

- Féile Scannán Chiarraí - Chuir Comhairle Contae Chiarraí leis an gClár Oideachas Óige agus d'oibrigh i gcomhar le Féile Scannán Chiarraí an an Intéarnach Ealaíon chun an suíomh idirlín www.kerryfilm.ie a athbheochan.
- Oíche Chultuir 2013 – Lean Comhairle Contae Chiarraí de thacaíocht a thabhairt don Oíche Chultúir agus le cabhair ón Intéarnach ábalta Ealaíon comhordaíodh thart ar 50 ócáid an oíche sin.
- D'oibrigh an Oifig Ealaíon leis an Roinn Bóithre, Iompair & Sábháilteacht ar an gCoimisiúnú céatadán don Ealaíon do dhealbhadóireacht Rós Trá Lí.

Leanann an Oifig Ealaíon de thacaíocht agus treoir a thabhairt d'earnáil is do phobal leathan na healaíona maidir le gníomhaíochtaí. Is pointe lárnach teagmhála í an Oifig Ealaíon do chóir is do cheolfhoirne a thagann ag lorg sonraí maidir le hionaid 7rl.

Táthar fós ag obair ar Choimisiúnú Scáileán Chiarraí trí thacaíocht ó mhórán ranna againn féin is trí threoir ó Bhord Scannán na hÉireann.

Forbraítear an Pháirtíocht do Ghlún Ceoil Chiarraí go háirithe i gcomhar leis an bpríomhpháirtí, Seirbhísí Oideachais Chiarraí le tacaíocht ó Institiúid Theicneolaíochta Thrá Lí, KDYS agus Ealaíon na Gaeltachta.

Leabharlanna Chiarraí

Tá naoi mbrainse lánaimseartha leabharlainne ag Leabharlann Chiarraí sa chontae – Baile an Bhuinneánaigh, Cathair Saidhbhín, Oileán Chiarraí, Daingean Uí Chúis, An Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí.

Ina dteannta san bíonn dhá Leabharlann Taistil agus roinn tiomanta do Stair Áitiuil is don Chartlann ag oibriú ón gCeannáras Leabharlainne i dTrá Lí. Ar na seirbhísí a bhíonn ar fáil tá leabhair do dhaoine fásta is don aos óg, taispeántais, idirlíon is Wi-Fi, seirbhísí ar líne mar nuachtáin náisiúnta is idirnáisiúnta, úrscéalta ranga is blociasachtaí do scoileanna is d'ionaid chúram lae, tacaíocht litearthachta, cuairteanna ranga, nuachtáin laethúla agus irisleabhair.

Oibríonn an leabharlann le grupaí litearthachta, clubanna leabhar, eagraíochtaí tacaithe is le comhlachtaí oifigiúla chun leibhéal iontach leathan seirbhísí a sholáthar.

Gaiscí Tábhachtacha:

• I 2013 tugadh níos mó airteagal ná riamh ar iasacht, 619,089 agus b'shin méadú 4% ar an mbliain seo caite 2012.

• Tugadh 517,272 cuairt aonair ar na 11 láthair seirbhíse le linn 2013, b'shin meadú 3%.

• Bhí leabharlann Chiarraí ar oscailt 20,550 uair a chloig ar an iomlán feadh na bliana 2013, b'shin méadú 6%.

• Tharla 58,272 seisiún idirlín saor in aisce don phobal, seirbhís Wi-Fi atá anois i ngach aon leabharlann mar 20% den bhfigiúir úd.

• Ar na seirbhísí nua atá ar fáil trín suíomh idirlín www.kerrylibrary.ie tá iarratas leabhar, cúrsaí teangacha agus na ciclipéidithe *World Book & Junior World Book*.

• Bíonn dhá Leabharlann Taistil ag freastal ar 93 láthair ar fud an chontae idir cheantair thuaithe agus uirbeacha, pléitear le hionaid phobail, ionaid acmhainní teaghlaigh scoileanna, ionaid chúram leanaí is leis an bpobal ar fad.

• Reachtáladh breis is 200 ócáid saor in aisce mar cheardlanna, taispeántais agus léachtaí le linn 2013 agus tacaíodh le tionscadail náisiúnta mar Seachtain Innealtóirí, Seachtain Leabharlanna Éireann, Seachtain Oidhreachta, Féile Leabhar na bPáistí, Seachtain na Gaeilge agus Féile na Bealtaine.

Tuairisc an Stiúrthóra ar Sheirbhísí Corparáideacha

Stiúrthóir Seirbhísí: **An tUas. John D. Flynn**

Foireann Sinsearach:

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Seirbhísí Corparáideacha: Gerard O'Brien

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Daonacmhainní: Martin O'Donoghue

Stiúrthóir TEC: Brian Looney

Sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha i gComhairle Contae Chiarraí tá na Ranna Cúrsaí Corparáideacha, Daonacmhainní agus an Roinn Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

Cúrsaí Corparáideacha

Tá ceithre aonad gnó sa RoinnSeirbhísí Corparáideacha agus a réimse freagrachta féin ag gach aon cheann díobh mar a leanas:

- Seirbhísí na Comhairle
- Cumarsáid/Cúram Custaiméara/Oifig na Gaeilge/Saoráil Faisnéise
- Saincheadú/Deontais Ardoideachais
- Riaradh agus Forbairt Áiseanna

Gaiscí Tábhachtacha i 2012

- Eagraíodh agus riaradh 18 Cruinniú iomlán de chuid na Comhairle
- Tharla 24 Cruinniú Toghcheantair
- Pléadh ar an iomlán le 29 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéis maraon le 11 ghearán ó Fhear an Phobail
- Trí Chreat agus Conarthaí NPS a úsáid, éiríonn leis an Aonad Riaradh Áiseanna breis airgid a spáráil maidir le stáiseanóireacht, páipéar agus soláthar oifige a cheannach.
- Aithnítear fós réimsí mar is féidir costais reatha agus oibríochta Áiseanna Corparáideacha a lagdú, mar shampla i 2013:
    - Fuinneoga nua/teasdíonadh áiléir in Ionad Seirbhísí Ceantar An Neidín
    - Uasghrádú coire/fuinneoga nua/teasdíonadh fallaí/díon do Leabharlann Chill Airne
    - Uasghrádú fuinneog/ teasdíonadh díon do Leabharlann HQ Trá Lí
    - Teasdíonadh is daingniú aeir do Leabharlann Lios Tuathail
    - Ionad Sonraí Seirbhísí Poiblí in Aras an Chontae
    - Athréitíodh socruithe cíosa do chustaiméirí laistigh is lasmuigh a bhí faoi bhrú laghdú acmhainní foirne is airgeadais
- Ní thagann aon laghdú ar leibhéil seirbhísí do chustaiméirí laistigh ná lasmuigh cé go bhfuil laghdú ar fhoirne is ar fhoinsí airgeadais.

Daonacmhainní

Gaiscí Tábhachtacha:

- Leantar den **Chlár Bainistiú Neamhláithreachtaí** chun cur le héifeachtúlacht maidir le tinreamh sa láthair oibre.
- Forbairt leanúnach agus cur i bhfeidhm ar an **gClár Tacaíocht Eagrúcháin** ar son leas foirne agus de réir reachtaíochta.
- Forbairt leanúnach ar an **gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).**
- Forbairt ar **Pholasaí agus Cleachtais um Chosaint Leanaí** chun géilliúlacht a chinntiú do Reachtaíocht Cosaint Leanaí atá le teacht agus do Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.
- Leantar de scéimeanna taithí oibre de chuid an Rialtais mar **Scéimeanna Iomarca Printíseachta,** agus **Intéarnachtaí *Job Bridge*.**

<u>Traenáil & Forbairt</u>

Toisc éagsúlacht oibríocha agus an baol a bhaineann le catagóirí áirithe oibre ag fostuithe, ba é comhshaol slán sábháilte a bhí chun tosaigh againn i 2013. Bhain 37% den oiliúint i 2012 le Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteacht.

Bhain 16% den oiliúint i 2013 le Cleachtais um Chosaint Leanaí. Caithfear cloí le géilliúlacht do Reachtaíocht Cosaint Leanaí atá le teacht agus do Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí. Leanfar den oiliúint áirithe seo i 2014.

Cinntíonn na cláir eile oiliúna go mbíonn na scileanna cuí ag fostaithe sna réimsí gnó agus TE chun dualgais a chur i gcrích go héifeachtúil. Tosaíocht i mbliana ab ea Bainistíocht Fheidhmíochta agus oileadh an Fhoireann chuí Shinsearach um fhorbairt chumais. Deinfear soláthar céimneach ar an gclár foirne le linn 2014.

Ag seo samplaí na gcúrsaí éagsúla a reachtáladhil rith na bliana:

- Oiliúint Agresso
- Oiliúint E-Thairisceana
- E-Thaisteal
- Cúram an Chustaiméara
- Bainstiú Dramhaíola
- Measúnú Tionchar EPA
- Dlí Comhlachta
- Córas Párolla
- *Safe Pass*
- Comharthaí, Soilsiú & Faire ag Oibreacha Bóthair
- Céadfhreagairt Cairdiach
- Feasacht Gharchabhrach
- PMDS
- Cúrsaí Gaeilge
- Cosaint Leanaí
- Oiliúint Bannaí Tí
- Cothaithigh a bhaint i bhFearais Chóireála Fuíolluisce
- Clár Uisce

Líon Fostaithe 31 Nollaig 2013

Bainistíocht/Riaracháin	386
Innealtóireacht/Teicniúil	176
Oibríoch/Allamuigh	640
IOMLÁN	**1202**

Fostaithe de réir Inscne 31 Nollaig 2013

	Fireann	Baineann	Iomlán
Bainistíocht/Riaracháin	83	303	386
Innealtóireacht/Teicniúil	143	33	176
Oibríoch/Allamuigh	572	68	640
IOMLÁN	**798**	**404**	**1202**

Staitisticí Comórtais 2013

Líon Comórtas		29
Lion Iarratas faighte		
Fireann	356	
Baineann	31	
Iomlán iarratas faighte		387

Scéimeanna Socruithe agus Scáthfhoglaim
Lean an Chomhairle de scéimeanna socruithe is do thionscadail Rialtais um lucht oibre gníomhach:

Taithí Oibre	13
Scéim Iomarca Printíseachta	1
Intéarnachtaí *JobBridge*	14

Intéarnachtaí *Job-bridge*

Líon Comórtas	11
Líon Iarratas faighte	126
Fireann	81
Baineann	45

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide

Forbairt Aip: Aip Turasóireacht Ionad Cuairteoirí Chorca Dhuibhne

Beidh ról lárnach ag TEC maidir le tacú le forbairt turasóireacht is le cur le taithí cuairteoirí. Trí leas a bhaint as fón cliste agus as táibléad, féadfar eolas a fháil ar gach rud a bhíonn sa cheantar don chuairteoir. Beifear in ann cuairt a phleanáil a bheidh bunaithe ar áiseanna ilmheánacha a thagann ó chomhar a chuimsíonn na húdaráis áitiúla agus páirtithe gnó. Fágadh leagan amach Aip Chorca Dhuibhne go bhféadfaí é a athrú lena chur in oiriúint do bhailte nó do cheantair thurasóireachta eile i gCiarraí.

Córais a Chur i gCrích:

Bhí baint mhór ag an bhfoireann TE le feidhmiú córas maidir le réimsí gnó na Comhairle: Tharla dul chun cinn suntasach le linn 2013 mar a leanas:

- Uisce Éireann – saothar éagsúil IS, GIS agus feidhmeanna eile TE a bhain le bunú is le haistriú go dtí Uisce Éireann
- Oibriú Dóiteáin – cuireadh i bhfeidhm córas eolais sa tSeirbhís Dóiteáin mar áis dáileadh eachtraí,bainistíocht agus párolla
- Córas Gearán Comhshaoil – i bhfeidhm don roinn Comhshaoil ar Shráid na Mainge

- Síneadh na Córais Droichead Meáchan agus Bainistiú Dramhaíola sna Staisiúin Aistrithe agus i Líonadh Talún
- GIS – Córas Bainistiú Cosán sa roinn Bóithre in Údaráis Áitiúla Chiarraí
- eThaisteal – córas a riarann go héifeachtúil taisteal agus cothabháil don bhfoireann, seachas an córas dian páipéarachais a bhíodh againn
- Céim fhála um Chóras Bainistiú Eolas Saotharlainne – cuirfear i bhfeidhm i 2014
- Lean costas an-íseal cumarsáide teileafóin na tionscnaimh agus daingnithe VoIP agus comórtas nua um chreat seirbhísí móibíleacha

Tacaíocht TEC:

Tacaítear le breis is 900 úsáideoir riomhairí deasc is glúine, taibléid is fóin chliste ar 100 láthair sa Chontae. Bhí breis is 8,000 glaonna tacaíochta i 2013.

Suímh Idirlín/Bainistiú Ábhar

Le cabhair ón bhfoireann seirbhísí ar líne forbraíodh suímh nua idirlín – mar an geata Coimisiúnú Scáileán Chiarraí http://www.kerryfilm.ie/. Tharla saothar leis i dteannta an roinn Pobal & Fiontar um fhíseáin an chontae ón aer a rangú is a fhoilsiú. Rugadh isteach imeascadh meán sóisialta i suímh na Comhairle atá cheana féin ann trí *Twitter, Facebook* agus *YouTube* le foireann an oifig Cumarsáide. Tharla saothar gréasáin leis i 2013 chun tacú le **h*Oifig An Tóstal*** Comhairle Contae Chiarraí.

Ráiteas Airgeadais

Stiúrthóir Seirbhísí: Angela McAllen, Stiúrthóir Airgeadais

Foireann Sinsearach:

Kathleen Moriarty, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach
Pat O'Shea, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach

Le linn 2013 lean Comhairle Contae Chiarraí de sholáthar na seirbhísí lárnacha atá riachtanach don chontae. Bhí rol lárnach ag an Roinn Airgeadais sa mhéid sin is léiríodh teacht aniar agus solúbthacht i leith na ndeacrachtaí a bhaineann leis an gcúlú eacnamaíochta. I 2013 bhí ar an gComhairle réiteach fháil idir leanúint de na seirbhísí lárnacha agus na hacmhainní a bhí ar fáil.

Bhí cúrsaí geilleagair deacair go leor i 2013 idir an córas iomlán agus an Stáitchiste. Bhí tionchar nach beag ag an gcúlú domhanda agus ag cúrsaí san Eurozón ar an éiginnteacht a chuireann srian le fás geilleagair is leis an ioncam a bheadh ar fáil ag an gComhairle. Rud eile a chuireann isteach go díreach is go hindíreach ar chúrsaí airgeadais na Comhairle ná go gcaithfear spriocanna a shroichint de réir Clár Tacaíochta na hÉireann an AE/CAI.

Ar na tionchair a bheidh ar mhodhanna gnó againn amach anseo is ar chúrsaí airgeadais na Comhairle sa todhchaí beidh éiginnteacht maidir le hairgeadas is le hoibriú, an baol a bhaineann le hathruithe go hUisce Éireann, aontú an gComhairlí Baile agus an cháin mhaoin pearsanta ag dul i bhfeidhm ar shamhail mhaoinithe rialtais áitiúla.

Chuir na factóir úd isteach ar an maoiniú a bhí ar fáil do Bhuiséad 2013 agus ar ndóigh bhí baic ar ár gcuid oibreacha dá réir. Agus an Buiséad Ioncaim Reatha á mbainistiú i mbliana bhí an bhéim ar an méid seo a leanas:

- Seirbhísí lárnacha a choimeád ag leibhéal sásúil chomh fada agus ab fhéidir
- Ardchaighdeán a bhaint amach go praiticiúil maidir le soláthar seirbhísí agus margadh maith san am gcéanna
- An t-uasmhéid a bhaint as gach aon fhoinse ioncaim agus smacht éifeachtach a choimeád ar an mbuiséad
- Rialú géar a chur i bhfeidhm ar fhiachóirí
- Dá mb'fhéidir in aon chor é, gan rátaí tráchtála ná táillí úsáideoirí a ardú
- An Buiséad a chothromú.

Braithimid go mór i gcónaí ar ioncam a thagann chugainn go háitiúil. Díríodh go háirithe le linn 2013 ar shruth fiachóirí mar ranna rialtais, áisínteachtaí stáit agus custaiméirí na Comhairle. Don chuid ba mhó coimeádadh ar leibhéal céatadán na sruthanna móra bailiúcháin i gcomparáid le 2012.

Féachann Comhairle Contae Chiarraí ar ghnóthaí is ar fhiachóirí ceann ar cheann, go háirithe orthu siúd a bhíonn thíos leis an gcúlú, ach bíd ann leis nach maith leo billí a íoc is nach bpléann le Roinn Ioncaim na Comhairle.

Caithfear an tarna dream a leanúint trín gcóras cuí agus tugadh 76 cás dlí dá leithéid i 2013. Mar atá ráite áfach, deintear gach iarracht pleananna íocaíochta a shocrú le daoine toilteanacha ach ní hamhlaidh dóibh siúd nach mian leo plé linn ar bhonn réasunta.

Fuarthas €3.183m ioncam glan ón mhuirear ar an Dara Thigh Príobháideach (NPPR), táille atá i bhfeidhm ó 2009 i leith. Tacaíocht an-mhór don Chomhairle ab ea an méid sin a lig dúinn leanúint de chláir oibreacha a bheadh in easnamh mar gheall ar laghdú i bhfoinsí eile ioncaim. Bailíodh thart ar €838,840 i dtáillí déanacha chuig Comhairle Contae Chiarraí i 2012 agus tá roinnt cúiseanna dlí fós ar feitheamh. Tá deireadh anois leis an muirear úd faoi Acht Athchóiriú Rialtais Aitiúil 2014. Ó 1/3/2014 ní beidh aon táille déanach má ioctar roimis 31/8/2014, ina dhiaidh sin beidh píonós éigin breise. Leanfaidh an Chomhairle lucht riaráistí i 2014.

Leagadh an-bhéim ar fad ar chleachtais nua fála maidir leis na seirbhísí go léir i rith na bliana agus díreofar ar na dálaí ceanna i 2014. Spáráladh an-chuid costas i réimsí ceannaigh/conarthaí mar fhearas ar cíos, seirbhísí ceirde, oibreacha sibhialta, ábhar déanta bóthair, teileachumarsáid, fógraíocht, fuinneamh agus earraí/seirbhísí ginearálta. Baineadh an leas is fearr as Tionscadail Fhála mar Luachanna ÚÁ agus Creat Comhaontaithe chun airgead a spáráil agus chun cur le héifeachtúlacht.

Tá dualgais orainn maidir le cur i gcrích faoin Meamram Tuisceana um Thacaíocht Airgeadais d'Éire de chuid an AE/CAE/BCE, faoin bPlean Aisghabhála Náisiúnta 2011-2014 agus faoi na moltaí a tháinig ón nGrúpa um Athbhreithniú Éifeachtúlacht Údarás Áitiúla a raghaidh i bhfeidhm go ceann tamaill ar shruthanna ioncaim agus ar ár dtimpeallacht oibríochta. Is fíor go mbeidh laghdú suntasach ar oibreacha caiteachas ioncaim agus ar chláracha infheistíochta go ceann na mblianta atá romhainn. Sa chomhthéacs céanna caithfear tús áite a thabhairt do sheirbhísí áirithe tábhachtacha agus caithfear i ngach aon slí an margadh is fearr a bhaint amach inár gcuid saothair ar fad.

Má bhaintear amach na cuspóirí a bhaineann le Comhaontuithe Pháirc an Chrócaigh agus Bóthar Haddington um Spáráil sa tSeirbhís Phoiblí cuirfidh an méid sin féin le costéifeacht agus le feidhmiú cóir. Tuairiscímid anois mar is cóir chuig an Chomhlacht Náisiúnta Cur i gCrích. Is iad scileanna agus solúbthacht ár gcuid foirne na buanna is fearr atá againn sna cúrsaí úd.

Don bhliain seo chugainn agus go ceann tamaill fhada ina diaidh, beidh gá sa Chomhairle le rialachán géar agus le bainistiú fiachóirí chun go mbeidh sé d'acmhainn againn na seirbhísí lárnacha reachtúla a sholáthar do chách idir phobal an chontae agus cuairteoirí.

Tá léargas ar staid airgeadais agus ar ioncam agus caiteachas na bliana le feiscint sna táblaí agus sna cairteanna atá anso thíos. Tá staid airgeadais na Comhairle sásúil go leor anois ag deireadh na bliana 31 Nollaig 2013. Dhein an Chomhairle gnímh i 2013 a leanfaidh isteach i 2014 chun caiteachas oibríochta in aghaidh an lae agus an clár infheistíochta a leasú agus a chothromú leis an maoiniú agus leis na hacmhainní a bhíonn ar fáil.

Leanann an Chomhairle i gcónaí den infheistíocht nach beag sa bhonneagar contae ach ar leibhéal níos ísle ná mar a bhíodh le blianta beaga anuas. Ullmhaítear Clár na Comhairle go ceann trí bliana de réir Alt 135 den Acht Rialtais Aitiúil 2001 agus sin cuid den Phróiseas Bliantúil Buiséid. Ní mór acmhainní a bheith ar fail don Chlár Caipitiúil. Tá srian nach beag ar mhaoiniú caipitiúil, deontais rialtais, cumas iasachtaí agus ranníocaíochtaí forbartha chomh maith. Tá srianta an-ghéar i bhfeidhm ar an gcead iasachtaí ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

É sin go léir ráite áfach, go hachomair bhí ardéileamh ar ár gcuid seirbhísí le linn 2013 agus beidh an scéal amhlaidh isteach sa bhliain 2014. Sa chomhthéacs céanna mar sin caithfear ár gcuid seirbhísí lárnacha a choimeád ag leibhéal sásúil chomh fada agus is féidir linn agus san am gcéanna ardchaighdeán a bhaint amach go praiticiúil maidir le soláthar leathan seirbhísí.

Ráiteas Airgeadais

COIMRIÚ AR CHAITEACHAS AGUS AR IONCAM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

Léirionn an Coimriu ar Chaiteachas agus ar Ioncam an t-ioncam reatha agus an caiteachas ioncam reatha go leir. Leirítear freisin barrachas (easnamh) na bliana.

	Cait Iomlán 2013 €	Ioncam 2013 €	Caiteachas Glan 2013 €	Caiteachas Glan 2012 €
Caiteachas de réir Ranna				
Tithíocht & Foirgníocht	15,077,882	14,846,730	231,152	597,884
Iompar de Bhóthar & Sábháilteacht	32,033,912	20,287,122	11,746,790	12,266,208
Seirbhísí Uisce	21,126,847	11,105,565	10,021,282	9,888,381
Bainistíocht Fhorbartha	6,956,017	1,373,287	5,582,730	5,656,383
Seirbhísí Comhshaoil	16,014,504	7,635,294	8,379,210	7,809,915
Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht	4,383,316	322,777	4,060,539	4,032,458
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	6,069,408	5,566,204	503,204	494,910
Seirbhísí Ilghnéitheacha	9,054,668	4,858,241	4,196,427	4,607,856
Muirir Lárbhainistíochta	-	-	-	-
Caiteachas/Ioncam/Iomlán	110,716,554	65,995,220		

Costas Glan Ranna ó Rátaí is ón gCiste Áitiúil	44,721,334	45,353,993
Rátaí	21,859,618	21,917,800
Ciste Rialtais Áitiúil – Deontas Feidhm Ginearálta	18,374,432	18,689,208
Laghdú Pinsean	2,408,620	2,404,428
Muirear Contae	6,348,887	6,415,752
Barrachas/(Easnamh) na bliana roimh Aistriú	4,270,223	4,073,195
Aistrithe ó (go) Cúlchiste	(4,187,690)	(3,933,680)
Barrachas/(Easnamh) na bliana	82,533	139,515
Cúlchiste Ginearálta at 1 Eanáir 2013	2,952,728	2,813,213
Cúlchiste Ginearálta 31 Nollaig 2013	3,035,261	2,952,728

Ráiteas Airgeadais

Clár Fuílleach 31 Nollaig 2013

	2013 €	2012 €
Bunsócmhainní		
Operational	405,205,712	404,293,523
Infrastructural	3,104,149,818	3,056,744,483
Community	938,333	899,168
	Non-Operational	2,662,021
	3,512,955,884	**3,464,445,912**
Obair-ar-Siúl agus Réamhchostais	**24,679,965**	**97,078,819**
Fiachóirí Fadtéarmacha	**34,446,410**	**36,228,028**
Sócmhainní Reatha		
Stoc	974,208	940,972
Fiachóirí Trádála	10,277,535	15,343,181
Infheidtíochtaí Banc	51,434,207	55,485,744
Airgead faoi Bhealach	461,213	530,908
	63,147,163	**72,300,805**
Dliteanas Reatha		
Rótharraingt sa Bhanc	1,704,655	2,048,133
Creidiúnaithe & Fabhraithe	21,671,076	25,930,639
Cuntas Uirbeach	87,052	308,835
Léasanna Airgeadais	28,259	26,988
	23,491,042	**28,314,595**
Sócmhainní/ Dliteanas Glan Reatha	**39,656,121**	**43,986,210**
Creidiúnaithe(Méid le breis is bliain)		
Iasachtaí Iníoctha	89,308,476	94,033,598
Léasanna Airgeadais	79,114	108,644
Éarlaisí Inaisíoctha	2,171,140	2,147,328
Eile	119,620	211,856
	91,678,350	**96,501,426**
Sócmhainní/ Dliteanais Glan	**3,520,060,030**	**3,545,237,543**
Maoinithe ag		
Cuntas Caipitiliú	3,512,955,884	3,464,445,912
Income WIP	23,463,465	95,367,062
Cúlchiste Ioncam Reatha Sonraithe	5,476,624	5,476,624
Cúlchiste Ioncam Reatha Ginearálta	3,035,261	2,952,728
Fuílligh Eile	(24,871,204)	(23,004,783)
Cúlchiste Iomlán	**3,520,060,030**	**3,545,237,543**

Ráiteas Airgeadais

Ráiteas Airgeadais



Íocaíochtaí Déanacha 2013

Faoi réir an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus Comhphobail Eorpacha (Íocaíocht Déanach i nGnóthais Tráchtála) 2012 ag seo sonraí íocaíochtaí déanacha le Creidiúnaithe. Tá feidhm le Comhphobail Eorpacha (Íocaíocht Déanach i nGnóthais Tráchtála) (I.R. Uimh. 580 de 2012) ó 16 Márta 2013.

Mí Márta 2011, faoi ghealltanais an Rialtais faoin bPlean Aisghabhála Náisiúnta 2011-2014 agus faoin dTacaíocht Airgeadais d'Éire de chuid an AE/CAE, laghdaíodh an tréimhse íocaíochta do shonraisc bhailí ó 30 go 15 lá ar an bhféilire agus an riail nua i bhfeidhm ó 1Iúil , 2011. Seoltar tuairiscí géilliúlachta in aghaidh ráithe chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus foilsítear na tuairiscí céanna freisin ar shuíomh idirlín Comhairle Contae Chiarraí.

De réir reachtaíochta ní bhíonn ús éirice i gceist ach amháin má bhíonn moill breis is 30 lá ar an íocaíocht. Ní íoctar ús éirice ar son íocaíochtaí a dheintear sa tréimhse riaracháin idir 15 agus 30 lá.

Íocaíochtaí Deanacha 2013	
Íocaíochtaí Déanacha	2013
Líon Íocaíochtaí Déanacha níos lú ná €317.44	NEAMHNÍ
Líon Íocaíochtaí Déanacha níos mó ná 317.44	NEAMHNÍ
Lach íocaíochtaí deanacha mar choibhneas le luach iomlán íoctha le soláthróirí 0%	NEAMHNÍ
Íocaíochtaí Iomlán	€110,457,024
Ús Éirice	NEAMHNÍ

Ranníocaíochtaí Forbartha 2013

Faoi réir Alt 48 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000, is féidir le Comhairle Contae Chiarraí coinníollacha a chur le cead pleanála a bhronntar faoi Alt 34 den Acht céanna d'fhonn ranníocaíocht forbartha a éileamh. Dáiltear an ioncam a bhailítear ón scéim úd ar áiseanna agus ar bhonneagar poiblí chun leas forbartha a tharlóidh i gceantar an Údarás Áitiúla lena mbaineann (beag beann ar fhoinsí eile maoinithe a chaitear ar bhonneagar agus ar áiseanna).
Tá an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha don bhliain 2011 i bhfeidhm ón 19 Bealtaine 2008. Sa Tábla anso thíos tá luacha na Ranníocaíochtaí Forbartha – iad á gcur le forbairtí áirithe nó ginearálta – atá mar chuid de Ráiteas Airgeadas Bliantúil 2011 (Nóta 11). Is mar seo a leanas an t-achoimre orthusan:

	€
Cuntas glan oscailte 1/1/2013 barrachas/(easnamh)	14,531,772
Ioncam	1,400,877
Caiteachas	(1,603,027)
Cuntas Glan Dúnta 31/12/2013 barrachas/(easnamh)	14,329,622

Airgead amuigh ag Fiachóirí (gearrthéarmacha) €1,968,224 agus ag Fiachóirí (fadtéarmacha) €119,620 de réir Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2013 Nóta 5 agus Nóta 3.

An Bord Fiontar Contae

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Tomás Hayes

Reamhrá

D'oibrigh Bord Fiontar Chontae Chiarraí ar bhonn sásúil i mbliana dar gcríoch 31 Nollaig 2013 agus breis plé againn le cliaint seachas mar a bhí anuraidh 2012.

Ceadaíodh deontais €492,881 do 37 micrea-ghnó agus an mianach iontusan 83 post lánaimseartha agus 36 post páirtaimseartha/séasúrach a chruthú.

Dáileadh ar an iomlán €449, 379 i bhfoirm deontas mar chúnamh do chomhlachtaí agus tá geallúintí tugtha ag an mBord faoi €288,073 eile a tharraingeofar anuas faoi 31 Nollaig 2013.

Chomh maith leis sin chaith an Bord €272,624 trí thacaíocht sa ghnó a thabhairt do níos mó ná 1003 duine aonair. Cuireadh comhairle is treoir leis ar bhreis is 240 duine. Seachas an méid sin, bhain oiliúint le hOiliúint chun Gnó a Thosnú is a Fhorbairt, Margaíocht Digiteach, tacaíocht do ghréasán lucht gnó is do Ghreasán Lucht Gnó Ban.

Gradam Fiontar Mac Léinn

Leathnaigh an Gradam Fiontar Mac Léinn go 20 meánscoil sa chontae agus scata maith tionscnamh ó gach aon scoil díobh. Spreagtar scoláirí chun micrea-ghnó a bhunú agus faightear taithí ar nuáil táirgí, díolachán, margaíocht, airgeadas agus léiriúchán ar phlean fhoirmeálta gnó. Fuair buaiteoirí Gradam Fiontar Mac Léinn Chiarraí 2013duais tánaisteach sa Chraobh Náisiúnta.

Tionscadail Earnála

Thug an Bord faoi fheachtas uallmhianach sna hearnála Bia agus Ceardaíochta. Deintear margaíocht anois faoi na brandaí Blas Chiarraí (www.tastekerry.com) agus Ciarraí Bunúil – (www.originalkerry.com). Reachtáladh clár tiomanta bia a chabhraigh le 10 mionchomhlachtaí táirgeadh bia an gnó a leathnú agus teacht ar liostaí siopaí le Grúpa Musgrave. Tacaíodh le roinnt gnóthaí ceardaíochta is bia chun dul chuig na taispeántais SHOP agus *Showcase* a dhírionn ar chustaiméirí trádála a fháil idir náisiúnta agus thar sáile.

Gradam Fiontar Contae 2013

Bhuaigh Tolerance Technologies i dTrá Lí an Gradam Fiontar Contae 2013. Méadaíodh ar an líon foirne go 14 is iad ag réiteach leis an ngnó a leathnú fós. Bhí an chomhlacht ar an ngearrliosta ag na nGradam Fiontar Náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

An Bord a Athleasú/Bunú Oifigí Fiontar Áitiúla

Tá glactha ag an Oireachtas anois leis an Acht um Bhoird Fhiontar Contae (Díobhadh) 2014. Cuirfear deireadh leis na Boird Fhiontar Contae ó 14 Aibreán 2014 ar aghaidh. Beidh na cúramaí céanna ar na hOifigí Fiontar Aitiúla (LEO) agus is é an rialtas áitiúil a stiúróidh iad siúd trí mhaoiniú ó Fhiontar Éireann. Aistreoidh foireann CEB Chiarraí go dtí an tÚdarás Áitiúil an lá céanna. Beidh comhaontú leibhéal seirbhísí i bhfeidhm idir seirbhísí poiblí ag leibhéal áitiúil – tabharfar treoir d'fhorbairt idir Fiontar Éireann agus an tÚdarás Áitiúil agus aontófar spriocanna feidhmíochta.

Táthar ag ullmhú do thús na LEO nua. Ag seo na príomhréimsí:

- córais airgeadais agus tuairiscithe a fhorbairt in Agresso
- suíomh idirlín nua a fhorbairt don LEO
- ábhair bhrandála agus bolscaireachta a fhorbairt

Bunófar coiste nua measúnaithe chun breith a thabhairt ar iarratais dheontas, fógraíodh go poiblí go rabhthas ag lorg ainmniúcháin d'iarrthóirí. Béarfar ainmneacha na ndaoine a ainmneofar chuig an Chomhairle lena gceadú. Beidh struchtúir nua tuairiscithe ar bun leis chun an t-eolas is déanaí faoi ghníomhaíochtaí LEO a chur in iúl do bhaill na Comhairle.

TUAIRISCÍ Ó NA COMHAIRLÍ BAILE

Comhairle Baile Thrá Lí

Réamhrá an Mhéara

Is cúis mórtais agus bróin domsa, mar Mhéara Thrá Lí, a chuirim leis an dTuarascáil Deireanach seo ó Chomhairle Baile Thrá Lí. Molaim go mór saothar na Comhairle seo, ní hamháin san ach molaim leis iad siúd go léir a d'imigh romhainn. Caithfear béim a leagan freisin ar an bhfíric nár bhain polaitíocht pháirtithe le haon chinntí a thóg Comhairlí i ndiaidh a cheile i gcaitheamh na mblianta. Nuair a dhéanfar scrúdú stairiúil ar ghnímh na Comhairle seo againne, táim lánchinnte go n-aithneofar gur dhein na Baill beart ar son leas muintir Thrá Lí i gcónaí.

Maidir le tithíocht a sholáthar ní raibh aon dream chomh maith le Comhairle Baile Thrá Lí leis na cianta, soláthraíodh cóiríocht ardchaighdeáin trí na modhanna foirgníochta ba dhéanaí dá mbíodh ar fáil. Tá oidhre iontach na Comhairle le feiscint sna faichí, slite siúlóide agus spás nádúrtha oscailte as a mbainfidh muintir Thrá Lí, Chiarraí agus cuairteoirí taitneamh go ceann i bhfad.

Tá clú agus cáil ar Chomhairle Baile Thrá Lí as cur go mór le turasóireacht, trín mbonneagar iomlán mórthurasóireachta a spreagadh nó a sholáthar, gné a tharraingíonn na milte cuairteoirí chugainn is a chuireann go suntasach le geilleagar an bhaile. Is cúis áthais go háirithe dom gur lean an Chomhairle áirithe seo den gcúram trí Ionad Bogach Thra Lí a sholáthar. Ar an dul céanna, thacaíomar go mór le féiltí is le himeachtaí ar bhonn leanúnach, rud a chuir leis an rath a bhíodh orthu is le Trá Lí mar ionad mealltach saoire.

Ní raibh aon easpa ar an gComhairle maidir le bonneagar nua-aimseartha a fhorbairt don bhaile, gréasán iomlán bóithre, áiseanna nua-aimseartha cóireála agus scéim ceansú tuiltí a oiriúnaíonn go maith don bhaile. Le blianta beaga anuas leis bhí an-rath orainn i gcomórtais Bhailte Slachtmhara agus IBAL, rud a léirigh Trá Lí mar láthair thaitneamhach dúinn féin is do chuairteoirí araon.

Táim bróduil as an gcaidreamh idir an Chomhairle agus Muintir Thrá Lí. Táim thar a bheith buíoch do lucht íoctha rátaí a sholáthraíonn an-chuid den mhaoiniú a bhíonn uainn chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar. Ní fhéadfaí déanamhh gan a gcuid tacaíochta siúd. Chuir pobail Thrá Lí go mór le feabhas a chur ar an mbaile mar láthair cónaithe do chách. Tá fiúntas sa tsaothar luachmhar saorálach a dheineann grúpaí i ngach aon earnáil thar aon deontas airgeadais ná maoiniú rialtais. Tá súil agam gur chabhraigh an Chomhairle leo ar shlí éigin mar is fíor gurbh iontach an chabhair iad go léir don Chomhairle.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gComhairle seo is leis na Comhairleoirí ar fad a d'oibrigh ar son Trá Lí blianta fada anuas. Aithním freisin an méid ata deanta ag Bainistiocht is ag an bhfoireann araon, grá acu don bhaile is iad bróidiúil as.

A mhuintir Thrá Lí atá chomh bródúil sin as an mbaile seo agaibhse, is mar gheall oraibhse gur áit faoi leith atá ann. Táim cinnte go leanfar den mhórtas úd trí na hullmhucháin sar i bhfad do na comórtais *Entente Florale* agus Bailte Slachtmhara. Mar fhocail scoir, guím gach rath ar an gCeantar nua Bárdais is ar an gComhairle iomlán nua go ceann na gcúig bliana atá le teacht.

Comh Pat Hussey
Méara Thrá Lí

Tuairisc ón mBainisteoir Baile

Mhínigh an Méara ina réamhrá féin an méid atá déanta ag Comhairlí i ndiaidh a chéile chun Trá Lí a fheabhsú agus is mian liom cur lena bhfuil ráite aige. Bhí caidreamh maith oibre laistigh den Chomhairle Tofa agus idir Baill, Bainistíocht agus Foireann. Beidh oidhre saothar Chomhairle Baile Thrá Lí chun leas an bhaile go ceann i bhfad.

Bliain dearfach a bhí againn i dTrá Lí i 2013 agus feabhas ar ghnó lár an bhaile trí láithreacha nua miondíola ar An Meal is ar Shráid an Chaisleáin. Bua do chách is ea a leithéid de mhéadú maidir le suímh a bhíonn folamh. Bhí an t-ádh linn leis i dTrá Lí gur críochnaíodh scata tionscnamh i rith na bliana agus gur tharla dul chun cinn suntasach i gcás cinn eile a chríochnófar i 2014. Fáiltítear roimis mórinfheistiú sa bhonneagar mar is fíor go mbíonn dúshlán fós roimis lucht gnó ó thaobh trádála de.

Aithním arís an t-ioncam a bhailítear ó fhoinsí áitiúla mar rátaí tráchtála, páirceála agus cíos tí a d'fhan mar a raibh acu no a mhéadaigh beagáiní i 2013. Lig seo don Chomhairle an ráta tráchtála a laghdú don chéad uair agus an buiséad á mheas don bhliain 2014. Mar bhainisteoir aithním an iarracht atá déanta ag lucht íoctha rátaí agus cíosa i measc na ndúshlán a bhíonn rompu faoi láthair.

Leanadh den chlár uasghrádú bóithre laistigh de bhaile Thrá Lí le linn 2013 agus feabhas an-mhór ar na príomhbhóithre. Feabhsaíodh go mór na cosáin leis go háirithe maidir le rochtaineacht iomlán. Leanadh i 2013 den bhfeabhsú soilsithe nuair a deineadh uasghrádú ollmhór i Lóthar Canáin.

D'éirigh go han-mhaith leis an dTionscnamh Athnuachana do Phobal Ceantar an Mhistéalaigh/Bóthar Buí i 2013. Is mór againn an tacaíocht leanúnach ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. D'éirigh go maith freisin le hIonad Seirbhísí Comhtháite an Mhistéalaigh, rud a chuirfidh le dreach agus le feidhmeanna an cheantair. Is dócha go gcríochnófar é sin mí Aibreáin 2014. Tháinig feabhas iontach ar stoc tithíochta na Comhairle i 2013 nuair a deineadh uasghrádú ar 360 aonad trín gclár deontas um fheidhmiú fuinnimh. Leanfar de chéim eile den obair chéanna i 2014. Tharla athchóiriú díonta leis ar 24 aonad i rith na bliana.

Leanadh d'fheabhsúcháin chomhshaoil eile ar an mbaile i 2013, san áireamh bhí slí isteach go faiche an bhaile ó Bhothar Dan Spring, céim 1 de pháirc nua ar Bhóthar Chaisleán na Mainge agus clárchosán trí Bhogach Cuan Thrá Lí. Cúis áthais don Chomhairle ab ea é a bheith bainteach le slí siúlóide a fhorbairt ó Shráid na Carraige feadh an tseanbhóthair iarainn. Tugadh aitheantas poiblí do thábhacht Féile Rós Thrá Lí don baile seo againne nuair a nochtadh Falla Rolla Gradam na Rósanna i bhFaiche an Bhaile. Comhartha buíochas is ea an falla leis dóibh siúd go léir a bhí páirteach san ócáid ar feadh na mblianta.

Lean Trá Lí den bhrú ar aghaidh sa chomórtas Bailte Slachtmhara nuair a coimeádadh an stádas Bonn Óir agus feabhsaíodh an caighdeán ar an iomlán. Coimeádadh leis an stádas "níos glaine ná noirm Eorpacha" ar feadh na bliana sa tuairisc IBAL. Toisc go n-éiríonn chomh maith sin linn

ó thaobh comhshaoil de roghnaíodh Trá Lí i dteannta baile amháin eile le dhul chuig an comórtas Eorpach *Entente Florale* i 2014.

Molaim go mór na baill tofa as a bheith ag obair go fonnmhar le feidhmeannacht na Comhairle ar son leas an bhaile.

Michael McMahon
Bainisteoir Baile Thrá Lí

Baill Chomhairle Baile Thrá Lí

- Comh Patrick Daly
- Comh Mairéad Fernane
- Comh Ted Fitzgerald
- Comh Cathal Foley
- Comh Norma Foley
- Comh Dan Galvin
- Comh Pat Hussey
- Comh Sam Locke
- Comh Terry O'Brien
- Comh Grace O'Donnell
- Comh Dan Galvin
- Comh Johnnie Wall
- Comh Gillian Wharton-Slattery

Baill na mBord/gCoistí 2013

Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil	**Comhar Spóirt & Fóillíochta Chiarraí**
Comh Gillian Wharton-Slattery	Comh Gillian Wharton-Slattery
Seirbhís Oideachais Saoil Chiarraí	**Seirbhís Oideachais Chiarraí**
Comh Grace O'Donnell	Comh Mairéad Fernane Comh Ted Fitzgerald
Bord Forbartha Chontae Chiarraí	**Coistí Polasaí Straitéiseacha Comhairle Contae Chiarraí**
Comh Terry O'Brien	Comh Máiread Fernane Comh Pat Hussey
Comhchcoiste Póilíneachta	**Trá Lí Slachtmhar**
Comh Mairéad Fernane Comh Ted Fitzgerald Comh Cathal Foley Comh Norma Foley Comh Dan Galvin Comh Pat Hussey Comh Sam Locke Comh Pat Daly Comh Terry O'Brien Comh Grace O'Donnell Comh Johnnie Wall Comh Gillian Wharton-Slattery	Comh Mairéad Fernane Comh Ted Fitzgerald Comh Cathal Foley Comh Norma Foley Comh Dan Galvin Comh Pat Hussey Comh Sam Locke Comh Pat Daly Comh Terry O'Brien Comh Grace O'Donnell Comh Johnnie Wall Comh Gillian Wharton-Slattery
Coiste Oidhreachta Sliocht Cáiliúil	**Coiste Muileann Gaoithe Chathair Uí Mhórain**
Comh Johnnie Wall Comh Máiread Fernane Comh Gillian Wharton-Slattery Comh Cathal Foley	Comh Dan Galvin
Cumann Údarás Áitiúla Éireann	
Comh Ted Fitzgerald Comh Dan Galvin	
RAPID	**Comhar Forbartha Chiarraí Thuaidh & Thoir Teo**
Comh Sam Locke	Comh Johnnie Wall
Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo	**Udarás Réigiúnach an Iardheiscirt**
Comh Grace O'Donnell	Comh Gillian Wharton-Slattery

Coimisinéirí Cuan Thrá Lí agus An Fhianait	**I dTreo Feabhas ar Thrá Lí**
Comh Mairéad Fernane Comh Dan Galvin	Comh Johnnie Wall
Comhlacht Spórt & Fóillíochta Thrá Lí Teo	**Margadh Feirmeoirí Thrá Lí**
Comh Mairéad Fernane Comh Gillian Wharton-Slattery	Comh Grace O'Donnell Comh Dan Galvin

Costais na gComhaltaí 2013

Liúntais Bhliantúla

An Méara	10,112.18
An Leas- Mhéara	2,464.76
Liúntais Chomhaltaí	36,648.00
Íocaiochtaí Ionadaíochta	74,729.43

Ar an Iomlán i 2013 d'íoc Comhairle Baile Thrá Lí €8,029.38 ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás,i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás fein ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag comhdháil, seimineár nó ag aon ócáid eile. Bhain an t-iomlán le liúntais taistil agus cothaithe anso in Éirinn.

Comhdhálacha/ag a raibh Baill i 2013

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i Láthair
Seimineár Earraigh AMAI	Óstán Brandon House, Ros Mhic Thriún, Co. Loch Garman	6
Seimineár Earraigh LAMA	Óstán Ashdown Park, Guaire, Co. Loch Garman	3
Roghnú an Róis	Westlake, Ohio, S.A.M.	1
Seimineár Con Houlihan	Óstán River Island, Oileán Chiarraí	1
Ollchruinniú Bliantúil Árachais IPB Teo.	An tIonad Comhdhála, Cé Spencer, Baile Átha Cliath 1	1
Searmanas Creidiúnaithe Clár Caighdeán Músaem na hÉireann	Cartlann Ailtiteachta na hÉireann, Baile Átha Cliath 2	1
Gradam Bailte Slachtmhara Náisiúnta (Fógartha)	Teach Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath	2
Gradam Bailte Slachtmhara Náisiúnta (Bronnadh)	The Helix, Baile Átha Cliath	2
101ú Comhdháil IMAI	Óstán Inchydoney Lodge & Spa, Cloch na Coillte, Corcaigh	5
Gradaim Lucht Tráchtála Éireann Feabhas sa Rialtas Áitiúil	Óstán Burlington, Baile Átha Cliath 2	1

Fáiltithe Cathartha

Tharla na Fáiltithe Cathartha seo a leanas i 2013:

- Cónaidhm Idirnáisiúnta *Taekwon-Do*
- Comóradh Domhnach Cásca
- Bonn Óir Bailte Slachtmhara
- Gradaim an Mhéara
- Tionscnaimh *Comenius*
- Comhairle Baile Cheatharlach
- Leanaí *Chernobyl*
- Nochtadh Oifigiúil Falla na Rósanna
- Rósanna Thrá Lí
- Ionaid Rós Thrá Lí
- An Seathras Soirbhíoch

- Banna Píob Thrá Lí
- Ord Ársa na nÉireannach
- Foireann Pheil na mBan Na Gaeil

Gradaim an Mhéara

Bronnadh Gradam an Mhéara orthu seo a leanas i 2013:

- Anthony O'Gara
- Mary O'Brien
- Teddy Moynihan
- Tom McCormack
- Siamsa Tíre
- Tim McSwiney/Willie Moynihan

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Comhairle Baile Thrá Lí 2013

Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta

Is í aidhm lárnach an Roinn Tithíocht agus Tacaíocht Shóisialta ná "tús áite a thabhairt do chóiríocht oiriúnach a sholáthar dóibh siúd nach acmhainn dóibh a leithéid a sholáthar as a stuaim féin trí leas a bhaint as na roghanna éagsúla sóisialta. An stoc tithíochta a bhainistiú is a chothabháil agus forbairt pobal inmharthana a éascú".

Príomhtháscairí:

Áitribh ar Cíos ag Tionóntaí	1,187
Líon Iomlán Iarratasóirí Ceadaithe (Measúnú Aibreán 2013)	2,075
Iarratasóirí a fuair tithe trí fholúntais ócáideacha i 2013	26
Cíos Seachtaine ar an Meán	€45.50
Deisiúcháin Déanta ar Iarratas	788
Deisiucháin déanta roimis athligean	26
Aonaid fheabhsaithe trí bhearta feidhmiú fuinnimh	360

Measúnú Gá Tithíochta

Bhí dualgas ar an gComhairle faoi Alt 21 den Acht (Forálacha Ilchineálacha) Tithíochta 2009, achoimre a ullmhú i bhformáid áirithe faoi Bhealtaine 2013,ar an measúnú gá tithíochta a bhí déanta ina ceantar riaracháin.
Chuige sin tharla an obair seo go léir:

(a) Scrúdaíodh gach iarratas a bhí idir lámha lena chinntiú gur deineadh measúnú ceart orthu de réir na Rialachán um Mheasúnú Tithíocht Shóisialta
(b) Chuathas i dteagmháil le gach iarratasóir roimis Aibreán 2012 ag lorg eolas ar na dálaí ba dhéanaí acu lena chinntiú go raibh gá fós le tithíocht
(c) Scrúdaíodh na hiarratais a bhí curtha ar athló.

Ar an iomlán deineadh measúnú ar 2,306 iarratas agus cinntíodh 2,075 teaghlach a bhí cáilithe do thacaíocht um thithíocht shóisialta faoi dheireadh Aibreán 2013.

Measúnú Gá Tithíocht Shóisialta (Achoimre) – Aibreán 2013

		Líon Teaghlach
1	Measúnu teaghlach lena chinntiú go rabhthas i dteideal tacaíocht um thithíocht shóisialta	2,306
2	Líon teaghlach a chur isteach ar thacaíocht um thithíocht shóisialta ach nár deineadh aon mheasúnú fós orthu	98
3	Teaghlaigh nach raibh i dteideal tacaíocht um thithíocht shóisialta	109
4	Teaghlaigh atá i dteideal tithíocht shóisialta	2,075

5	Teaghlaigh a cuireadh ar fionraí ón liosta teaghlach cáilithe toisc gur dhiúltaíodar do dhá thairiscint ar chóiríocht laistigh de thréimhse 12 mí	5

Anuas ar na figiúirí anso thuas fuarthas ar an iomlán 311 iarratas nua i 2013.

An Scéim Cheannaigh Tionónta
Deireadh leis An Scéim Cheannaigh Tionónta 1995
Faoi Chiorclán na Roinne 19/12/2013 ní mór gach díolachán faoin scéim a chríochnú roimis an sprioclá sínithe 30 Meitheamh 2014 agus ní ghlacfar lena thuilleadh iarratas faoin scéim úd. Bac ar roinnt daoine a bheartódh ar cheannach is ea easpa creidmheasa mar atá faoi lathair.

Díoladh trí thigh i rith na bliana agus tá ceann eile fós idir lámha. Beidh €243,026 ar fad againn ó dhíolachán na gceithre n-aonad.

Daingneofar an t-ioncam ó cheannach tionónta chun feabhsúcháin tithíochta a chur i gcrích faoi réir cead ón RCPRÁ. Tá scéal againn ón Roinn go bhfuiltear ag obair ar Scéim Ghinearálta i dtreo Acht (Forálacha Ilchineálacha) Tithíochta a bhunóidh scéim nua cheannaigh tionónta do thithíocht údarás áitiúla atá cheana féin ann. Beifear ag súil le tuilleadh eolais faoi seo ar ball.

Scéim Caipitiúil:

Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta (SHIP)

Ag seo achoimre ar na hoibreacha a dhein Comhairle Baile Thrá Lí i 2013 faoin scéim Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta:

Clár Feidhmiú Fuinnimh 2013:
Lean an RCPRÁ de chlár feidhmiú fuinnimh a mhaoiniú i 2013 agus dáileadh €585,872 idir na ceithre údarás tithíochta. Go dtí seo ní fheadfaí ach baint le háitreabh a bhíodh á ndeisiú sula ligfí arís iad ach anois is féidir le tionóntaithe atá istigh cheana leas a baint as an scéim do theasdíonadh a aischóiriú is do bhearta eile feidhmiú fuinnimh.

Tá an Roinn Fuinnimh tar éis iarratais a lorg faoi Chlár Feidhmiú Fuinnimh trí airgead deontais maraon le hacmhainní eile Comhairle a daingníodh chuige sin. Ar an iomlán feabhsaíodh 360 aonad dár stoc tithíochta faoin dá chlár. Ar na hoibreacha déanta bhí teasdíonadh fallaí is díon, fuinneoga nua agus doirsí nua lasmuigh. Ar an gcuma san feabhsaíodh na tithe ar bhonn inmharthana ó thabh feidhmiú fuinnimh de agus spárálfar an-chuid airgid ar na tionóntaithe go fadtéarmach.

Forbairt Inlíonta Páirc Naomh Breandáin: (Maoiniú i bpáirt faoi SHIP agus faoi Athnuachan). Sa bhforbairt seo tógadh cúig chinn d'aonaid aonstór go speisialta chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta, ar 0.1a de thalamh díomhaoin laistigh d'Eastát Naomh Breandáin. Dáileadh na haonaid ar iarratasóirí ceadaithe scothaosta a bhi ar liosta na Comhairle Baile do thithe aon seomra leapan mí Meán Fómhair 2013.

Clár Athchóiriú Díonta – (24 aonad ar Ascaill an Mhistéalaigh, Bóthar an Mhistéalaigh agus Bailtíní Caoimhín de Barra). Tithe ó na 1930idí iad siúd

agus na díonta ceanna orhu ón gcéad lá. Fuarthas an-chuid gearán cothabhala maidir le braon anuas trí dhíon. Cinntíodh an gá le hathchóiriú nuair a deineadh teasdíonadh ar na háiléir mar chuid de bhearta um chaomhnú fuinnimh a tharla le déanaí ar na tithe.

Clár Athnuachana Pobal an Mhistéalaigh/An Bóthar Buí

Clár suntasach caipitiúil do Chomhairle Baile Thra Lí is ea Clár Athnuachana an Mhistéalaigh atá ar bun sa cheantar Corrán an Mhistéalaigh.

Tosaíodh/oibríodh ar na tionscnaimh seo a leanas le linn 2013:

Ionad Seirbhísí Comhtháithe an Mhistéalaigh:
Ó thus an Chláir Athnuachana tuigeadh go raibh gá le hionad ceart áitiúil chun seirbhísí a sholáthar, sin má bhíothas chun spiorad nua a bhreith istach sa cheantar athnuaite. Bhí tacaíocht againn ón gcéad lá ar bhonn leanúnachó FSS, Seirbhís Oideachais Chiarraí, Tionscamh Forbairt don Lucht Siúil, KCC, TCC, Forbairt Chiarraí Thuaidh & Thoir chomh maith le háisínteachtaí eile faoi scáth FSS agus NEKD. Foirgneamh ilthionónta mar a bhfuil spás oifige don chuid is mó is ea an tIonad. Bhí an tógaint agus plé le tionóntaithe molta nach mór déanta ag deireadh na bliana le súil go mbogfaí isteach mí Aibreáin 2014. Ag seo buntáistí an Tionscnaimh:

- Feabhas ar sholáthar seirbhísí áitiúla
- Seirbhísí comhtháite ar bhonn áitiúil
- Siombal soiléir den athrú laistigh den phobal
- Croílár a mheallfadh cuairteoirí isteach sa cheantar agus a cheanglódh an áit leis an bpobal lasmuigh.

Dearadh Cóiríocht don Lucht Siúil:
Bhí comhráití ag an gComhairle leis na teaghlaigh de chuid an lucht siúil atá fós sa cheantar Corrán an Mhistéalaigh/Bóthar an Mhistéalaigh i dtreo teacht ar réiteach faoi mholtaí maidir le cóiríocht a sholáthar agus faoina dtionchar siúd ar athfhorbairt an cheantair athnuachana. Cé gur caitheadh an-chuid ama leis an bplé úd, is í an aidhm atá leis go príomha ná gur cinneadh comhtháite a bheadh ann ar deireadh thiar agus tuairimí is taithí na dteaghlach den Lucht Siúil curtha go hiomlán san áireamh. Deineadh tréandícheall lena chinntiú go gcuirfidh an dearadh le deachaidreamh idir theaghlaigh. Ag deireadh na bliana bhí gach aon tuairim teaghlaigh curtha in iúl agus measta ag an nGrúpa Idiráisínteachta is ag an gComhairle. Faoi réir cead ón RCPRÁ, tá sé ar intinn an próiseas pleanála agus fála a chríochnú sa chéad leath de 2014 ionas go dtosnófaí ar an dtógaint sa dara leath den bhliain chéanna.

Síneadh agus Foirgintí nua ag Ardán Uirbeach
Don tionscnamh seo deinfear athnuachan ar Uimh. 28 Ardán Uirbeach agus forbrófar an suíomh inlíonta in aice láimhe, ní ródhheas an radharc iad faoi láthair is iad tréigthe le tamall. Tharla an próiseas pleanála agus ceadaíodh é ag cruinniú na Comhairle Baile mí Deireadh Fómhair 3013. Tá sé ar intinn tús a chur leis an dtógaint go luath san Athbhliain.

Tionscnaimh Shóisialta Pobail
Seo tionscnaimh de chuid an phobail áitiúla a chuirtear i gcrích trí scéim deontas beaga de chuid an RCPRÁ. Le linn 2013 tacaíodh le Grúpa Stair is Oidhreacht Chiarraí. An Tóstal, Club Dornálaíochta Thrá Lí, KDYS, an Tionscnamh Capall, Cumann Áitritheoirí Tobar Naofa, Fearas Lasmuigh agus Oiliúint Ríomhaireachta. Cuireann a leithéid de thionscnaimh go mór le háiseanna a fheabhsú agus le tionchar dearfach an cheantair athnuaite a chur chun cinn.

Bóithre & Iompar

I 2013 lean Comhairle Baile Thrá Lí den gclár uachtar bóithre agus feabhas ar chosáin trín mhaoiniú seo a leanas:
Blocdheontais: €410,000
Ár Stuaim Féin: €65,000

Ar na tionscnaimh a tharla i 2013 cuireadh uachtair ar:
Lána an Muileann Gaoithe, Bóthar na hEaglaise (Cathair Uí Mhóráin), Sráid na Trá, Lána an Déanaigh, Bóthar an Chillín agus feabhsaíodh na cosáin ar:

- Faiche na hEaglaise (Cathair Uí Mhóráin)
- Sráidbhaile An Mháinéar
- Ardán Mícheál Ó Floinn (Bóthar na Spá)
- Doire Liath
- Ráth Únáin
- Seanachill
- Cúirt an Fhuaráin
- Garrán na Fuinseoige
- Páirc Naomh Breandáin
- Bóthar An Chlais
- Bailtíní Ui Rathaille

Suiteáladh Ceansú Tráchta (Rampaí) ar Bóthar S.S. Mac Síthigh (3 Cinn), Cúil Fuine (2 Cinn), Bóthar Bhaile an Óraigh (1 Ceann amháin) agus ar Shráid Rae (1 Ceann amháin).

Trí Thobhaidh Fhorbartha:

- Sa Chlár leanúnach Soilsithe cuireadh 48 lóchrann ar bharr cuaillí agus soilsí nua ar Lóthar Canáin, Garrán na Fuinseoige, Ardán An Chluain Bheag
- Feabhsaíodh dromchlaí ar Lána na Beairice agus Lána Margadh an Bhainne
- Deineadh athfhorbairt ar Charrchlós Uí Ghairbhí

Glacadh mar Mhuirear
Glacadh na bóithre seo mar mhuirear i 2013:

- An Charraig Liath,
- Droichead Caisleán na Mainge
- Garrán Cluain Mór
- Ard na Sídhe
- Gort na Sídhe
- Cloch an Oighir
- Sunday's Well,
- Cúil Fuine

Meadú an ualaigh ar bhuiséad Cothabhála na Comhairle is ea gach aon bhóthar a ghlactar mar mhuirear.

Feabhas agus Caomhnú Comhshaoil

Bonn Óir fós ag Trá Lí

I 2013 bhain Trá Lí Bonn Óir arís don dara huair sa Chomórtas Bailte Slachtmhara. Ní haon áibhéil a rá gur tharla sé sin de bharr iarrachtaí comhtháite I dTreo Feabhas ar Thrá Lí, Tra Lí Slachtmhar agus an Údarás Aitiúil. Buadh boinn chréumha i 2005 is 2006, boinn airigd idir 2000-2011 agus bonn óir don chéad uair i 2012.

Tionscnaimh Chonláistí Chomhairle Baile Thrá Lí:
Lean Comhairle Baile Thrá Lí d'oibreacha conláistí ar bhogach Cuan Thrá Lí nuair a tógadh Clárchosán Bhogach mar rochtain iomlán ar limistéar an túir. Tosnaíodh leis ar mhórthionscnamh féarach agus cuireadh plandaí ar stráicí airithe.

Ar na hoibreacha eile bhi tús le Céim 1 Páirc Bhóthar Chaisleán na Mainge a bheidh mar shlí isteach go Slí Siúlóide Bhaile Ó Síoda.
Tharla móroibreacha athnuachana ar an Abhainn, tógadh easa a chuirfidh le hathnuachan na habhann agus a bheidh mar chosaint in aghaidh tuilte.
Tá slí siúlóide feadh an taobh thiar d'Fhaiche Lúthcleasa Reathaí Thrá Lí ó Bhóthar Spring go Faiche an Bhaile mar bhí géarghá le slí do choisithe ó Abhainn an Lí go dtí an Faiche.
Atógadh an dromchla agus áiseanna laistíos de ar Lána Margadh an Bhainne agus dromchla nua ar Lána na Beairice, oibreacha conláistí is comhshaoil ar spás oscailte Cahermoneen agus ar Shlí Siúlóide Sráid na Carraige-Cnoc an tSeabhaic.

Cumainn Aitritheoirí & Grúpaí Oibreacha Comhshaoil
Chabhraigh Comhairle Baile Thrá Lí trí ábhar, fearas agus saothar leis na grúpaí seo a leanas i 2013, Rathoraig, Ogham Rian, Bóthar an Spá, Sráid Hare, Ardán Chaisleán Morris, Bailtíní Caoimhín de Barra, Sráidbhaile An Mhainéar, Lóthar Canáin, Baile an Óraigh, Bruach na hAbhann, Tobar Naofa, Tionscnamh Gáirdíní Pobail, Ardán Uí Riada, Páirc Uí Chonghaile, Ráth Únáin agus Seanachill. Bímid ag iarraaidh go háirithe cabhru leo siúd a bhíonn gníomhach laistigh dá bpobal féin.

Crainn
I 2013 chuir Comhairle Baile Thrá Lí breis is míle crann agus chuir tús le clár mor cothabhála chun ár stoc crann a bhainistiú. Ba mhór an trua go gcaitheadh roinnt seanchrann suntasacha a bhaint d'fhaiche an bhaile toisc an fungas *Meripilus Giganteus* a bheith orthu.

Rialú Bruscair
Le linn 2013, is iad ar phatról, phléigh na maoir bhruscair le 488 airteagal a bhí dumpáilte trí chéile chomh maith le seacht bhfeithicil tréigthe. Fuarthas 158 Iarratas Freagartha, eisiodh 23 rabhadh agus 8 fíneáil.
Suiteáladh córas CCTV taifeadta ag an Ionad Beir Chuige i gCarrchlós Bóthar Matt, rud a chuir deireadh nach mór leis an dumpáil trí chéile ar an láthair úd.

Faiche an Bhaile
Ó 2005 i leith ba é Faiche an Bhaile i dTrá Lí a bhí mar chroílár Féile bhliantúil na mBláth. Féile í seo atá lonnaithe sa phobal chun *'Muintir Chiarraí'* a cheiliúradh agus dítítear ar bhuanna Bhaile Thrá Lí a chur chun cinn agus ar chonláisti Faiche an Bhaile.
Spreagann an tÚdarás Áitiúil é seo go léir agus téann na himeachtaí i dtreise ó bhliain go chéile, comhoibríonn daoine aonair, grupaí agus pobail ar bhonn saorálach chun ardú meanman i lár an tsamhraidh a thabhairt do Thrá Lí

Nocht Méara Thrá Lí, Pat Hussey, Falla Rolla Gradam na Gradam na Rósanna i bhFaiche an Bhaile agus ainmneacha na rósanna greanta air. Tharla sé seo mar chuid de Thóstal Rósanna a d'eagraigh Comhairle Baile Thrá Lí is é ina chomhartha buíochas dóibh siúd go léir a bhí páirteach ar feadh na mblianta.

Ghlac 1,701 Rós ó 70 Ionad ar fud an domhain páirt san ócáid idir 1959 agus 2012 agus foilsíodh leabhrán cuimhneacháin in onóir na hócáide. Ba é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar, a dhein an oscailt oifigiúil.

Seirbhísí Uisce

Tharla na tionscnaimh seo a leanas i 2013:

- Ardán An Chluain Bheag – príomhphíopaí nua PVC in ionad seanphíopaí luaidhe
- Bóthar na hEaglaise, Cathair Uí Mhóráin – príomhphíopa nua agus híodraint ón N86 go faiche CLG
- Bailtíní de Staic (58-74) – príomhphíopaí nua PVC in ionad seanphíopaí luaidhe
- Comhlaí nua chun Brú a Laghdú i sé chinn d'eastáit

Pleanáil & Forbairt

Iarratais Phleanála
Fuair Comhairle Baile Thrá Lí iomlán 71 iarratas pleanála le linn 2013, ní raibh ach 3 cinn (4.22%) díobh nach raibh bailí. Ba iad 81 iarratas agus 5 ceann (6.17%) nach raibh bailí an dá fhigiúr chéanna don bhliain 2012.

Mar seo a leanas an anailís ar chatagóirí na n-iarratas bailí a fuarthas i 2013.

Tithe Cónaithe agus Sínte san áireamh	19
Tráchtála	26
Coimeádta	12
Malairt Úsáide	5
Eile	9

Ar an iomlán deonaíodh 56 ceadúnú i 2013 agus diultaíodh do 6 cinn.

Achomhairc
Tá sé de cheart ag an iarratasóir nó ag éinne i measc an phobail (a dhein aighneacht bhailí maidir le hiarratas pleanála) achomharc a sheoladh chuig An Bord Pleanála i gcoinne cinneadh atá déanta ag an údarás áitiúil. Níor tharla aon achomharc chuig An Bord Pleanála i 2013. Dheimhnigh An Bord Pleanála cinneadh na Comhairle in aon chás a bhí idir lámha.

Forfheidhmiú Pleanála
Is é an ról atá ag forfheidhmiú pleanála ná forbairtí a deineadh gan chead a aithint len iad a scriosadh nó a thabhairt chun rialtachta chomh tapaidh agus is féidir trí chleachtais fhorfheidhmithe. Le linn 2013, fuarthas 31 gearán, d'eisigh Comhairle Baile Thrá Lí 30 litir rabhaidh agus 6 fógra forfheidhmithe as rialacha Pleanála a shárú.

Ranníocaíochtaí Forbartha
I 2013, ar an iomlán bailíodh €535,665.14 mar ranníocaíochtaí forbartha i gcomparáid le €316,329 i 2012.

Suímh Thréigthe
I 2013 tharla dul chun cinn éigin maidir le suímh Thréigthe i mbaile Thrá Lí. Ar an iomlán dhein úinéirí 13 áitreabh oibreacha i rith na bliana. Eisíodh 36 Fógra faoin Acht um Shuímh Thréigthe agus gearradh Tobhadh freisin ar 3 cinn.

Léirítear trí shuirbhéanna go gcaithfear leanúint den obair sa réimse úd.

Glacadh mar Mhuirear

Ghlac Comhairle Baile Thrá Lí le 6 eastát príobháideach mar mhuirear orthu féin i 2013.
Tá próiseas á dhéanamh faoi láthair ar 3 iarratas eile i dtreo iad a Ghlacadh mar Mhuirear i 2014.

Tuairisc Airgeadais

Caiteachas	**2013 €**	**2012 €**
Caiteachas Ioncam Reatha	20,957,223	20,691,340
Caiteachas Caipitiuil	6,797,533	6,389,776

Ráta Bliantúil Luachála	81.18	81.18

Príomhfhoinsí Ioncaim Reatha	**2013 €**
Rátaí	9.8 m
Deontais ón Státchiste/Aisíocaíochtaí	2.4 m
Cíos Tithíochta	2.8 m
Muirir Pháirceála	1.5 m
Uisce/Fuíolluisce	1.1 m
NPPR	0.7 m
An Músaem	0.2 m

Comhairle Baile Chill Airne

Reamhrá Méara Chill Airne

Cúis áthais dom gur iarradh orm cur le Tuarascáil Bhliantuil 2013 mar Mhéara deireanach Chomhairle Baile Chill Airne. Ábhar bróin a bhí ag Comhairlí Baile i mbliana nuair a chualathas go ndíobhfaí ar fad iad tar éis na dToghchán Áitiúla mí Bealtaine 2014. Cuir an Chomhairle Baile seo, is í roimhe sin ina Comhairle Ceantar Uirbeach, go mór fada le forbairt an bhaile i gcaitheamh na mblianta.

Bhí Chomhairle Baile Chill Airne gníomhach maidir le dhá ócáid don Tóstal a eagrú, rud a tharraing cuairteoirí i bhfad is i gcéin. Tharla Tóstal Cumann na gCiarraíoch mí Bealtaine 2013. Ansin mí Meán Fómhair bhí Tóstal eile dár mBailte is dár gCathracha Nasctha nuair a tháinig toscairí ó *Pleinfeld, St. Avertin* agus *Myrtle Beach* go Cill Airne.

D'éirigh go breá arís le Coiste Bailte Slachtmhara Chill Airne i mbliana. Ba iad a d'eagraigh an Glantachán Contae a tharla 13 Aibreán 2013 nuair a bhailigh 900 saoralach breis is 6,500 mála bruscair sa Chontae. Bhuaigh Cill Airne Bonn Óir arís don 13ú huair sa Chraobh Náisiúnta Bailte Slachtmhara, gradam contae is réigiúin agus sinn ar an mBaile Mór is Fearr in Éirinn, ní raibh ach aon mharc amháin idir sinne agus na buaiteoirí.

Bíonn Plean Móréigeandála ag gach baile mór sa chontae. Bítear ag súil i gcónaí nach mbeidh aon ghá len é a chur i bhfeidhm ach is mór an trua gur tharla sé go tubaisteach mí Iúil 2013. Tharla pléascadh gáis i lar an bhaile agus b'uafásach an rud é gur cailleadh fear gnó de chuid na háite. D'oibrigh foireann Chomhairle Baile Chill Airne go dlúth leis na seirbhísí éigeandála chun an obair riachtanach a dhéanamh lena chinntiú go raibh an ceantar slán sábháilte ina dhiaidh sin.

Mí Deireadh Fómhair bhí ríméad orm dealbh an Moinsíneoir Hugh O'Flaherty a nochtadh le linn an deireadh seachtaine a tionóladh ina onóir siúd. Tá an dealbh, deartha is tógtha ag Alan Hall Ryan, suite ar Bhóthar an Mhisiúin agus go deimhin tá sé an-oiriúnach mar chomóradh buan ar an Moinsíneoir ina bhaile dúchais.

Bíonn ár gcud coistí ag obair go ciúin dícheallach don chuid is mó, ag cur feabhas ar Chill Airne mar phobal trí Ealaíon Chill Airne, Rochtain Chill Airne, Nascadh Bailte agus Margaíocht Chill Airne, Teagmháil Drugaí Chill Airne, Spórt agus Fóillíocht Chill Airne agus Gradaim Chill Airne. Tá súil agam nach gcuirfidh díobhadh an Chomhairle Baile isteach ar an saothar úd a tharlaíonn chun leas cách i dtreo muintir Chill Airne mar phobal beo bríomhar.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil leis na Baill eile ar fad, le foireann Chomhairle Baile Chill Airne agus leis na dreamanna go léir a chomhoibrigh le chéile is leis an gComhairle Baile chun an baile a chur chun cinn i ngach aon slí.

An Comh Paddy Courtney
Méara Chill Airne

Tuairisc ón mBainisteoir Baile

Mar Bhainisteoir Baile Chill Airne, is mian liom buíochas a ghabháil le cách a shaothraigh go dian trí tionscnaimh is trí scéimeanna éagsula de chuid Comhairle Baile Chill Airne le linn 2013 chun feabhas a chur ar an mbaile seo Cill Airne.

Mar Chomhairle Baile, is fíor go mbímid ag obair i bpáirt le lucht gnó is le muintir an bhaile chun cúrsaí Chill Airne a fheabhsú. Ní de thimpiste a tharlaíonn feabhas ach de bharr daoine ar a ndícheall chun go mbeidh an áit ar na bailte is fearr in Éirinn.

Molaim go mór na hiarrachtaí agus lucht a ndéanta. Is léir go bhfuiltear bródúil as an bpobal is cách ag cinntiú go gcoimeádtar na hardchaighdeáin atá anois againn.

Glacaim leis an deis chomh maith saothar foireann na Comhairle seo againne a mholadh go hard. Bíonn siad ag obair i gcomhar le saorálaigh, pobail agus eagraíochtaí ar son leas baile Chill Airne agus ní féidir neamhní a dhéanamh den mhéid a bhíonn ar siúl acu.

Mar a luadh cheana fein, ábhar bróin is ea díobhadh na gComhairlí Baile. Ón mhéid aimsire atá caite agamsa mar Bhainsteoir Baile i gCill Airne agus in údaráis áitiúla eile i gCiarraí agus lasmuigh, tuigim gur mór is fiú Comhairle Baile a bhíonn go láidir dian dícheallach.

Is fíor a rá gurbh amhlaidh a bhí againne le blianta fada, a bhuíochas leis do chomhlachtaí eile a bhíonn ag cabhrú linn. Fianaise ar an bhfíric úd is ea an rath a bhí ar ár gcuid iarrachtaí i gcomórtais Bhailte Slachtmhara agus san *Entente Florale.* Rud eile atá mar thoradh ar an saothar luachmhar úd is ea líon na dturasóirí a thagann chugainn gan stad gach aon bhliain.

Beadsa féin ag obair ar mo dhícheall lena chinntiú go mbíonn Cill Airne chun tosaigh i gcónaí idir thionscal na turasóireachta agus freisin mar threoir is mar shampla iontach de phobal agus Comhairle ag obair ar scáth a chéile.

John Breen

Bainisteoir Baile Chill Airne

Baill Chomhairle Baile Chill Airne 2013

Comh. P. Courtney (Méara 2013-2014)	Comh. T. Doherty
Comh. M. Gleeson (Leas-Mhéara 2013-2014)	Comh. N. O'Callaghan
Comh. S. Counihan	Comh. J. O'Donoghue
Comh. D. Grady	Comh. C. Walshe
Comh. S. O'Grady	

Baill Comhlachtaí eile 2013

Grúpa	**Ionadaithe**
Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí	Comh. Sean O'Grady An tAth. Kieran O'Brien
Cumann Údarás Áitiúla Éireann	Comh. Sean Counihan Comh. Sean O'Grady
Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo	Comh. Sean O'Grady
Meitheal Chill Airne	Comh. Paddy Courtney Comh. Tom Doherty Comh. Donal Grady Comh. Niall O'Callaghan
Coiste na nGradam	Comh. Sean Counihan Comh. Paddy Courtney Comh. Tom Doherty Comh. Cathal Walshe
Coiste Bailte Slachtmhara	Comh. Sean Counihan Comh. Paddy Courtney Comh. Tom Doherty Comh. Donal Grady Comh. Niall O'Callaghan Comh. John O'Donoghue Sheila Casey Uas. Sheila Dickson Uas. An tUas. Tony Kenny An tUas. Brian O'Leary
Fochoiste um Cheisteanna Míchumais	Comh. Sean O'Grady Comh. Tom Doherty

Stiúrthóir Comhar Forbartha Chiarraí Theas Teo	Comh. Donal Grady
Coiste Teagmhála Páirc Náisiúnta Chill Airne	Brian O'Leary
Stiúrthóir Nuáil Theicneolaíocht Chill Airne	Comh. Sean Counihan
Meitheal Locha Léin	Comh. Sean O'Grady
Coiste Teagmhála Drugaí Chill Airne	Comh. Sean O'Grady Comh. Donal Grady Comh. Tom Doherty Comh. Cathal Walshe
Coiste Ealaíon	Comh. Sean O'Grady Comh. John O'Donoghue
Coistí Polasaí Straitéiseach	Comh. C. Walshe (CPS Geilleagar, Pleanáil & Forbairt) Comh. S. O'Grady (CPS Tithíochta)
Comhar Spórt & Fóillíochta Chiarraí	Comh. S. Counihan
Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil	Comh. D. Grady
Comhchoiste Póilíneachta	Comh. S. Counihan Comh. P. Courtney Comh. T. Doherty Comh. M. Gleeson Comh. D. Grady Comh. N. O'Callaghan Comh. J. O'Donoghue Comh. S. O'Grady Comh. C. Walshe Seanadóir T. Sheahan Seanadóir P. Coghlan Seanadóir M. Daly

Fochoiste Tionsclaíoch	Comh. Sean Counihan Comh. Tom Doherty Comh. Donal Grady Comh. Sean O'Grady Comh. John O'Donoghue An tUas. Brian O'Leary

Fáiltithe Cathartha

Dáta	Faighteoir	Ionad
01/02/2013	Club Seathras Soirbhíoch Cill Airne ar ócáid a gcothrom 50 Bliain	Seomra na Comhairle
11/02/2013	Cór Ardeaglais Naomh Mhuire, Cill Airne a bhuaigh Comórtas Náisiúnta Cór na Bliana	Seomra na Comhairle
18/02/2013	Jimmy & Kay Fleming mar aitheantas don bhaint a bhí acu le breis is 25 bliana le Ceolchoirmeacha M.S. ag Crosaire an Mhargaidh	Seomra na Comhairle
17/05/2013	Grúpa Parkinson's Chiarraí Theas ar son a bhfuil déanta acu mar shaothar iontach le 10 mbliana anuas	Seomra na Comhairle
27/07/2013	Club Rámhaíochta Oxford & Cambridge a tháinig go Cill Airne don bhFéile Rámhaíochta	Ostán Lake, Cill Airne
08/11/2013	Pobal Bhaile Uí Spealláin a bhuaigh an Comórtas Mórtas Ceantair 2012	Seomra na Comhairle

Fáiltiú Cathartha

Dáta	Faighteoir	Ionad
01/07/2013	Maureen Ficken-Shank ar son a bhfuil déanta aici chun cur le turasóireacht i gCill Airne	Seomra na Comhairle

Gradaim an Mhéara

Tionóladh Gradaim an Mhéara 20 Meitheamh 2013 san Óstán Plaza Cill Airne.

Eileen Switzer	ar son a bhfuil déanta aici le blianta fada do chúrsaí spóirt is dá tiomantas don ógra trí Thuismitheoirí is Cairde Chiarraí
Tomas Kelliher	a bhronn duán ar a dheartháir
Siobhan Lenihan	a bhí bainteach leis an scéim défhibrilitheora i gCill Airne
Sean Moynihan	a bhí ina Bhainisteoir ar an bhFoireann Shóisear a bhuaigh Craobh na hÉireann 2012.
Mary Murphy	ar son a bhfuil déanta aici don Ealaíon i gCill Airne
Donal Hickey	ar son a bhfuil déanta aige san iriseoireacht le tríocha bliain
Aoife Cooper	a bhuaigh bonn airgid don Rámhaíocht i gCraobh na hEorpa
Kevin Griffin	a d'imigh go dtí an Aifric mar shaorálach chun tithe a thógaint
Kay O'Donoghue	as ucht a saol a chaitheamh ag tabhairt aire dá mac
Mary Lyne	ar son a bhfuil déanta aici don óige trí Cheilteach Cill Airne
Ann Casey	as aire a thabhairt do Philip is do Robin Guiton tar éis bás a dtuismitheoirí
Jemma Walsh	as a gníomh cróga nuair a shábháil sí a seanmháthair ón mbás
Eddie Sheedy	ar son a bhfuil déanta aige i Kenya le 10 bliana anuas
Brendan Heffernan	ar son a bhfuil déanta aige leis an gClub Rámhaíochta Lucht Oibre le blianta fada agus freisin as obair charthanachta idir dhaoine aonair agus eagraíochtaí éagsúla
Acadamh Ealaíon Mhíleata Chill Airne	a chuir Ealaíon Mhíleata chun cinn is 420 craobh buaite acu ó 2010 i leith. Ghlac Padraig O'Sullivan Darcy leis an nGradam.
Michael O'Shea	ar son a chuid oibre le Bóthar

Anne Nagle	ar son a bhfuil déanta aici don óige go háirithe is í ina Cathaoirleach ar ar gClub Gan Ainm
Cormac Foley	as a bheith díograiseach tiomanta don Bhaile Slachtmhar le blianta
Kathleen Foley	as a bheith díograiseach tiomanta don Bhaile Slachtmhar le blianta
Donal Mangan	as a bheith díograiseach tiomanta don Bhaile Slachtmhar le blianta
Gerard O'Sullivan	as a bheith díograiseach tiomanta don Bhaile Slachtmhar le blianta
Pat Lenihan	as a bheith díograiseach tiomanta don Bhaile Slachtmhar le blianta
John Kiely	ar son a bhfuil déanta aige le blianta fada do chúrsaí spóirt is saorálaigh i gCill Airne
Nancy Hegarty	as a bheith díograiseach tiomanta do lucht scothaosta idir Náisiúnta agus Áitiúil
Coiste Tigh *Pieta* i gCill Airne	as saothar is tacaíocht do Thigh *Pieta* is go háirithe as an siúlóid ón nDoircheacht go Solas ***Siúlóid Nathan*** a eagrú
Dr Alan Mee	a bhí bainteach leis an Iolar Mara a bhreith thar n-ais go Cill Airne agus a chinntigh gur éirigh leis an bhfeachtas le blianta.

Comhdhálacha/Seimineáir ag a raibh Baill i 2013

Comhdháil/Seimineár	**Láthair**	**Líon**
Comhdháil Turasóireachta an Chláir	Óstán Falls, Inis Díomáin, Co an Chláir	**2**
Seimineár Earraigh AMAI	Óstán Brandon House, Ros Mhic Thriún, Co. Loch Garman	**3**
Seimineár Earraigh LAMA 2013	Óstán Ashdown Park, Guaire, Co. Loch Garman	**1**
101u Comhdháil Bhliantúil AMAI 2013	Óstán Inchydoney Lodge & Spa, Cloch na Coillte, Corcaigh	**2**

Tuairisc ar Ghaiscí Chomhairle Baile Chill Airne 2013

Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta

Faoi dheireadh na bliana 2013, bhí 1099 iarratasóir cáilithe ar an liosta Tithíochta. Bhí 43 iarratas eile fós á meas.

• Stoc Tithíochta 31/12/13 315
• Dáileadh Tithíochta 2013 3

Scéim Cheannach Tionónta :

• 0 Iarratas faighte

Oibreacha Teasdíonta/Feidhmiú Fuinnimh:

Deineadh oibreacha Teasdíonadh/Feidhmiú Fuinnimh ar 59 Áitreabh

Eastát Bhaile Uí Spealláin 44 Áitreabh
Eastát Bhéal Átha Druibín 15 Áitreabh

Deineadh oibreacha teasdíonta leis ar 31 áitreabh in eastáit éagsúla faoin gClár Ceantar SEAI 2013.

Fála Tithíochta - Neamhní

Cóiríocht Éigeandála

Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú do 10 leaba éigeandála i Cill Airne. Cuireadh an cóir úd ar 45 duine le linn 2013.

Cheannaigh an Cumann Tithíochta Clúid áitreabh i gCill Airne go speisialta chun brú speisalta fhorbairt ach ní bhfuarthas fós aon mhaoiniú chuige sin.

Bóithre, Iompar & Sábháilteacht

Tá 50.67 Cm bóithre uirbeacha i gceantar riaracháin Chomhairle Baile Chill Airne idir shráideanna, eastáit tithíochta, seachbhóithre agus lánaí. Le linn 2013 chuir Comhairle Baile Chill Airne uachtar ar bhóithre is ar chosáin mar a leanas:

- Seachród Woodlands – Dromchla nua
- Bóthar An Ros ag Wishing Well –
- Bóthar Nua – Dromchla nua chomh maith le córas aon treo uaireannta scoile
- Bóthar An Cheapach ag Baile Uí Chaisín – Dromchla nua chomh maith le Draein Stoirme
- Gabhal Bóthar Nua is Bóthar na Carraige
- Athailíniú gabhal Bóthar na Nead/ Baile Uí Chaisín
- Bóthar Ascaill Thoir – feabhsaíodh na cosáin feadh an bhóthair seo

Tionscnaimh Speisialta

- Dealbh i gcuimhne ar laoch Éireannach de chuid an Dara Chogadh Domhanda, an Moinsíneoir Hugh O'Flaherty, ar a dtugtaí '*Scarlet Pimpernel* na Vatacáine' maraon le suíocháin agus gairneoireacht tírdhreach ag gabhal Bóthar na Fáibhile agus Bóthar an Mhisin (i bpáirt le Coiste Cuimhneachán an Moinsíneoir O'Flaherty)
- Leithris Phoibli a sholáthar do Chlós Súgartha Chnoc
- Uasghradú fuinnimh ar thithe Údarás Áitiúla i mBaile Uí Spealláin agus Béal Átha Druibín, i bpáirt le SEAI agus Comhairle Contae Chiarraí

Seirbhísí Uisce

Leagadh píopa stoirme agus Príomhphíopa Uisce ag Baile Uí Chaisín

Pleanáil

Líon iarratas bailí a fuarthas – 92
Líon cinntí pleanála eisithe – 89
Líon iarratas ceadaithe – 87
Líon iarratas diúltaithe – 2

Forfheidhmiú Pleanála

Ar an iomlán fuarthas 17 gearán nua (16 díobh scríofa/inmheánach agus1 ceann amháin ó bhéal). Deineadh próiseáil agus imscrúdú orthusan i rith na bliana 2013 maraon le comhaid eile a bhí fós faoi chaibidil.

I rith 2013 d'eisigh an tÚdarás Pleanála 7 Litir Rabhaidh agus 8 Fógra Forfheidhmithe.

Comhshaol

Bailte Slachtmhara

D'éirigh thar barr le Cill Airne arís i 2013 sa Chomórtas Bailte Slachtmhara. An uair seo ní raibh ach aon mharc amháin idir sinne agus buaiteoirí Chraobh na hÉireann. Ag an Searmanas Gradam san Helix, Baile Átha Cliath bhain Cill Airne Bonn Óir don 13ú bliain as a chéile, an Gradam Réigiúnach agus an Gradam Bailte Móra.

Dreach Breá ar Chill Airne 2013

Ón tus agus é seolta mí Eanáir d'éirigh go hiontach leis an gComórtas Dreach Breá ar Chill Airne agus an bhéim ar shaorálaíocht. Bhi rogha an-mhaith is thart ar 20 catagóir idir áitribh móra tráchtála, tithe príobháideacha agus a bhfuil eatarthu. Tá an comórtas úd ag dul i dtreise in aghaidh na bliana agus bhí líon ollmhór iontrálacha againn i mbliana.

Seirbhis Bhruscair

Lean Comhairle Baile Chill Airne le linn 2013 dá Seirbhís Bhailiúchán Bruscair, seirbhís atá scartha idir trí cinn de bhailiúcháin d'ábhair éagsúla. I 2013 deineadh athchúrsáil ar 45 % fuílleach dramhaíola ó na 1929 custaiméir tí atá againn agus ó 95 custaiméir tráchtála.

Fóillíocht, Conláistí & Forbairt Turasóireachta

Ealaíon Chill Airne

Lean Coiste Ealaíon Chill Airne den saothar le linn 2013 a spreagann Ealaíon i gCill Airne. I rith an tsamhraidh eagraíodh 'Spraoi Chiarraí' a tharla i Lóiste An Dianaigh agus in Eaglais na hÉireann Naomh Muire. Chuir scata maith isteach ar Sparántacht Ealaíon Eamon Kelly don Bhreisoideachas sna hEalaíona agus i mbliana bronnadh é sin ar Ray O'Sullivan agus ar Sean Daly. D'eagraigh an grúpa tráthnóntaí scéalaíochta i gcaiféanna áitiúla. D'eirgh go breá leo is baineadh ardtaitneamh astu.

An Tóstal

Tharla Tóstal Domhanda Cumann na gCiarraíoch mí Bealtaine 2013. Chuir Bál an Mhéara tús le seachtain imeachtaí mar sheimineár faoin ábhar 'Tacaíocht'. Bhí ceol á sheimint ar na sráideanna, comórtas galf agus Féile na Bealtaine de chuid Rásaí Chill Airne. Bhí rath iontach ar an bhfeile ó thús deireadh.

Coise Nascadh Bailte & Margaíochta

Lean anCoiste Nascadh Bailte agus Margaíochta de chuid Comhairle Baile Chill Airne dá gcuid iarrachtaí chun Cill Airne a chur chun cinn ar fud an domhain. D'imigh toscaireachtaí ó Chill Airne go dtí an tSualann agus *Alcorcon.*

Mí Meán Fómhair 2013, bhí Tóstal againn dár mBailte is dár gCathracha Nasctha nuair a tháinig toscairí ó *Pleinfeld, St. Avertin* agus *Myrtle Beach* go Cill Airne. Bhí rath iontach ar an seachtain ó thús deireadh agus bhain lucht na mBailte is Cathracha Nasctha an-sult ar fad as na himeachtaí.

Le linn na seachtaine díríodh ar chaidreamh idir na bailte is na cathracha agus ar aithne a chur ar a chéile. Pléadh cúrsaí staire agus cultúrtha na dtíortha éagsúla agus tá súil againn go mairfidh an teangabháil amach anso is go mbunófar nasc buan eatarthu.

Comhairle Baile Chill Airne – Ráiteas Airgeadais

		2012	2013
Caiteachas	Ioncam	13,840,360	14,305,252
	Caipitil	753,484	3,657,290

Ioncam	Ioncam	14,015,360	14,402,455
	Caipitil	1,016,393	4,327,067

Ráta Bliantúil Luachála	€70.37	€70.37

Príomhfhoinsí Ioncam Reatha 2013	**%**	**€**
Rátai Tráchtála	54.4%	7,833,809
Ciste Rialtais Aitiúil	8.7%	1,251,767
Muirir Sheirbhísí	12.2%	1,759,912
Muirir/Fíneálta Páirceála	7.5%	1,086,521
Ioncam Ilchineálach – Earraí & Seirbhísí	7.8%	1,122,161
Cíos Tithíochta	4.3%	624,190
NPPR	3.8%	548,720
Deontais & Fóirdheontais Stáit	1.2%	175,375

Ionad Spórt & Fóillíochta Chill Airne

Ní mar a chéile don rath a bhí orainn ag amanna difriúla i gcaitheamh na bliana 2013. Ar dtús mhéadaigh ar an mBallraíocht, ar an líon scoileanna agus ar na Cóisre Breithlá. Le brothall an tsamhraidh, áfach, ba léir go raibh an pobal ar fad lasmuigh agus chuaigh an gnó i léig, go háirithe maidir le Campaí do Leanaí. Bhíothas gnóthach go leor um thráthnóna agus spreag líon na dtubaistí snámha a tharla mórán daoine le clárú do cheachtanna snámha.

Ar na himeachtai a reachtáladh bhí:

- *Heels on Wheels* agus *Blokes on Spokes* i gcomhar le Comhar Spórt agus Fóillíochta Chiarraí – daoine nua a spreagadh le dul ag rothaíocht
- Comórtas don Chaillteoir Meáchan is mó agus dhá dúshlán sé seachtaine um ghúna níos lú
- Triatlón laistigh do chách
- Comórtas fear láidir i mórán disciplín
- Céim den *Tour de France*, dúshlán míosa
- Lá um sheiceáil sláinte mí Lunasa do chách
- Pacáistí Cóisirí Breithlá

Bhí méadú ar an líon dreamanna a tháinig chugainn i mbliana agus d'fhailtíomar roimis Comórtais Badmantain na Mumhan, Comórtais Chispheile do Scoileanna is do Cheantar, Comórtas Iomrascála, Comórtas Sacar Reibiliúnaithe na Ríochta agus *Zorbing*, Liathróid Urláir, Comórtais Ceantar KDYS, na hOilimpeacha Speisialta, , Comórtais agus Grádú *Taekwondo*, Ranganna agus Comórtais Aikido, Oiliúint CLG, Trialacha Foireann Chiarraí CLG, Ranganna Snámha do Chách, *Zumba*, Ranganna Bailé, Ranganna Aiclíochta TRX, *Monkeynastix, Yoga, Yoga* Te*,* Rince Gaelach, *Unislim,* Cloig Tiompán, Naíonáin Uisce, Oiliúint Mháistreacht Triatlón, Tarrtháil agus *Pilates*. Beireann an méid sin go léir an-chuid ioncam chugainn idir an Halla, an Linn agus an Stiúideo.

